# Athbhreithniú Dul Chun Cinn Meántéarmach ar an bPlean Rochtana Náisiúnta

(2022-2028)

An Tollamh Stella Jones-Devitt & An Dr Antony Aleksiev

Applied Inspiration International Ltd.

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
Department of Further and Higher Education, Research, Innovation and Science

HEA
An tÚdarás um Ard-Oideachas
The Higher Education Authority



# Clár Ábhar


Brollach 2

Réamhrá 4

Liosta Acrainmneacha 6

Nóta maidir le húsáid teanga 7

Nóta maidir le hathruithe ar theidil na ranna agus na n-eagraíochtaí is geallsealbhóirí 7

Rannán 1: Cúlra agus Comhthéacs 9

1.1 An Plean Rochtana Náisiúnta: Plean Gníomhaíochta Straitéiseach um Chothromas Rochtana, Rannpháirtíocht agus Rath san Ardoideachas, 2022-2028 9

1.2 An Timpeallacht Ardoideachais tar éis phaindéim COVID-19 10

1.3 Struchtúir Cur Chun Feidhme 12

1.4 Téarmaí Tagartha don Athbhreithniú Dul Chun Cinn Meántéarmach seo 12

Rannán 2: Struchtúr agus Modheolaíocht na Tuarascála 13

2.1 Struchtúr na Tuarascála 14

2.2 Modheolaíocht 14

Rannán 3: Fionnachtana Ardleibhéil 16

3.1 Forbhreathnú 17

3.2 Príomhéachtaí 18

3.3 Príomhdhúshláin 22

Rannán 4: Príomhtháscairí Feidhmíochta agus Spriocanna Náisiúnta 26

4.1 Réamhrá 27

4.2 Sonraí maidir le Príomhtháscairí Feidhmíochta 28

4.3 Dul chun cinn i ndáil le Spriocanna Náisiúnta 35

4.4 Tráchtaireacht ar shonraí 35

Rannán 5: Moltaí an Athbhreithnithe Dul Chun Cinn 38

Rannán 6: Plean Cur Chun Feidhme a eascraíonn as an Athbhreithniú Dul Chun Cinn Meántéarmach 43

Aguisín 47

Aguisín 1: Léarscáil na Teoirice Athraithe (ToC) 48

Aguisín 2: Dul chun cinn ar fud Spriocanna, Chuspóirí agus Phríomhghníomhartha an Phlean Rochtana Náisiúnta 51



# Brollach

**James Lawless**

Brollach ón Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

Tá tacú le hionchuimsiú agus le héagsúlacht sa chóras ardoideachais ina thosaíocht bhunaithe beartais atá ag an Rialtas agus ag an Roinn. Léirítear é sin sa díriú fairsing a leagtar sa Phlean Rochtana Náisiúnta reatha thar an bpointe ligin isteach chuig an ardoideachas chuig rannpháirtíocht agus rath mac léinn na gcohórt atá faoi mhíbhuntáiste.

Is Plean uaillmhianach é seo, agus cuid bhunriachtanach den phróiseas athbhreithniúcháin is ea machnamh a dhéanamh ar na dúshláin a bhfuil tionchar acu ar chur chun feidhme an Phlean agus bearta cuí a shainaithint chun aghaidh a thabhairt orthu sin agus chun iad a shárú. Mar sin féin, tá sé chomh tábhachtach céanna i gcomhthéacs Plean atá chomh huaillmhianach sin go ndéanfaimis an dul chun cinn suntasach a rinneadh go dtí seo a cheiliúradh freisin agus go ndéanfaimis breithniú ar conas is féidir tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar na héachtaí sin.

Ó fhoilsiú an Phlean Rochtana Náisiúnta i leith, tá infheistíocht mhéadaithe déanta i dtacaíochtaí spriocdhírithe do na mic léinn is mó atá faoi mhíbhuntáiste. Leathnaíodh an Scéim Deontas Mac Léinn go mór, agus tá an Scéim Táillí Páirtaimseartha a tugadh isteach sa bhliain 2024 ag éascú níos mó solúbthachta i soláthar agus i dtacaíochtaí mac léinn do na foghlaimeoirí is mó atá faoi mhíbhuntáiste. Tá méaduithe i ndiaidh a chéile tagtha freisin ar an gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn chun tacaíocht a thabhairt do mhic léinn nuair a bhíonn an gá is mó acu léi.

Lean an Clár um Rochtain ar Ardoideachas (PATH) de bheith ina thoisc thábhachtach taobh thiar den dul chun cinn ar chur chun feidhme an Phlean Rochtana Náisiúnta. Ag tógáil ar fhianaise sheanbhunaithe ar a dtionchar suntasach maidir le dul chun cinn a dhéanamh ar na huaillmhianta sa Phlean Rochtana Náisiúnta, deimhníodh cistiú inbhuanaithe do PATH 1 agus do PATH 3 sa bhliain 2025. Leis an ngarsprioc shuntasach sin, beidh institiúidí ardoideachais in ann cineálacha straitéiseacha níos fadtéarmaí cur chuige a ghlacadh i leith tacú le rochtain, rannpháirtíocht agus rath mac léinn na gcohórt is mó atá faoi mhíbhuntáiste inár bpobail.


Cuirtear fáilte roimh na méaduithe dearfacha ar an gcéatadán d’iontrálaithe nua a bhfuil míchumas orthu, agus baineadh amach ag an gcéim mheántéarmach an sprioc 16% thar thréimhse feidhme an Phlean Rochtana Náisiúnta. San uaillmhian laistigh den Phlean seo go mbeadh ‘timpeallachtaí ardoideachais atá cuimsitheach agus deartha go huilíoch’ ann, aithnítear na dúshláin a bhaineann le freagairt don mhéadú sin ar an éagsúlacht, ar

méadú é a bhfuil fáilte roimhe, agus tá €6m, beagnach, infheistithe ag an Rialtas chun tacú le Dearadh Uilíoch a chur chun feidhme sa chóras ardoideachais faoi Chéim 1 de PATH 4 ón mbliain 2022 i leith.

Is grúpa tosaíochta den chéad uair riamh sa Phlean Rochtana Náisiúnta seo iad mic léinn a bhfuil míchumas intleachta orthu, agus tá 193 mhac léinn a bhfuil míchumas intleachta orthu rollaithe ar chláir san 11 institiúid ardoideachais atá againn. Is forbairt shuntasach í sin faoin bPlean Rochtana Náisiúnta.

Tá na rátaí rannpháirtíochta do roinnt grúpaí tosaíochta fós ró-íseal, áfach, lena n-áirítear iontrálaithe nua lánfhásta ó limistéir faoi mhíbhuntáiste. Ina theannta sin, tá an ráta d'iontrálaithe nua ón Lucht Siúil ag an gcéim lár téarma níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis, cé go bhfuil fás comhsheasmhach ann. Cé go mbeidh sé dúshlánach na spriocanna faoi seach a bhaint amach le linn tréimhse ina bhfuil geilleagar lánfhostaíochta agus dúshláin leanúnacha costais maireachtála, athdhearbhaítear san Athbhreithniú seo tiomantas an Rialtais do na huaillmhianta sa Phlean a chomhlíonadh agus do thacú le tuilleadh iarrachtaí dírithe sa dara céim de chur chun feidhme an Phlean Rochtana Náisiúnta.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Ollamh Stella Jones-Devitt agus leis an Dr Antony Alexiev ó Applied Inspiration Ltd as tabhairt faoin athbhreithniú neamhspleách seo. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le Sinéad Lynch agus le Seán MacDermott, na comhairleoirí mac léinn a stiúir na comhairliúcháin mac léinn agus a chuir go mór leis an athbhreithniú seo. Gabhaim buíochas freisin leis an ÚAO, a choimisiúnaigh an próiseas athbhreithniúcháin agus a thacaigh leis, agus leis na geallsealbhóirí go léir a chuir a gcuid saineolais agus léargas ar fáil go fíorfhlaithiúil. Léirítear san Athbhreithniú seo an dul chun cinn suntasach atá déanta go dtí seo agus, trí obair le chéile i gcomhpháirt, tá rún daingean agam leanúint den obair chun córas ardoideachais a bhaint amach atá éagsúil, ionchuimsitheach agus freagrúil do riachtanais na mac léinn agus do riachtanais ár bpobal i gcoitinne.



# Réamhrá

**Dr Alan Wall**
Príomhfheidhmeannach,
An tÚdarás um Ard-Oideachas

Ó uair a bhunaithe sa bhliain 1971 i leith, tá an ÚAO ag tacú le comhionannas deiseanna a bhaint amach san ardoideachas. Maidir le ról lárnach an ÚAO i ndáil le cothromas rochtana, rannpháirtíocht agus rath na mac léinn san ardoideachas a chur chun cinn, cumhdaíodh é tuilleadh san athchóiriú a rinneadh ar reachtaíocht bunaithe an ÚAO tamaillín tar éis fhoilsiú an Phlean Rochtana Náisiúnta (NAP) seo sa bhliain 2022.

Tháinig an ceathrú plean rochtana náisiúnta seo chun cinn i ndiaidh tréimhse ina raibh suaitheadh domhanda gan fasach. Agus machnamh á dhéanamh ar an dul chun cinn i gcomparáid lena spriocanna, tá sé tábhachtach breithniú a dhéanamh ar thionchar leanúnach phaindéim COVID-19 agus ar na dúshláin mhéadaithe costais maireachtála a tháinig ina diaidh.

Tá athléimneacht as cuimse léirithe ag an gcóras ardoideachais, agus tá an líon mac léinn ag leanúint de bheith ag fás agus ag éagsúlú. Sa bhliain 2024/25, bhí 48,845 iontrálaí nua lánaimseartha ann san ardoideachas, i gcomparáid le 41,580 iontrálaí nua lánaimseartha sa bhliain 2019/20, agus, mar a luaitear san Athbhreithniú Dul Chun Cinn Meántéarmach seo, tá méaduithe tagtha ar éagsúlacht an phobail mac léinn ardoideachais sa tréimhse sin.

Cé go raibh an dul chun cinn ar roinnt de na spriocanna náisiúnta níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis, leagtar béim san Athbhreithniú ar na héachtaí suntasacha atá bainte amach ag ár n-institiúidí ardoideachais maidir le bearta solúbtha, nuálacha agus freagrúla a fhorbairt chun tacú le mic léinn atá faoi mhíbhuntáiste. Tá tacaíocht á tabhairt do na hidirghabhálacha spriocdhírithe fianaisebhunaithe sin trí infheistíocht mhéadaithe ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear an leagan leathnaithe den Chlár um Rochtain ar Ardoideachas (PATH), agus spreagfar leo sin tuilleadh dul chun cinn ar uaillmhianta an Phlean Náisiúnta Rochtana a chomhlíonadh sa dara céim dá chur chun feidhme.

Aithnítear sa Phlean Rochtana Náisiúnta go bhfuil Dearadh Uilíoch mar bhonn lenár bhfreagairt d'éagsúlacht a bhíonn ag méadú sa chóras ardoideachais, agus luaitear san Athbhreithniú an dul chun cinn suntasach atá déanta ag institiúidí ardoideachais maidir le hacmhainneacht a fhothú agus maidir le dul chun cinn a dhéanamh ar chineálacha cur chuige institiúide uile i leith chur chun feidhme an Deartha Uilíoch le tacaíocht ó PATH 4. Tiomantas marthanach agus ceannaireacht mharthanach na n-institiúidí ardoideachais, atá ag brú an dul chun cinn chun cinn go dtí seo, beidh siad ina gcuid riachtanach de chur chun feidhme comhleanúnach comhtháite an Deartha Uilíoch a bhaint amach ar fud an chórais.

Príomhéacht faoin sprioc fhianaisebhunaithe sa Phlean Rochtana Náisiúnta is ea cur i gcrích an dara Plean Sonraí Rochtana sa bhliain 2025. Leagtar amach ann treochlár chun feabhas a chur ar cháilíocht agus leithead na sonraí maidir le cothromas rochtana agus rannpháirtíocht, agus tá cur chun feidhme leanúnach a mholtaí ag tacú le bonn fianaise níos láidre chun bonn eolais a chur faoi chuspóirí beartais amach anseo.

Táim buíoch de bhaill foirne agus mic léinn ár n-institiúidí ardoideachais, agus de na geallsealbhóirí agus na comhpháirtithe níos leithne a chuir a gcuid saineolais agus taithí ar fáil don Athbhreithniú seo. Gabhaim buíochas leis an Ollamh Stella Jones-Devitt agus leis an Dr Antony Alexiev ó Applied Inspiration Ltd, a stiúir an tAthbhreithniú neamhspleách seo le tacaíocht ó na comhairleoirí mac léinn, mar atá Sinéad Lynch agus Seán MacDermott.

Buntaca leis na héachtaí a baineadh amach go dtí seo is ea an cultúr comhoibrithe atá leabaithe ar fud an chórais ardoideachais, mar aon leis na comhpháirtíochtaí a cothaíodh agus a neartaíodh le geallsealbhóirí pobail agus réigiúnacha. Beidh an comhoibriú seo atá dírithe ar mhic léinn ina chuid thábhachtach de chur chun feidhme na moltaí laistigh den tuarascáil seo a threorú agus de na spriocanna uaillmhianacha laistigh den Phlean Rochtana Náisiúnta go 2028 a bhaint amach.

# Liosta Acrainmneacha

AMLÉ: Aontas na Mac Léinn

CAO: An Lár-Oifig Iontrála

CSO: An Phríomh-Oifig Staidrimh

DARE: Bealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas

RLMC: An Roinn Leanaí, Comhionannais agus Míchumais

DEIS: Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna

RBATNE: An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

DIS: Scóir Innéacs Díothachta

ROÓ: An Roinn Oideachais agus Óige

RFTPG: An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta

EAS: An Suirbhé ar Rochtain Chothrom

CSE: Ciste Sóisialta na hEorpa

ESRI: An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta

FE/FET: Breisoideachas/Breisoideachas agus Oiliúint

FSD: Ciste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas

IS Giniúnach: Intleacht Shaorga Ghiniúnach

HCI: An Tionscnamh Caipitil Dhaonna

An ÚAO: An tÚdarás um Ard-Oideachas

HEI: Institiúid Ardoideachais

OTM: Oideachas Tosaigh Múinteoirí

IUA: Cumann Ollscoileanna Éireann

PTF: Príomhtháscaire Feidhmíochta

NAP: An Plean Rochtana Náisiúnta

NAP SG: Grúpa Stiúrtha an Phlean Rochtana Náisiúnta

CNOS: An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

NDPAC: An Coiste Comhairleach Náisiúnta d'Iarchéimithe faoi Mhíchumas

NStEP: Clár Rannpháirtíochta Náisiúnta na Mac Léinn

NTF: An Ciste Náisiúnta Oiliúna

NTO: An Oifig Thrasachta Náisiúnta

NTRIS II: Straitéis Náisiúnta um Ionchuimsiú Phobal an Lucht Siúil agus an Phobail Romaigh II 2024-2028

PATH: An Clár um Rochtain ar Ardoideachas

QQI: Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

RPL: Aitheantas Réamhfhoghlama

SAF: An Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn

SED: Scoláirí atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch

SOLAS: An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna

SRS: An Córas Taifead Mac Léinn

SUSI: Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn

ToC: Teoiric Athraithe

TRES: An Straitéis Oideachais don Lucht Siúil agus na Romaigh 2024-2030

TUA: Cumann na nOllscoileanna Teicneolaíochta

UD: Dearadh Uilíoch

UDL: Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim

# Nóta maidir le húsáid teanga

San fhoilseachán seo, úsáidtear na téarmaí 'mic léinn a bhfuil míchumas orthu' agus 'mic léinn faoi mhíchumas' ar bhealach inmhalartaithe. Aithnítear go bhfuil téarmaíocht dhifriúil forleathan agus ceannasach ó thaobh cultúir de i réigiúin dhifriúla agus i spásanna difriúla, agus tá meas againn ar an gceart atá ag daoine aonair agus ag pobail chun a bhféiniúlacht féin a chinneadh.

Aithnímid go n-aithníonn a lán daoine sa ghluaiseacht ar son cearta míchumais in Éirinn go bhfuil an téarma 'daoine faoi mhíchumas' ag teacht le samhail ceart sóisialta agus chearta an duine de mhíchumas, ós rud é go meastar go dtugtar le tuiscint leis gurb iad bacainní sa timpeallacht agus sa tsochaí, seachas a riochtaí, is mó a mhíchumasaíonn daoine a bhfuil lagú orthu. Tugtar teanga 'féiniúlacht ar dtús' ar an teanga sin.

Mar sin féin, aithnímid freisin gur fearr le daoine eile go n-úsáidfí an téarma 'daoine a bhfuil míchumas orthu' chun a léiriú gurb é atá iontu, thar rud ar bith eile, ná neacha daonna agus, dá bhrí sin, go bhfuil siad i dteideal cearta an duine a bheith acu. Léirítear leis an téarmaíocht 'duine ar dtús' sin freisin an teanga a úsáidtear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas.

Táimid tiomanta d'athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcur chuige i leith teanga agus an chéad Phlean Rochtana Náisiúnta eile á fhorbairt againn, agus do dhul i gcomhairle le heagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas maidir leis an tsaincheist. An babhta seo, i gcás go n-úsáidtear teanga duine ar dtús sna spriocanna tosaigh dá dtagraítear sa Phlean Rochtana Náisiúnta, coinnítear teanga duine ar dtús ar mhaithe le soiléire agus le comhsheasmhacht. In áiteanna eile, tá sé beartaithe gur cuimsitheach agus measúil do chách a bheidh an teanga idirmhalartaithe a úsáidtear san fhoilseachán seo.

# Nóta maidir le hathruithe ar theidil na ranna agus na n-eagraíochtaí is geallsealbhóirí

Ó fhoilsiú an Phlean Rochtana Náisiúnta sa bhliain 2022 i leith, tá athrú tagtha ar theidil roinnt ranna rialtais. I measc na ranna sin tá an Roinn Oideachais agus Óige (ROÓ), an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais (RLMC), agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta (RFTPG).

Ar leithligh, tugtar Aontas na Mac Léinn in Éirinn (AMLÉ) agus Cumann na nOllscoileanna Teicneolaíochta (TUA) anois ar Union of Students of Ireland (USI) agus ar an gCumann Ardoideachais Teicneolaíochta (THEA) faoi seach.

Úsáidtear na teidil is cothroime le dáta sa tuarascáil seo.

# Rannán 1: Cúlra agus Comhthéacs

## 1.1 An Plean Rochtana Náisiúnta: Plean Gníomhaíochta Straitéiseach um Chothromas Rochtana, Rannpháirtíocht agus Rath san Ardoideachas, 2022-2028

Foilsíodh an Plean Gníomhaíochta Straitéiseach um Chothromas Rochtana, Rannpháirtíocht agus Rath san Ardoideachas 2022-2028 i mí Lúnasa 2022. Tagann an ceathrú Plean Rochtana Náisiúnta i gcomharbacht ar an bPlean Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar Ardoideachas 2015-2019 agus ar an Athbhreithniú ar Dhul Chun Cinn a rinneadh sa bhliain 2018, rud lenar fadaíodh cuspóirí an tríú Plean go 2021.

Leis an bPlean Rochtana Náisiúnta, cuirtear leis an bhfís a leagadh amach i bpleananna roimhe sin agus leis na huaillmhianta go mbeadh pobal mac léinn níos ionchuimsithí agus níos éagsúla ann san ardoideachas. Téann a uaillmhian níos faide ná an pointe ligin isteach chun díriú níos mó a leagan ar rannpháirtíocht, ar rath na mac léinn agus ar thorthaí, *beag beann ar stádas socheacnamaíoch, ar shuíomh geografach, nó ar imthosca pearsanta*.

Forbraíodh an Plean Rochtana Náisiúnta tar éis comhairliúchán forleathan le geallsealbhóirí laistigh den chóras oideachais, ar fud an Rialtais, agus in eagraíochtaí ionchuimsithe shóisialta agus pobail, agus le daoine a bhfuil taithí phearsanta dhíreach acu ar an imeallú. Tá an mac léinn i gcroílár gach gné den Phlean Rochtana Náisiúnta agus tá gach gníomh dírithe ar thorthaí dearfacha ionchuimsitheacha a bhaint amach do mhic léinn grúpa tosaíochta ag gach céim dá n-aistear ardoideachais.

Is iad seo an dá uaillmhian uileghabhálacha atá ag an bPlean Rochtana Náisiúnta:

- *go mbeidh an líon mac léinn ardoideachais, ag gach leibhéal agus ar fud na gclár go léir, ina léiriú ar éagsúlacht agus meascán sóisialta dhaonra na hÉireann, agus*
- *go mbeidh ár n-institiúidí ardoideachais ina dtimpeallachtaí ionchuimsitheacha a bheidh deartha go huilíoch agus a thacóidh le rath agus torthaí na mac léinn, le cothromas, agus le héagsúlacht.*

Aithnítear sa Phlean Rochtana Náisiúnta trí phríomhghrúpa tosaíochta: mic léinn atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch, mic léinn a bhfuil míchumas orthu, lena n-áirítear míchumas intleachta, agus mic léinn ó Lucht Siúil na hÉireann agus ón bpobal Romach. Aithnítear sa Phlean Rochtana Náisiúnta freisin gur ann do roinnt cúinsí éagsúla saoil laistigh den chohórt atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch ar féidir leo a bheith mar chúis le míbhuntáiste. Áirítear leo sin tuismitheoirí aonair nó tuismitheoirí sna déaga, cúramóirí, daoine a bhfuil taithí acu ar an gcóras cúraim, daoine a bhfuil taithí acu ar an easpa dídine, daoine a bhfuil taithí acu ar an gcóras ceartais choiriúil, marthanóirí an fhoréigin baile, imircigh nó dídeanaithe, nó mionlaigh eitneacha.

Sa Phlean Rochtana Náisiúnta, socraítear ceithre sprioc agus sainaithnítear naoi bpríomhtháscaire feidhmíochta chun faireachán a dhéanamh ar rannpháirtíocht na ngrúpaí tosaíochta thar thréimhse feidhme an Phlean. Tá gealltanas ann athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir lena chur chun feidhme sa bhliain 2025, agus cuirtear i láthair sa tuarascáil seo measúnú neamhspleách ar an dul chun cinn sin d'fhonn bonn eolais a chur faoi thosaíochtaí don dara céim de chur chun feidhme an Phlean Rochtana Náisiúnta go 2028.

## 1.2 An Timpeallacht Ardoideachais tar éis phaindéim COVID-19

Mar a aithnítear sa Phlean Rochtana Náisiúnta, ba as paindéim COVID-19 a tháinig athrú ó bhonn ar thírdhreach ardoideachais na hÉireann, agus is dócha go leanfaidh an cur isteach a tharla de dheasca na paindéime de thionchar a imirt ar chothromas rochtana, ar rannpháirtíocht, agus ar rath thar thréimhse feidhme na straitéise seo. Léiríodh sa taighde ar thionchar phaindéim COVID-19 go raibh tionchar diúltach díréireach ag an gcur isteach ar mhic léinn a bhí faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le cohóirt eile den daonra. I measc na dtionchar diúltach bhí aonrú sóisialta, rannpháirtíocht laghdaithe foghlaimeoirí, dúshláin mhéadaithe mheabhairshláinte, agus bacainní ar dhul chun cinn agus ar chianfhoghlaim ar líne[1]. Mar gheall ar an aistriú tapa chuig cianfhoghlaim éigeandála, cuireadh brú suntasach freisin ar institiúidí ardoideachais agus ar a nOifigí Rochtana.

I dtaighde a foilsíodh le déanaí ó ESRI atá bunaithe ar shonraí Fás Aníos in Éirinn, tarraingítear aird ar an tionchar fadtéarmach a bhíonn ag neamhláithreacht ón scoil ar rannpháirtíocht san ardoideachas. Tugtar le fios sa tuarascáil go bhfuil comhghaol suntasach ag neamhláithreachtaí níos faide ón scoil ag 13 bliana d'aois le seans níos lú go rachfar ar aghaidh chuig an ardoideachas agus chuig céim a bhaint amach faoi 25 bliana d'aois. Tá méadú suntasach tagtha ar an líon laethanta scoile a cailleadh ó bhí paindéim COVID-19 ann, agus léirítear le fionnachtana an taighde gur mó an seans go mbeidh grúpaí faoi mhíbhuntáiste as láthair[2].

Sna blianta tar éis phaindéim COVID-19, tháinig boilsciú méadaitheach agus dúshláin costais maireachtála chun cinn. Ar fud an chórais ardoideachais, bíonn ag méadú ar an líon mac léinn atá ag lorg tacaíocht airgeadais agus a bhfuil dúshláin acu maidir le cóiríocht do mhic léinn a fháil. Tá institiúidí ardoideachais ag tuairisciú go mbíonn líon méadaitheach mac léinn ag dul i mbun fostaíocht lánaimseartha agus iad i mbun a gcuid staidéir agus ag comaitéireacht achair fhada, rud atá ag déanamh difear diúltach do rátaí tinrimh, do rannpháirtíocht san fhoghlaim, don eispéireas ardoideachais i gcoitinne, agus do rátaí dul chun cinn.

I ndiaidh an laghdaithe shuntasaigh ar na rátaí neamhdhul chun cinn sa bhliain 2019/20 a tharla i gcomhthráth leis an bpaindéim, tháinig méaduithe géara sna blianta 2020/21 agus 2021/22, agus bhí na rátaí neamhdhul chun cinn níos airde go seasta i gcás mic léinn ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste. Cé go bhfuil an ráta neamhdhul chun cinn sa bhliain 2022/23 ina fheabhas ar an dá bhliain roimhe sin, tá sé amhlaidh go fóill go bhfuil na rátaí neamhdhul chun cinn níos airde i gcás mic léinn ó chúlraí atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch. Ba é 13% an ráta foriomlán neamhdhul chun cinn sa scoilbhliain 2022/23, agus ba é 18% an ráta sin do mhic léinn ó limistéir atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch.

Mar fhreagairt don timpeallacht dhúshlánach, rinneadh infheistíocht mhéadaithe i gcroíchistiú don ardoideachas, agus i dtacaíochtaí díreacha airgeadais do mhic léinn. Ina theannta sin, tá obair shuntasach déanta ag institiúidí ardoideachais chun na modhanna solúbtha staidéir a glacadh le linn na paindéime a leabú agus chun na nuálaíochtaí oideolaíocha gaolmhara a phríomhshruthú chun feabhas a chur ar an eispéireas foghlama. Tá institiúidí ardoideachais ag freagairt don líon ard mac léinn atá i mbun comaitéireachta trí sholáthar ar an láithreán a sceidealú i mbloic nuair is indéanta agus trí thacú le rochtain ar shaoráidí ar an gcampas go moch ar maidin. Tá infheistíocht déanta ag institiúidí ardoideachais freisin in acmhainneacht sonraí institiúideacha a fhothú chun saolré na foghlama a ghabháil ar bhealach níos fearr agus chun mic léinn a d'fhéadfadh a bheith i mbaol neamhdhul chun cinn a shainaithint agus na hidirghabhálacha spriocdhírithe a theastaíonn a chur i bhfeidhm.

1 Skledar Matijević, A. (2022). 'Planned online learning vs. Emergency remote teaching implemented during COVID-19 in higher education: lessons learned', tuarascáil ad hoc uimh. 3/2022 ó NESET.

2 Smyth, E., Moya, A., and Darmody, M. (2026). The long-term outcomes of school absence. ESRI Research Series 220.

Tá institiúidí ardoideachais agus mic léinn ag déileáil freisin leis na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann leis an méadú tapa ar an bhfáil ar uirlisí intleachta saorga (IS) agus ar uirlisí intleachta saorga giniúnaí (IS Giniúnach). Cé go bhfuil feasacht ann ar an acmhainneacht atá ag intleacht shaorga ghiniúnach chun feabhas a chur ar fhoghlaim mac léinn, tá ábhair imní leanúnacha ann maidir le cothromas rochtana, le claontacht, le míchruinneas, le maoin intleachtúil, agus leis an tionchar comhshaoil. I mí na Nollag 2025, d'fhoilsigh an ÚAO Creat Beartais náisiúnta lena ndírítear ar intleacht shaorga ghiniúnach sa teagasc agus san fhoghlaim. Leagtar cúig phrionsabal amach sa Chreat chun bunús eiticiúil agus oideolaíoch a sholáthar maidir leis an gcur chuige a ghlacann institiúidí ardoideachais i leith intleacht shaorga ghiniúnach. Tá Prionsabal 2 dírithe ar Chothromas agus Ionchuimsiú, agus leagtar béim ann ar an riachtanas nach dtiocfaidh glacadh intleachta saorga giniúnaí chun bheith ina shásra eile trína ndéanfar neamhionannais atá ann cheana a atáirgeadh nó a mhéadú. Leagtar béim ar an gcothromas rochtana ar oideachas atá cumasaithe le hintleacht shaorga, á aithint nach le rochtain amháin a bhaineann cothromas agus go gcuimsíonn sé freisin conas a oiltear córais intleachta saorga giniúnaí agus conas a fheidhmíonn siad ar fud teangacha agus cultúr, mar aon le cé acu a thugann nó nach dtugann úsáid na gcóras sin buntáiste do stíleanna áirithe léirithe nó do mhodhanna áirithe rannpháirtíochta.[3] Chuir an ÚAO Tairseach Acmhainní Intleachta Saorga thiomnaithe ar bun freisin, rud lena soláthraítear rochtain láraithe ar threoirlínte agus ar acmhainní oideachais oscailte don teagasc agus don fhoghlaim i gcomhthéacsanna ina bhfuil intleacht shaorga ghiniúnach mar idirghabhálaí.

Ina theannta sin, tá athruithe breise tagtha ar chomhthéacs an Phlean Rochtana Náisiúnta reatha (2022-2028) mar thoradh ar fhorbairtí suntasacha beartais, rialachais agus oibriúcháin ón mbliain 2022 i leith:

- Le hAcht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022, seoladh samhail comhrialála ardoideachais lenar cuireadh le cuntasacht na n-institiúidí ardoideachais don Údarás um Ard-Oideachas agus lenar leagadh béim ar rannpháirtíocht, rath agus glór na mac léinn a chur chun cinn.
- Tá Rochtain agus Rannpháirtíocht ar cheann de cheithre cholún an Chreata Feidhmíochta Córais (2023-2028), ar príomhshásra cuntasachta san ardoideachas é.
- Ceanglaítear ar institiúidí ardoideachais pleananna rochtana náisiúnta a léiriú i straitéisí institiúideacha agus tuairisc a thabhairt gach bliain don ÚAO ar dhul chun cinn institiúideach maidir le cur chun feidhme an Phlean Rochtana Náisiúnta, rud a thugann infheictheacht don raon éagsúil tionscnamh atá á ndéanamh ag institiúidí ardoideachais chun tacú le mic léinn ó ghrúpaí tosaíochta.
- Foilsíodh an dara Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach 2024-28 (NTRIS II) sa bhliain 2024 agus bhí an Straitéis Oideachais don Lucht Siúil agus na Romaigh 2024-30 (TRES) ag gabháil léi[4], rud ina leagtar amach cur chuige an Rialtais i leith oideachas an Lucht Siúil agus na Romach ar fud an chórais oideachais. Tá an cur chuige trasrannach i leith na straitéisí sin ag teacht leis an mbéim a leagtar sa Phlean Rochtana Náisiúnta ar na cineálacha cur chuige uile-rialtais agus comhordaithe a theastaíonn chun feabhsuithe a bhrú chun cinn san eispéireas oideachais agus sna torthaí d'fhoghlaimeoirí ón Lucht Siúil agus ón bpobal Romach.

Seoladh an Straitéis Náisiúnta um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Mhíchumas 2025-2030 i mí Mheán Fómhair 2025, agus glactar cur chuige uile-rialtais inti i leith chur chun feidhme Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a chur ar aghaidh. Tá cúig cholún idircheangailte ag an Straitéis:

3 An ÚAO (2025). Intleacht Shaorga Ghiniúnach i dTeagasc agus Foghlaim Ardoideachais: Creat Beartais. Leathanach 10.

4 Arna forbairt ag an Roinn Oideachais agus Óige (ROÓ) i gcomhar leis an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais (RLMC), agus leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE).

Foghlaim agus Oideachas Ionchuimsitheach; Fostaíocht; Maireachtáil Neamhspleách agus Rannpháirtíocht Ghníomhach sa tSochaí; Folláine agus Sláinte; agus Iompar agus Soghluaisteacht. Laistigh de Cholún 1, tá díriú feabhsaithe ann ar thacú le haistrithe agus le hionchuimsiú, rud atá ag teacht leis na gníomhaíochtaí atá dírithe ar mhíchumas sa Phlean Rochtana Náisiúnta agus a chomhlánaíonn iad.

## 1.3 Struchtúir Cur Chun Feidhme

Is ar an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE) atá an fhreagracht fhoriomlán as an bPlean Rochtana Náisiúnta a chur i gcrích. Tar éis sheoladh an Phlean Rochtana Náisiúnta sa bhliain 2022, bhunaigh RBATNE Grúpa Stiúrtha an Phlean Rochtana Náisiúnta agus déanann sé cathaoirleacht air. Tá sé mar chuspóir leis an nGrúpa formhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Phlean Rochtana Náisiúnta. I gcomhthéacs an Phlean Rochtana Náisiúnta reatha, áirítear leis sin:

- Faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn leis an bPlean Rochtana Náisiúnta 2022-2028.
- Comhairle a thabhairt maidir le dúshláin agus deiseanna le linn an Plean a chur chun feidhme.
- Gníomhaíochtaí a chomhordú faoin bPlean.
- Tacú le tionscnaimh spriocdhírithe agus gníomhartha spriocdhírithe a fhorbairt.
- Páirt a ghlacadh i bhfoghrúpaí le haghaidh tionscnaimh shonracha.
- Cabhrú le pleanáil an Fhóraim Rochtana Náisiúnta bhliantúil chun tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn faoin bPlean Rochtana Náisiúnta.

## 1.4 Téarmaí Tagartha don Athbhreithniú Dul Chun Cinn Meántéarmach seo

Chomhaontaigh Grúpa Stiúrtha an Phlean Rochtana Náisiúnta na Téarmaí Tagartha roimh an Athbhreithniú Dul Chun Cinn Meántéarmach, agus sonraítear iontu gur cheart an méid seo a leanas a dhéanamh san Athbhreithniú:

Athbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh ar mhéid an dul chun cinn i gcomparáid leis na gníomhartha atá mar bhonn agus thaca ag gach cuspóir de chuid an Phlean Rochtana Náisiúnta; measúnú a dhéanamh ar ábharthacht leanúnach na ngníomhartha sin; sainaithint a dhéanamh ar na réimsí a bhfuil gá le beachtú/forbairtí iontu agus, sna réimsí sin nach bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ar na gníomhartha iontu, gníomhartha feabhais cuí a shainaithint.

Athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis na ceithre sprioc náisiúnta agus na naoi bpríomhtháscaire feidhmíochta atá leagtha amach sa Phlean Rochtana Náisiúnta, agus aird á tabhairt ar fhionnachtana agus moltaí an dara Plean Sonraí Rochtana (2025), agus measúnú a dhéanamh an bhfuil gá le beachtú a dhéanamh ar na spriocanna atá ann cheana agus/nó le spriocanna agus príomhtháscairí feidhmíochta breise.

Tacar soiléir moltaí fianaisebhunaithe a sholáthar i ndáil le gníomhaíochtaí tosaíochta, le spriocanna, agus le príomhtháscairí feidhmíochta don dara céim de chur chun feidhme an Phlean Rochtana Náisiúnta, ina gcuirtear in iúl go soiléir na páirtithe a bheidh freagrach as cur chun feidhme gach molta ar leith a stiúradh.

# Rannán 2: Struchtúr agus Modheolaíocht na Tuarascála

## 2.1 Struchtúr na Tuarascála

Rannán 1: An Comhthéacs don Athbhreithniú Dul Chun Cinn Meántéarmach.

Rannán 2: Achoimre ar an modheolaíocht.

Rannán 3: Fianaise ar an dul chun cinn ar chuspóirí agus gníomhartha an Phlean Rochtana Náisiúnta.

Rannán 4: An dul chun cinn ar phríomhtháscairí feidhmíochta agus spriocanna an Phlean Rochtana Náisiúnta.

Rannán 5: Conclúidí agus moltaí tosaíochta don chuid atá fágtha den Phlean Rochtana Náisiúnta.

Rannán 6: Plean Cur Chun Feidhme a eascraíonn as na moltaí.

## 2.2 Modheolaíocht

Baineadh úsáid san Athbhreithniú as meascán de chineálacha teoiricbhunaithe cur chuige agus de chineálacha rannpháirtíocha cur chuige. Áiríodh leo sin:

1. Teoiric Athraithe (ToC) don Athbhreithniú lena ndéantar na gníomhaíochtaí beartaithe a léarscáiliú chun meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le spriocanna, príomhtháscairí feidhmíochta agus spriocanna an Phlean Rochtana Náisiúnta.
2. Comhairliúcháin le Geallsealbhóirí: Bailiú fianaise trí fhócasghrúpaí le mic léinn agus le baill foirne, mar atá mionsonraithe i bpointe 3. thíos, mar aon le plé éascaithe ag an bhFóram Rochtana Náisiúnta sa bhliain 2025. Spreagadh bailiú fianaise le hanailís luath ar dhoiciméid an athbhreithnithe dul chun cinn a chuireann institiúidí ardoideachais faoi bhráid an ÚAO gach bliain, agus trí rochtain a fháil ar ábhair ó ghníomhaireachtaí agus ranna iomchuí atá freagrach as príomhtháscairí feidhmíochta an Phlean Rochtana Náisiúnta. Bhí comhairliúcháin le mic léinn faoi stiúir ag beirt Chomhairleoirí Mac Léinn oilte, a earcaíodh ó ghrúpaí tosaíochta an Phlean Rochtana Náisiúnta.
3. Fócasghrúpaí:
   a. Babhta 1 (Iúil–Deireadh Fómhair 2025): 16 ghrúpa foirne (115 rannpháirtí ó 17 n-institiúid ardoideachais) agus cúig ghrúpa mac léinn (20 rannpháirtí ó ghrúpaí tosaíochta an Phlean Rochtana Náisiúnta, ó Aontas na Mac Léinn, agus ón bhFóram Rochtana, etc.).
   b. Babhta 2 (Deireadh Fómhair 2025): trí ghrúpa foirne (43 rannpháirtí ó 13 institiúid ardoideachais) agus dhá ghrúpa mac léinn (deichniúr rannpháirtithe).
   c. Lorgaíodh rannpháirtíocht mac léinn i gcomhairliúcháin an Athbhreithnithe Dul Chun Cinn Mheántéarmaigh a) trí spriocdhíriú díreach – trí phóstaeir agus cumarsáid charnach le haghaidh rannpháirtíocht sna fócasghrúpaí, agus trí Padlet saindeartha[5], le haghaidh rannpháirtíocht gan ainm; agus b) trí spriocdhíriú indíreach le haghaidh rannpháirtíocht sna fócasghrúpaí trí ríomhphoist chuig institiúidí ardoideachais, chuig Oifigí Rochtana, chuig Aontais Mac Léinn, agus chuig eagraíochtaí ionadaíocha, ag iarraidh orthu iad a chur ar aghaidh chuig mic léinn ó na grúpaí tosaíochta.

5 Is é is Padlet ann ná ardán ar líne ar ar féidir le húsáideoirí cláir fógraí dhigiteacha a chruthú chun comhoibriú agus chun inneachar a chomhroinnt.

4. Anailís Dhoiciméadach: Athbhreithniú ar dhoiciméid a bhaineann leis an bPlean Rochtana Náisiúnta, ar thuarascálacha feidhmíochta, agus ar chás-staidéir.
5. Anailís Sonraí: Anailís chainníochtúil ar na sonraí atá ar fáil maidir leis an dul chun cinn i gcomparáid le príomhtháscairí feidhmíochta agus spriocanna an Phlean Rochtana Náisiúnta.
6. Sintéis: Comhtháthú na fianaise ar fad a fuarthas chun meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn, chun dúshláin a shainaithint, agus chun moltaí a chomhchruthú le geallsealbhóirí le linn fhócasghrúpaí Bhabhta 2 agus trí aiseolas ó Ghrúpa Stiúrtha an Phlean Rochtana Náisiúnta.

# Rannán 3: Fionnachtana Ardleibhéil

## 3.1 Forbhreathnú

Leagtar díriú sa Phlean Rochtana Náisiúnta 2022-28 ar shé sprioc tosaíochta agus ar thrí phríomhghrúpa tosaíochta mac léinn: mic léinn atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch, mic léinn a bhfuil míchumas orthu, lena n-áirítear míchumas intleachta, agus mic léinn ó Lucht Siúil na hÉireann agus ón bpobal Romach.

Tá sé mar aidhm leis an bPlean Rochtana Náisiúnta torthaí dearfacha ionchuimsitheacha a sholáthar do gach grúpa tosaíochta trí shé sprioc atá dírithe ar mhic léinn: Ionchuimsitheacht, Solúbthacht, Soiléire, Comhleanúnachas, Inbhuanaitheacht, agus Cur Chuige Fianaisebhunaithe.

Deimhníodh i gcomhairliúcháin le geallsealbhóirí go measann mic léinn agus baill foirne institiúidí ardoideachais go bhfuil na spriocanna sin iomchuí, cuí agus riachtanach agus, dá bhrí sin, gur cheart go leanfadh siad le forbairt beartas agus cleachtais agus cur chun feidhme gníomhaíochtaí a bhrú chun cinn chun tuilleadh rochtana ar an ardoideachas agus tuilleadh rannpháirtíochta ann a bhaint amach.

Ag an bpointe leath bealaigh seo sa chur chun feidhme, tá fianaise ann go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ar spriocanna an Phlean Rochtana Náisiúnta. Tá fianaise ann freisin ar ghníomhaíocht thar an méid atá leagtha amach sa Phlean Rochtana Náisiúnta atá ag rannchuidiú go dearfach le baint amach spriocanna an Phlean, rud a léiríonn na forbairtí sna blianta tar éis a fhoilsithe, lenar áiríodh an tAthbhreithniú ar Chreat Náisiúnta na hÉireann um Rath na Mac Léinn san Ardoideachas ón ÚAO.

Sainaithníodh san athbhreithniú réimsí ina bhfuil an dul chun cinn níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis ag an bpointe leath bealaigh seo, agus tarraingíodh aird sna comhairliúcháin le geallsealbhóirí ar roinnt dúshlán agus bacainní maidir le cur chun feidhme éifeachtach an Phlean Rochtana Náisiúnta.

Tá na príomhéachtaí agus na príomhdhúshláin atá leagtha amach thíos mar bhonn eolais faoi mholtaí an athbhreithnithe seo trí aird a tharraingt ar réimsí ratha ar féidir tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh orthu agus ar réimsí a bhfuil údar le tuilleadh tosaíochta a thabhairt dóibh chun a chinntiú gur féidir na cuspóirí gaolmhara a bhaint amach go rathúil thar thréimhse feidhme na straitéise.

Sainaithníodh san athbhreithniú freisin roinnt gníomhartha sa Phlean Rochtana Náisiúnta ar cuireadh forbairtí sna blianta tar éis a fhoilsithe ina n-ionad. Tugtar an mioneolas is deireanaí ar an dul chun cinn i gcomparáid le gach gníomh sa Phlean Rochtana Náisiúnta agus ar fhorbairtí iomchuí gaolmhara in Aguisín 2.

## 3.2 Príomhéachtaí

### Rannpháirtíocht mhéadaithe ag roinnt grúpaí tosaíochta

- Bhí méaduithe dearfacha ann ar rátaí rannpháirtíochta na n-iontrálaithe nua faoi mhíchumas, agus tá treocht aníos le feiceáil ó fhoilsiú an Phlean Rochtana Náisiúnta i leith. Tá méadú beag tagtha le déanaí ar an ráta aistrithe idir an scoil agus an t-ardoideachas do mhic léinn ó limistéir atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch. Tá an dul chun cinn go dtí seo níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis, agus beidh sé tábhachtach leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar shonraí aistrithe i bhfianaise na n-athruithe déimeagrafacha réamh-mheasta sa dara céim de chur chun feidhme an Phlean Rochtana Náisiúnta. Tá méaduithe tagtha freisin ar an líon iontrálaithe nua ón Lucht Siúil. Cuirtear sonraí a bhaineann leis na spriocanna agus leis na príomhtháscairí feidhmíochta i láthair i Rannán 4.

### Infheistíocht mhéadaithe ar leibhéal an chórais

- Tá infheistíocht bhreise shuntasach déanta sa chóras ardoideachais ó sheoladh an Phlean Rochtana Náisiúnta i leith, lena n-áirítear méaduithe i ndiaidh a chéile ar an gcroíchistiú a eascraíonn as An Todhchaí a Chistiú (2022), agus €164.4 milliún breise faighte go dtí seo, agus €100 milliún eile atá le cur ar fáil faoin mbliain 2030 ón gCiste Náisiúnta Oiliúna.
- Cuireadh meastóireacht neamhspleách tionchair ar shnáitheanna PATH 1-3 i gcrích ó fhoilsiú an Phlean Rochtana Náisiúnta i leith, inar tarraingíodh aird ar éifeachtaí dearfacha forleathana na snáitheanna maidir le hacmhainneacht a fhothú laistigh d'oifigí rochtana; maidir le cineálacha cur chuige institiúide uile a éascú i leith rannpháirtíocht a leathnú agus tacú le rath na mac léinn; maidir le comhpháirtíochtaí a fhorbairt agus a fheabhsú idir institiúidí ardoideachais agus geallsealbhóirí pobail agus idir institiúidí ardoideachais laistigh de réigiúin agus ar fud réigiún; agus maidir le for-rochtain spriocdhírithe agus leathnú tacaíochtaí cuimsitheacha a éascú do na mic léinn is leochailí agus is mó atá faoi mhíbhuntáiste. Luadh sa tuarascáil freisin an rannpháirtíocht mhéadaithe ag grúpaí faoi ghannionadaíocht i gcláir ardoideachais ó bhunú PATH i leith.
- Mar fhreagairt do na moltaí laistigh den Mheasúnú ar Thionchar Shnáitheanna PATH agus mar aitheantas don rannchuidiú suntasach a rinne PATH 1 agus PATH 3 le huaillmhianta na bpleananna rochtana náisiúnta i ndiaidh a chéile a bhaint amach, d'aistrigh PATH 1 agus PATH 3 araon ina sruthanna cistiúcháin inbhuanaithe sa bhliain 2025. Is é atá sa ghealltanas sin ón Rialtas maidir le hinfheistíocht inbhuanaithe do na sraitheanna sin ná garsprioc shuntasach, agus cuirfidh sé ar chumas na n-institiúidí ardoideachais cineálacha straitéiseacha níos fadtéarmaí cur chuige a ghlacadh i leith tacaíochtaí nuálacha réamhligin isteach, aistrithe agus iarligin isteach a sholáthar do na mic léinn is mó atá faoi mhíbhuntáiste agus cur leis an dul chun cinn agus leis na nithe a foghlaimíodh ó dhá chéim cur chun feidhme a bhí faoi theorainn ama.
- Leithdháileadh €3 mhilliún ar institiúidí ardoideachais faoin gCiste Deartha Uilíoch faoi Chéim 1 de PATH 4, rud a cuireadh chun feidhme idir na blianta 2022 agus 2024. Leis an gcistiú, tacaíodh le cineálacha cur chuige Deartha Uilíoch agus cleachtais ionchuimsitheacha a leabú in institiúidí ardoideachais, rud a rachadh chun tairbhe do na mic léinn uile, agus go háirithe do mhic léinn néara-éagsúla, agus cumasaíodh fothú acmhainneachta le haghaidh rannpháirtíocht níos mó san ardoideachas ag mic léinn a bhfuil míchumas intleachta orthu. Cé go mbeidh gá le tiomantas leanúnach agus le hinfheistíocht leanúnach le himeacht ama chun cur chuige cuimsitheach Deartha Uilíoch a leabú go hiomlán, bhí an cistiú sin ina phríomhchumasóir chun dul chun cinn suntasach a bhaint amach i dtreo cleachtais ionchuimsitheacha teagaisc agus

mheasúnaithe a ghlacadh agus timpeallachtaí fisiciúla agus digiteacha níos ionchuimsithí a bhaint amach in institiúidí ardoideachais. I measc na dtorthaí a tuairiscíodh bhí acmhainneacht fheabhsaithe i measc na foirne acadúla; inrochtaineacht fheabhsaithe ardán foghlama ar líne; infhaighteacht mhéadaithe teicneolaíochtaí nuálacha; agus feabhsuithe ar an mbonneagar fisiciúil ar an gcampas, lena n-áirítear bearta atá oiriúnach don uathachas amhail spásanna ciúine agus criosanna suaimhneacha a fhorbairt ar fud na gcampas; spásanna céadfacha a thabhairt isteach, léarscáileanna céadfacha a fhorbairt, aipeanna treochomharthaíochta, turais ar an gcampas, agus comharthaíocht fheabhsaithe ar fud an champais.

Le tacaíocht ón gCiste Deartha Uilíoch faoi Chéim 1 de PATH 4, chomhoibrigh 25 ghealltsealbhóir oideachais freisin chun creat Deartha Uilíoch a fhorbairt don earnáil threasach, mar atá Cairt ALTITUDE, rud a seoladh go foirmiúil i mí an Mhárta 2024. Agus an litríocht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus foghlaim shuntasach ón gcleachtas go dtí seo mar bhonn eolais fúithi, feidhmíonn an Chairt mar threochlár d'institiúidí chun glacadh cur chuige atá éifeachtach, iomlánaíoch agus comhleanúnach a threorú chun cur chuige Deartha Uilíoch a leabú ar fud na hearnála. Sainaithnítear ceithre bhunchloch sa Chairt: Foghlaim, Teagasc agus Measúnú; Tacaíochtaí, Seirbhísí agus Caidreamh Sóisialta; an Timpeallacht Fhisiciúil; agus an Timpeallacht Dhigiteach.

Gheall an Rialtas €2.8 milliún eile faoi Chéim 1 de PATH 4 i mí na Nollag 2024 chun a chur ar chumas institiúidí leanúint den dul chun cinn a chur chun cinn agus de chur leis an dul chun cinn i dtreo an Dearadh Uilíoch agus an t-ionchuimsiú a leabú suas go deireadh na bliana 2026. Áirítear leis an gCiste um Thimpeallacht Ionchuimsitheach freisin tacaíocht imfhálaithe chun dul i ngleic le réamhchlaonadh agus le ciníochas, go háirithe i leith mic léinn ón Lucht Siúil agus ón bpobal Romach.

### Tacaíochtaí spriocdhírithe a leathnú

- Sainaithnítear mic léinn a bhfuil míchumas intleachta orthu mar ghrúpa tosaíochta den chéad uair riamh sa Phlean Rochtana Náisiúnta reatha, mar aon le gealltanas go bhfeabhsófar deiseanna do mhic léinn a bhfuil míchumas intleachta orthu chun dul i mbun ardoideachais. Clár fionnachtana suntasach trí bliana a tionscnaíodh sa bhliain 2023 is ea Céim 2 de PATH 4. Tá dhá chuspóir aige: soláthar cúrsaí a fheabhsú do mhic léinn a bhfuil míchumas intleachta orthu; agus bonn eolais a chur faoi bhreithniúcháin bheartais amach anseo maidir le mic léinn san ardoideachas a bhfuil míchumas intleachta orthu. Is í Céim 2 de PATH 4 an chéad uair riamh a soláthraíodh cistiú ar an leibhéal náisiúnta chun tacú le soláthar do mhic léinn san ardoideachas a bhfuil míchumas intleachta orthu, agus infheistíocht tosaigh ab ionann agus níos mó ná €11 mhilliún déanta ag an Rialtas. Tá 193 mhac léinn rollaithe go dtí seo i gcláir in 11 institiúid ardoideachais rannpháirteacha. I mí Feabhra 2026, dheimhnigh RBATNE fadú dhá bhliain le Céim 2 de PATH 4.

  Bhunaigh an ÚAO Pobal Cleachtais faoi Chéim 2 de PATH 4, rud a thionóltar gach dara bliain chun tacú le cur chun feidhme an tionscnaimh nuálaigh sin agus chun comhroinnt eolais ar leibhéal an chórais a éascú. Tá taighde gaolmhar á dhéanamh ag gach institiúid ardoideachais rannpháirteach freisin, agus tá meastóireachtaí á ndéanamh acu ar a gcláir chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt beartais amach anseo. De bhreis air sin, tá cistiú le haghaidh Chéim 2 de PATH 4 ag tacú leis an líonra INCLUDE-ID. Is cuibhreannas tras-institiúideach é sin ina bhfuil sé cinn den 11 institiúid ardoideachais atá rannpháirteach i gCéim 2 de PATH 4 agus a bhfuil díriú suntasach taighde chomhoibríoch aige. Thionscain an ÚAO athbhreithniú córasach ar na haschuir mheastóireachta agus thaighde ó Chéim 2 de PATH 4 i mí an Mhárta 2026 chun an fhianaise a bhailigh institiúidí ardoideachais go dtí seo a chomhtháthú.

- Tá sé mar aidhm le PATH 5 rannpháirtíocht agus dul chun cinn na mac léinn ón Lucht Siúil agus ón bpobal Romach san ardoideachas a mhéadú, agus seoladh é sa bhliain 2022 mar chlár trí bliana. Agus é ag tógáil ar thionscnaimh a dtacaítear leo trí Chiste na gCuntas Díomhaoin, soláthraíonn PATH 5 €450,000 i dtacaíocht thiomnaithe chistiúcháin d'institiúidí ardoideachais i ngach bliain den chlár chun naisc nua a chothú leis an Lucht Siúil agus leis an bpobal Romach, agus chun na naisc atá ann cheana leo a neartú, agus chun tacaíocht réamhligin isteach agus iarligin isteach a sholáthar do mhic léinn ón Lucht Siúil agus ón bpobal Romach san ardoideachas. I mí na Nollag 2025, dheimhnigh an tUas. James Lawless TD, an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, fadú bliana le PATH 5.

## Tacaíochtaí airgeadais a leathnú agus próisis iarratais a chuíchóiriú

- Leathnaíodh an Scéim Deontas Mac Léinn ó sheoladh an Phlean Rochtana Náisiúnta i leith. Tugadh scéim deontas nua táillí páirtaimseartha isteach sa bhliain 2024 le haghaidh cúrsaí fochéime páirtaimseartha sonraithe lena spriocdhírítear ar mhic léinn ó ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht. Tá breis agus 100 cúrsa páirtaimseartha ar fáil sa bhliain acadúil 2025/26. Ba mhéadú é sin ó 62 chúrsa sa bhliain roimhe. Chomh maith leis sin, méadaíodh rátaí deontas cothabhála, athbhunaíodh deontais chothabhála iarchéime, laghdaíodh an critéar faid do mhic léinn chun cáiliú le haghaidh an ráta neamhchóngaraigh deontais, agus méadaíodh an asbhaint is incheadaithe do thuilleamh mac léinn lasmuigh d'am téarma. De bhreis air sin, ba mar thoradh ar bhearta aonuaire costais maireachtála a laghdaíodh an ranníocaíocht mac léinn faoi €1,000 do gach mac léinn atá incháilithe le haghaidh táillí saor in aisce, agus méadaíodh an Deontas Ranníocaíochta i leith Táillí Iarchéime faoi €1,000. Le Buiséad 2026, soláthraíodh laghdú buan €500 ar an táille ranníocaíochta mac léinn. Ba é sin an chéad laghdú ó tugadh táillí saor in aisce isteach sa bhliain 1995 i leith
- Tá méadú suntasach tagtha ar an gcistiú don Scéim Sparánachtaí 1916 faoi PATH 2 ó sheoladh an Phlean Rochtana Náisiúnta i leith, agus soláthraítear leis tacaíocht chisealaithe sparánachta do mhic léinn incháilithe ó ghrúpaí tosaíochta. Agus an tacaíocht sin á comhchistiú ag an gclár CSE+ ón mbliain 2023/24 i leith, tá 600 mac léinn ag fáil sparánachtaí faoi Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 de PATH 2 in aghaidh na bliana faoi láthair. Is méadú é sin ó 374 sparánacht tráth thosú an Phlean Rochtana Náisiúnta. De bhreis air sin, leithdháileadh 1,573 sparánacht aonuaire faoi Chiseal 3 ó bhí an bhliain 2022 ann.
- De bharr méid suntasach comhoibrithe idirinstitiúidigh agus ceannaireachta idirinstitiúidí, forbraíodh Saoráid Láraithe Iarratais agus Measúnaithe (CAAF) do Chiste Sparánachtaí 1916 faoi PATH 2 sa bhliain 2023. Tá an tairseach nua iarratas á hóstáil ag SUSI agus is é an toradh atá uirthi go ndearnadh an próiseas iarratais d'fhoghlaimeoirí agus bainistiú an phróisis iarratais agus measúnaithe ag institiúidí ardoideachais araon a chuíchóiriú. Leis an CAAF, laghdaítear go mór an t-ualach riaracháin ar iarratasóirí ar féidir leo a roghnú an fhaisnéis a sholáthraítear mar chuid dá n-iarratas ar dheontas SUSI a chomhroinnt chun críocha measúnú a dhéanamh ar incháilitheacht le haghaidh Sparánacht PATH 2. Toradh eile atá ar an CAAF is ea go bhfuil laghdú tagtha ar an am a bhaineann le hiarratais a phróiseáil, rud a d'fhág gur íocadh sparánachtaí laistigh den chéad seimeastar. Fuarthas breis agus 1,300 iarratas incháilithe ar Sparánacht PATH 2 sa bhliain 2024/25.

- Mar fhreagairt do dhúshláin costais maireachtála tar éis phaindéim COVID-19, rinneadh méaduithe aonuaire i ndiaidh a chéile ar an gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn. Soláthraíodh €8 milliún sa bhreis don Chiste Cúnaimh do Mhic Léinn mar chuid de bhearta costais maireachtála sa bhliain 2022, agus soláthraíodh €8.1 milliún sa bhreis sna blianta 2023 agus 2024 chun na críche sin. Sa bhliain 2024, soláthraíodh €1 mhilliún eile i gcistiú imfhálaithe chun tacú le teaghlaigh ísealioncaim lena gcostais cúram leanaí. Fuair breis agus 22,400 mac léinn tacaíocht ón gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn sa bhliain 2024/25. Sa bhliain 2025/26, gealladh €19.3 milliún don Chiste Cúnaimh do Mhic Léinn. Cé go bhfáiltíonn an earnáil roimh na méaduithe aonuaire breise sin, ní raibh aon mhéadú tionlacain ar an gcroíchistiú don Chiste Cúnaimh do Mhic Léinn. Mar gheall ar fhógra a thabhairt faoi mhéaduithe aonuaire ar an gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn ag céimeanna níos déanaí den bhliain acadúil, bíonn sé deacair d'institiúidí ardoideachais na leithdháiltí cistiúcháin a bhainistiú go héifeachtúil agus go straitéiseach ar mhaithe le mic léinn a dteastaíonn tacaíocht uathu.
- Tá méaduithe i ndiaidh a chéile agus a bhfuil fáilte rompu déanta ar an gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas. Tháinig méadú 5% ar chistiú an Chiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas sa bhliain 2024, agus tháinig méadú 20% eile air sa bhliain 2025. Ba é €9.54 milliún an leithdháileadh iomlán ar an gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas sa bhliain 2025, agus tháinig méadú 10% eile air go €10.54 milliún sa bhliain 2026. Cuirtear sonraí maidir leis an líon mac léinn a fhaigheann tacaíocht ón gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas i láthair i Rannán 4.
- I mí na Samhna 2025, leithdháileadh breis agus €630,000 sa chéad bhabhta den scéim um Chúnamh Cóiríochta do Mhic Léinn sa bhliain 2025/26, le tacaíocht ó Chiste na gCuntas Díomhaoin. Chuaigh an leithdháileadh sin chun tairbhe do 116 mhac léinn, dá raibh 79 mac léinn ina ndaoine den Lucht Siúil nó ón bpobal Romach agus dá raibh 37 mac léinn ina ndaoine a bhfuil taithí acu ar an gcóras cúraim. Le linn na bliana acadúla 2024/25, leithdháileadh €412,000, rud lenar tacaíodh le 85 mhac léinn, lenar áiríodh 64 mhac léinn ón Lucht Siúil agus ón bpobal Romach agus 21 mhac léinn a bhfuil taithí acu ar an gcóras cúraim. Tá an chéad bhabhta eile cistiúcháin le heisíoc i ráithe 1 den bhliain 2026.

### Conairí méadaithe i dtreo an ardoideachais

- Bunaíodh an Oifig Thrasachta Náisiúnta i mí na Nollag 2022 chun cur chuige straitéiseach a chur chun cinn i leith na conairí idir breisoideachas agus oiliúint agus ardoideachas a fheabhsú, agus tá sí á bainistiú ag an ÚAO agus ag SOLAS i gcomhpháirt. Tosaíonn mic léinn atá cláraithe ar chláir threasacha a n-eispéireas tríú leibhéal sa bhreisoideachas agus críochnaíonn siad é in institiúid ardoideachais chomhpháirtíochta. Ó uair a bunaithe i leith, tá 38 gclár threasacha céime baitsiléara tionscanta ag an Oifig Thrasachta Náisiúnta ag Leibhéil 7 agus 8, agus 471 duine de thosaitheoirí uathúla ann sa bhliain 2025/26. Tá na mic léinn sin de bhreis orthu siúd a tuairiscíodh a bheith ag dul isteach san ardoideachas ar bhonn dámhachtana breisoideachais agus oiliúna i Rannán 4.
- Tá méadú tagtha le roinnt blianta anuas ar chion na gcúrsaí ardoideachais atá inrochtana ar bhonn dámhachtana breisoideachais agus oiliúna. Bhí bealach rochtana breisoideachais agus oiliúna ag 91% de na cúrsaí a thairg institiúidí ardoideachais a fhaigheann cistiú poiblí tríd an Lár-Oifig Iontrála sa bhliain 2025. Ba mhéadú é sin ó 86% de na cúrsaí sa bhliain 2022.

### Rannpháirtíocht mhéadaithe le heispéiris soghluaisteachta idirnáisiúnta

- Tá níos mó mac léinn ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste ag tabhairt faoi eispéireas soghluaisteachta idirnáisiúnta anois. Tugtar le fios sna sonraí is déanaí go bhfuil méadú tagtha ar an líon mac léinn atá ag glacadh páirt sa chlár Erasmus+, ó 4,800 mac léinn sa bhliain 2021/22 go níos mó ná 6,100 mac léinn sa bhliain 2024/25. Is ionann é sin agus fás suntasach is mó ná 27%. Ag an am céanna, tá méadú tagtha freisin ar chion na rannpháirtithe ó chúlraí faoi ghannionadaíocht. Bunaithe ar shonraí na bliana 2023,[6] bhí mic léinn nach raibh an oiread céanna deiseanna acu freagrach as 31% de na soghluaisteachtaí uile. Ba mhéadú é sin ó 23% sa bhliain 2021/22.

### Bailiú feabhsaithe fianaise agus sonraí

- Príomhghealltanas sa Phlean Rochtana Náisiúnta ba ea an dara Plean Sonraí Rochtana a fhorbairt chun breithniú a dhéanamh ar shásraí chun sonraí iontaofa a bhailiú faoi mhic léinn ó ghrúpaí tosaíochta. Foilsíodh an tuarascáil i mí na Samhna 2025 agus cuimsítear inti athbhreithniú córasach ar an litríocht idirnáisiúnta maidir le cothromas rochtana, mar aon le measúnú ar na grúpaí tosaíochta a sainaithníodh sa Phlean Rochtana Náisiúnta. Is éacht suntasach é forbairt an dara Plean Sonraí Rochtana agus, nuair a bheidh a mholtaí curtha chun feidhme, beidh siad mar bhonn eolais faoin gcéad chéim eile de chur chun feidhme an Phlean Rochtana Náisiúnta agus faoi fhorbairt beartas rochtana amach anseo. Leis na fionnachtana agus na moltaí atá sa dara Plean Sonraí Rochtana, tugtar dea-shoiléire don chóras freisin maidir leis an bhféidearthacht a bhaineann le sonraí a bhailiú ar an leibhéal náisiúnta maidir le rannpháirtíocht ag grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch agus a bhfuil cúinsí éagsúla saoil rompu.
- Tá forbairt shuntasach déanta ar an bhfianaise atá ar fáil maidir le saol leanaí atá faoi chúram a eascraíonn as an Tionscadal um Eispéiris Chúraim atá á bhainistiú ag an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais. D'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh an tríú ceann den tsraith Frontier uaithi sa bhliain 2025, inar leagadh díriú ar fhreastal ar an oideachas agus ar an ngnóthachtáil oideachais i measc leanaí faoi chúram agus leanaí a d'fhág an cúram ó mhí Aibreáin 2018 i leith.

## 3.3 Príomhdhúshláin

### An costas maireachtála

- Sna comhairliúcháin le geallsealbhóirí a rinneadh mar chuid den phróiseas athbhreithnithe, tarraingíodh aird ar na bacainní breise ar rochtain agus ar dhul chun cinn a bhfuil mic léinn ó ghrúpaí tosaíochta ag déileáil leo tar éis na paindéime. Tá na dúshláin costais maireachtála reatha ag cur isteach go mór ar mhic léinn ó ghrúpaí tosaíochta, lena n-áirítear dúshláin maidir le cóiríocht do mhic léinn. Luaigh geallsealbhóirí go bhfuil na brúnna ar mhic léinn ó ghrúpaí tosaíochta obair le linn a gcuid staidéir ag déanamh difear diúltach do fhreastal, do dhul chun cinn, agus don eispéireas ardoideachais.

---

6 I gcomhthéacs Erasmus+, ciallaíonn 'daoine nach raibh an oiread céanna deiseanna acu' daoine a bhfuil bacainní rompu, ar chúiseanna eacnamaíocha, sóisialta, cultúrtha, geografacha nó sláinte, ar chúiseanna cúlra imircigh, nó ar chúiseanna amhail míchumas agus deacrachtaí oideachais nó ar aon chúiseanna eile, lena n-áirítear na cúiseanna sin ar féidir leo a bheith ina gcúis le hidirdhealú faoi Airteagal 21 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ar bacainní iad lena gcuirtear cosc orthu rochtain éifeachtach a fháil ar dheiseanna faoin gclár.

### Srianta acmhainneachta

- Ar leibhéal an chórais, bíonn tionchar ag srianta acmhainneachta ar chur chun feidhme éifeachtach an Phlean Rochtana Náisiúnta. Mar thoradh ar na méaduithe a bhfuil fáilte rompu ar éagsúlacht an phobail mac léinn ardoideachais, tá brú breise á chur ar na struchtúir rochtana agus na struchtúir tacaíochta míchumais laistigh d'institiúidí ardoideachais. Léirítear sna sonraí atá leagtha amach sa chéad rannán eile den tuarascáil seo go bhfuil méadú tagtha freisin ar chastacht riachtanas na mac léinn a thagann chun tacaíocht a fháil, rud a dteastaíonn freagairtí institiúide uile ina leith, mar thoradh ar na méaduithe leanúnacha ar an gcion de mhic léinn faoi mhíchumas atá san ardoideachas. Chuir na geallsealbhóirí a ndeachthas i gcomhairle leo mar chuid den athbhreithniú seo in iúl nach raibh aon mhéaduithe inchomparáide ann ar an mbonneagar tacaíochta laistigh den ardoideachas chun freastal ar an éileamh méadaithe agus éagsúil.
- Ina theannta sin, tharraing geallsealbhóirí ab institiúidí ardoideachais aird ar an líon ollmhór tionscnamh píolótach a bhaineann le rochtain agus a tionscnaíodh le blianta beaga anuas. Cé gur cuireadh fáilte roimh an infheistíocht mhéadaithe trí na tionscnaimh sin, luaigh geallsealbhóirí ab institiúidí ardoideachais nach raibh méaduithe ar acmhainní na n-institiúidí ardoideachais ag gabháil leis na tionscnaimh sin i ngach cás, agus go raibh gníomhaíocht nua agus bhreise á soláthar ina lán cásanna ag baill foirne a raibh a gcuid ama tiomnaithe go hiomlán cheana féin do ghníomhaíochtaí a bhí ann cheana. Luaigh institiúidí ardoideachais freisin go raibh an easpa soláthair do dhóthain am ullmhúcháin idir an fógra faoi thionscnaimh nua agus cur chun feidhme ionchasach na dtionscnamh nua ina dúshlán suntasach, rud a d'fhág go raibh tionscnaimh ag tosú gan acmhainní cuí a bheith i bhfeidhm acu ón tús chun a rath a chinntiú. Tharraing geallsealbhóirí aird ar dhúshláin maidir le tráthúlacht na cinnteoireachta ar an leibhéal náisiúnta agus ar na drochthionchair a eascraíonn as sin. Cé gur cuireadh fáilte ar fud an chórais, tríd is tríd, roimh aistriú PATH 1 agus PATH 3 ina sruthanna cistiúcháin inbhuanaithe, chuaigh na moilleanna ar an bpróiseas cinnteoireachta ar an leibhéal náisiúnta i bhfeidhm ar leanúnachas agus bhí siad mar chúis le saineolas a raibh ardmheas air a chailleadh agus le drochthionchair ar chomhpháirtíochtaí le heagraíochtaí pobail ar caitheadh méid suntasach ama agus dua ar iad a chothú.
- Tá sé fós deacair d'institiúidí ardoideachais déileáil leis na tionscnaimh a bheith faoi cheangal ama agus le cineál gearrthéarmach na scéimeanna cistiúcháin. Tharraing geallsealbhóirí a ndeachthas i gcomhairle leo mar chuid den athbhreithniú seo aird ar dhúshláin a bhaineann le baill foirne a earcú agus a choinneáil i bhfianaise chineál gearrthéarmach na gconarthaí, agus ar an deacracht a bhaineann le pleanáil straitéiseach níos fadtéarmaí a dhéanamh chun an cistiú leithdháilte a bharrfheabhsú ar an mbealach is fearr. Cuireadh in iúl go láidir go mbraitheann bearta rochtana ar chomhpháirtíochtaí le geallsealbhóirí pobail a fhorbairt agus a neartú, rud a thógann am lena fhorbairt agus a bhraitheann ar iontaoibh. Is féidir le cineál gearrthéarmach an chistiúcháin damáiste a dhéanamh do na caidrimh sin agus don dul chun cinn a baineadh amach má chuirtear isteach ar an gcistiú nó má chuirtear deireadh leis.

### Bailiú sonraí

- Le linn comhairliúcháin le geallsealbhóirí ab institiúidí ardoideachais, cuireadh ábhair imní agus dúshláin in iúl maidir le bailiú sonraí ar an leibhéal náisiúnta faoi mhic léinn atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch agus ag a bhfuil eispéiris saoil ar leith atá leagtha amach sa Phlean Rochtana Náisiúnta, go háirithe mic léinn a

bhfuil taithí acu ar an easpa dídine, mic léinn a bhfuil taithí acu ar an gcóras ceartais choiriúil, agus mic léinn a tháinig slán as foréigean baile. Chuir geallsealbhóirí ábhair imní in iúl freisin maidir leis an bhfáil ar an saineolas riachtanach in institiúidí ardoideachais chun na tacaíochtaí cuí a sholáthar do na mic léinn sin. Ó rinneadh na seisiúin chomhairliúcháin i leith, foilsíodh an dara Plean Sonraí Rochtana, agus tugtar lena fhionnachtana agus lena mholtaí dea-shoiléire do gheallsealbhóirí maidir le bailiú sonraí faoi rannpháirtíocht na mac léinn a bhfuil taithí acu ar an easpa dídine, faoi rannpháirtíocht na mac léinn a bhfuil taithí acu ar an gcóras ceartais choiriúil, agus faoi rannpháirtíocht na mac léinn a tháinig slán as foréigean baile. Cé nach moltar sonraí a bhailiú faoi na cohóirt sin i bhfianaise cúinsí eiticiúla agus cúinsí cosanta sonraí, ba cheart leanúint de dheiseanna ardoideachais a chur chun cinn do mhic léinn a bhfuil na cúinsí saoil sin acu. Tugtar spreagadh d'institiúidí ardoideachais dul i gcomhpháirt le grúpaí iomchuí pobail agus réigiúnacha chun treoir a thabhairt maidir le tacaíochtaí réamhligin isteach, tacaíochtaí iarligin isteach, agus tacaíochtaí aistrithe atá saincheaptha go cuí a shainaithint agus a sholáthar do mhic léinn a bhfuil na heispéiris saoil sin acu chun rochtain, dul chun cinn, agus rath a chumasú.

## Bacainní struchtúracha

- Leis an bhfianaise a tháinig chun cinn ó thaighde ar na héifeachtaí a bhí ag paindéim COVID-19 ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim le linn na paindéime, tarraingíodh aird ar an tábhacht a bhaineann le córas solúbtha ardoideachais agus le leanúint de shamhlacha cumaisc agus hibrideacha teagaisc mar mhodh chun modhanna foghlama níos inrochtana agus níos solúbtha a fhorbairt do mhic léinn.[7] Cé go bhfuil méadú tagtha ar na conairí chuig an ardoideachas ó cuireadh tús leis an bPlean Rochtana Náisiúnta reatha i leith, lena n-áirítear bealaí breisoideachais agus oiliúna, printíseachtaí, an t-aitheantas méadaitheach réamhfhoghlama, agus leathnú na roghanna staidéir pháirtaimseartha, tá dúshláin ann fós maidir le cothromas rochtana ar bhonneagar digiteach, maidir le héagsúlacht i soláthar teicneolaíochtaí cúnta agus tacaíochtaí digiteacha, agus maidir le hinfhaighteacht samhlacha solúbtha staidéir. Tharraing mic léinn a ndeachthas i gcomhairle leo mar chuid den athbhreithniú seo aird ar na deiseanna le haghaidh tuilleadh solúbthachta sa mhodh soláthair cúrsaí chun leas a bhaint as na teicneolaíochtaí nuálacha agus na cineálacha nuálacha cur chuige a glacadh le linn na paindéime. Beidh gá le tuilleadh dírithe ar na réimsí sin sa chéad chéim eile de chur chun feidhme an Phlean Rochtana Náisiúnta.

## Rannpháirtíocht agus dul chun cinn roinnt grúpaí tosaíochta

- Cé go bhfuil dea-dhul chun cinn déanta, tá na rátaí rannpháirtíochta do roinnt cohóirt grúpa tosaíochta fós ró-íseal. Cuirtear fáilte roimh na méaduithe ar rannpháirtíocht i measc mic léinn den Lucht Siúil agus léirítear fás bliain ar bhliain iontu, ach tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun dlús a chur le rannpháirtíocht agus le rátaí dul chun cinn don chohórt sin.
- Tá laghdú tagtha ar an gcion de mhic léinn lánfhásta ó cheantair atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch atá ag dul isteach san ardoideachas ó sheoladh an Phlean Rochtana Náisiúnta i leith. Tá an laghdú sin ar rannpháirtíocht le feiceáil freisin sa phobal foriomlán mac léinn lánfhásta san ardoideachas. B'ionann an ráta dífhostaíochta míosúil in Éirinn do dhaoine idir 25 bliana d'aois agus 74 bliana d'aois agus 3.8% i mí na

7 AHEAD, 2021. Learning from home 2021: A Survey of Irish FET and HE Students with Disabilities Learning through Covid-19.

Nollag 2025[8], agus is dóigh gur toisc shuntasach a imríonn tionchar ar rannpháirtíocht an chohóirt sin é an geilleagar lánfhostaíochta.

- Léirítear sna sonraí nuashonraithe a chuirtear i láthair i Rannán 4 go bhfuil rannpháirtíocht grúpaí tosaíochta san oideachas iarchéime fós i bhfad níos ísle ná mar atá rannpháirtíocht a bpiaraí ann. Ní raibh méaduithe ar rannpháirtíocht an chohóirt sin ar an leibhéal iarchéime ag gabháil leis na méaduithe i ndiaidh a chéile ar rannpháirtíocht san oideachas fochéime i measc mic léinn a bhfuil míchumas orthu. Mar fhreagairt don treocht leanúnach sin, tá an ÚAO ag cistiú comhpháirtíocht trí bliana idir an Coiste Comhairleach Náisiúnta d'Iarchéimithe faoi Mhíchumas (NDPAC) agus AHEAD atá dírithe ar dheireadh a chur le bacainní agus ar chabhair a thabhairt do chumasóirí i dtreo an staidéir iarchéime do dhaoine faoi mhíchumas. Tá LaunchPAD ag tarraingt aird ar thaithí fíorshaoil daoine éagsúla laistigh den phobal d'fhonn dul i gcion ar fhorbairt beartais agus, i mí na Samhna 2025, seoladh taighde nua ar eispéiris mac léinn iarchéime faoi mhíchumas dar teideal 'Voices in the Community: Experiences of Disabled Postgraduate Students in Irish Higher Education'. Beidh na haschuir ón gcomhpháirtíocht sin mar bhonn eolais faoin mbeartas amach anseo maidir le cumasóirí i dtreo dul chun cinn chuig an ardoideachas don chohórt sin.
- Bhí dúshláin maidir le rátaí dul chun cinn le feiceáil ar fud an chórais sna blianta tar éis na paindéime, agus rátaí neamhdhul chun cinn níos airde le feiceáil do chohóirt grúpa tosaíochta. Is tosaíocht uile-chórais é aghaidh a thabhairt ar rátaí neamhdhul chun cinn, le tacaíocht ó Fhóram Beartais an ÚAO maidir le Dul Chun Cinn, agus léirítear é sin i gComhaontuithe Feidhmíochta aonair idir an ÚAO agus institiúidí ardoideachais faoin gCreat Feidhmíochta Córais. Thionscain institiúidí ardoideachais idirghabhálacha éagsúla nuálacha mar fhreagairt do mhéaduithe ar rátaí neamhdhul chun cinn, agus chuir siad feabhas ar chórais sonraí institiúideacha agus ar an acmhainneacht anailíse sonraí institiúideacha chun tacú le mic léinn atá i mbaol neamhdhul chun cinn a bhrath go luath. Tá sé tábhachtach go n-aithneofaí sna hidirghabhálacha iarmhartacha a bheidh deartha ag institiúidí ardoideachais na dúshláin shonracha a bhíonn roimh mhic léinn grúpa tosaíochta agus go n-áireofaí leo tacaíochtaí spriocdhírithe agus saincheaptha do na cohóirt sin.

### Struchtúir formhaoirseachta éifeachtaí

- Tá sé beartaithe go mbeidh ról ríthábhachtach ag Grúpa Stiúrtha an Phlean Rochtana Náisiúnta maidir le faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus maidir le formhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Phlean Rochtana Náisiúnta. Tá an Grúpa Stiúrtha comhdhéanta d'ionadaithe a bhfuil saineolas éagsúil trasearnála acu agus ar féidir leo léargais a thabhairt ar chumasóirí agus bacainní a mbíonn tionchar acu ar chur chun feidhme éifeachtach na straitéise. Le linn an phróisis comhairliúcháin a rinneadh mar chuid den athbhreithniú seo, tharraing na baill roinnt ábhair imní anuas maidir le héifeachtacht an Ghrúpa Stiúrtha reatha agus maidir lena mhéid atá sé ag comhlíonadh an róil atá beartaithe dó. Chuir na baill in iúl go raibh gá le tuilleadh rannpháirtíochta ar leibhéal an Ghrúpa Stiúrtha agus shainaithin siad deiseanna do na baill tionchar níos fearr a imirt ar chur chun feidhme an Phlean Rochtana Náisiúnta, lena n-áirítear trí dhíriú níos mó ar nithe a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo agus ar dheiseanna chun cláir oibre cruinnithe a mhúnlú.

8 An Phríomh-Oifig Staidrimh (2026). Monthly Unemployment December 2025.

# Rannán 4: Príomhtháscairí Feidhmíochta agus Spriocanna Náisiúnta

## 4.1 Réamhrá

Áirítear leis na Téarmaí Tagartha don Athbhreithniú Dul Chun Cinn Meántéarmach ar an bPlean Rochtana Náisiúnta reatha athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo spriocanna náisiúnta maidir le rochtain do ghrúpaí tosaíochta sonraithe.

Dá bhrí sin, tuairiscítear san Athbhreithniú ar na ceithre sprioc náisiúnta, a bhaineann le hiontógáil mac léinn ó na grúpaí seo a leanas:

1. Iontrálaithe nua ó limistéir atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch[9].
2. Iontrálaithe lánfhásta nua (≥23 bliana d'aois) ó limistéir atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch.
3. Iontrálaithe nua a bhfuil míchumas orthu.
4. Iontrálaithe nua ón Lucht Siúil.

Ina theannta sin, rinneadh anailísí treochta san Athbhreithniú ar ocht gcinn de na naoi bpríomhtháscaire feidhmíochta chainníochtúla atá sa Phlean Rochtana Náisiúnta. Ní raibh sonraí maidir le roinnt gnéithe de thorthaí na gCéimithe (PTF 9) ar fáil lena n-anailísiú tráth an athbhreithnithe.

Tá príomhtháscairí feidhmíochta an Phlean Rochtana Náisiúnta eagraithe ina gceithre théama, a mhapálann go díreach isteach ar spriocanna an Phlean:

1. Solúbthacht laistigh den ardoideachas
    a. Rannpháirtíocht Foghlaimeoirí Páirtaimseartha/Solúbtha
    b. Dul chun cinn ón mBreisoideachas agus Oiliúint chuig an Ardoideachas
2. Éagsúlacht ar fud clár agus leibhéal
    a. Staidéar iarchéime i measc grúpaí tosaíochta roghnaithe
    b. Éagsúlacht mac léinn ar fud réimsí roghnaithe staidéir
3. Rochtain agus Rannpháirtíocht do Ghrúpaí Tosaíochta
    a. Mic léinn faoi mhíchumas a bhfuil tacaíocht á fáil acu ón gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas
    b. Mic léinn a d'fhreastail ar scoileanna DEIS
    c. Mic léinn ar tuismitheoirí aonair iad
4. Rath agus Rannpháirtíocht na Mac Léinn
    a. Dul chun cinn agus críochnú i measc grúpaí tosaíochta roghnaithe
    b. Torthaí céimithe i measc grúpaí tosaíochta roghnaithe

---

9 Úsáideann an ÚAO Scóir Innéacs Díothachta chun próifílí socheacnamaíocha na mac léinn ardoideachais in Éirinn a mheasúnú. Le Scóir Innéacs Díothachta, sanntar tomhas coibhneasta ar dhíothacht nó ar shaibhreas do mhic léinn atá bunaithe ar an limistéar beag Daonáirimh as a dtagann siad chun críocha anailíse comhiomláine. Tá Scóir Innéacs Díothachta sa raon idir thart ar -40 agus +40. I gcomhthéacs an Phlean Rochtana Náisiúnta, meastar gur mic léinn atá faoi mhíbhuntáiste iad mic léinn a bhfuil scóir níos lú ná -10 acu, agus meastar gur mic léinn atá saibhir iad mic léinn a bhfuil scóir níos mó ná +10 acu. Tá tuilleadh faisnéise faoin dóigh a n-úsáideann an ÚAO Scóir Innéacs Díothachta ar fáil anseo.


Mar atá leagtha amach sa Phlean Rochtana Náisiúnta, is é an cuspóir atá le faireachán a dhéanamh ar na naoi bpríomhtháscaire feidhmíochta ná tacú le treochtaí fadaimseartha a shainaithint thar thréimhse feidhme an Phlean Rochtana Náisiúnta. Dá bhrí sin, ba cheart na príomhtháscairí feidhmíochta a léirmhíniú i gcomhthéacs treochtaí níos leithne le himeacht ama, seachas i gcomhthéacs luaineachtaí bliain ar bhliain.

Is iad na blianta sonraí bonnlíne don Phlean Rochtana Náisiúnta ná na blianta 2019/20 agus 2020/21. Léirítear sna sonraí ó na blianta sin na héifeachtaí a bhí ag paindéim COVID-19. Tá sé tábhachtach go gcuirfí an comhthéacs sin san áireamh sa léirmhíniú ar na sonraí maidir le spriocanna agus le príomhtháscairí feidhmíochta.

Tá méadú tagtha ar an líon iontrálaithe nua san ardoideachas ón bpaindéim i leith, ar aon dul le réamh-mheastacháin dhéimeagrafacha. Sa bhliain 2019/20, bhí 43,580 iontrálaí nua san ardoideachas fochéime lánaimseartha ann. Tháinig méadú suntasach air sin go 46,195 iontrálaí nua sa bhliain 2020/21[10]. Tháinig laghdú ar na figiúirí d'iontrálaithe nua a breathnaíodh sa bhliain 2021/22. Dá ainneoin sin, tháinig méadú leanúnach ar an líon iontrálaithe nua san ardoideachas sna blianta ina dhiaidh sin, agus 48,845 iontrálaí nua fochéime lánaimseartha san iomlán ann sa bhliain 2024/25. Ba cheart féachaint freisin ar an dul chun cinn i ndáil le spriocanna náisiúnta agus ar nuashonruithe sonraí maidir le príomhtháscairí feidhmíochta náisiúnta i gcomhthéacs an fháis fhoriomláin faoin líon iontrálaithe nua san ardoideachas ó fhoilsiú an Phlean Rochtana Náisiúnta i leith.

## 4.2 Sonraí maidir le Príomhtháscairí Feidhmíochta

### PTF 1: Foghlaimeoirí páirtaimseartha/solúbtha




*Fíor 1: An céatadán d'fhoghlaimeoirí páirtaimseartha/solúbtha agus an líon foghlaimeoirí páirtaimseartha/solúbtha ón mbliain 2020/21 go dtí an bhliain 2024/25 (Foinse: Sonraí ón gCóras Taifead Mac Léinn de chuid an ÚAO)*

10 Tá Coláiste Náisiúnta na hÉireann ar áireamh sna figiúirí don líon iomlán iontrálaithe nua ón mbliain 2023/24 ar aghaidh.

| Iarchéim | 2019/20 | 2020/21 | 2021/22 | 2022/23 | 2023/24 |
|---|---|---|---|---|---|
| Scór Innéacs Díothachta meánach na mac léinn páirtaimseartha | 4.6 | 4.3 | 3.8 | 3.8 | 4.2 |
| Scór Innéacs Díothachta meánach na mac léinn lánaimseartha | 3.4 | 3.4 | 3.0 | 3.2 | 3.2 |
| **Fochéim** | | | | | |
| Scór Innéacs Díothachta meánach na mac léinn páirtaimseartha | 1.6 | 1.7 | 1.1 | 1.0 | 0.9 |
| Scór Innéacs Díothachta meánach na mac léinn lánaimseartha | 1.7 | 1.7 | 1.6 | 1.8 | 2.0 |

***Tábla 1:** Próifíl shocheacnamaíoch na mac léinn fochéime agus iarchéime páirtaimseartha agus lánaimseartha, rud ar thángthas air trí úsáid a bhaint as Scóir Innéacs Díothachta mheánacha ón mbliain 2019/20 go dtí an bhliain 2023/24 (Foinse: Sonraí ón gCóras Taifead Mac Léinn/sonraí ó Scóir Innéacs Díothachta de chuid an ÚAO)*

## PTF 2: Dul chun cinn ón mbreisoideachas chuig an ardoideachas

| Bonn an Ligin Isteach | 2020/21 | 2021/22 | 2022/23 | 2023/24 | 2024/25 |
|---|---|---|---|---|---|
| Scrúduithe Fágála Scoile Dara Leibhéal | 69.7% | 70.5% | 72.5% | 71.5% | 69.3% |
| Cúrsa Rochtana/Bonnchúrsa | 0.5% | 0.4% | 0.3% | 0.2% | 0.3% |
| Ligean Isteach ag Céim Chun Cinn (e.g. ligean isteach sa dara bliain) | 0.1% | 0.1% | 0.0% | 0.0% | 0.0% |
| DARE | 4.3% | 5.5% | 6.1% | 7.5% | 8.1% |
| An Bealach Ligin Isteach Dhírigh | 6.6% | 6.0% | 6.9% | 6.6% | 6.6% |
| Dámhachtain Bhreisoideachais nó a Coibhéis (e.g., BTEC) | 6.1% | 5.7% | 4.5% | 5.0% | 6.1% |
| HEAR | 4.5% | 4.6% | 4.2% | 3.9% | 4.1% |
| Blianta Lánfhásta | 4.5% | 4.3% | 2.9% | 2.7% | 2.6% |
| Bealaí Rochtana Eile | 0.5% | 0.8% | 0.5% | 0.3% | 0.3% |
| Punann/Triail | 3.0% | 2.1% | 2.1% | 2.2% | 2.0% |
| Rannpháirtíocht san Ardoideachas roimhe seo | 0.3% | 0.0% | 0.0% | 0.0% | 0.0% |
| Aitheantas Réamhfhoghlama | 0.0% | 0.0% | 0.0% | 0.0% | 0.0% |
| Iomlán | 100.0% | 100.00% | 100.00% | 100.00% | 100.00% |

***Tábla 2:** An céatadán d'iontrálaithe nua san Ardoideachas de réir an bhealaigh ligin isteach ón mbliain 2018/19 go dtí an bhliain 2024/25 (Foinse: An Córas Taifead Mac Léinn de chuid an ÚAO)*

### PTF 3: Staidéar iarchéime i measc grúpaí tosaíochta roghnaithe

| | **2019/20** (Bonnlíne an Phlean Rochtana Náisiúnta) | **2020/21** | **2021/22** | **2022/23** | **2023/24** |
|---|---|---|---|---|---|
| Scór Meánach Cúrsaí Iarchéime | 4.0 | 3.8 | 3.3 | 3.5 | 3.7 |
| Scór Meánach Cúrsaí Fochéime | 1.7 | 1.7 | 1.5 | 1.7 | 1.8 |
| Scór Meánach Cúrsaí PhD | 4.5 | 4.5 | 4.0 | 4.2 | 4.5 |
| Scór Meánach Cúrsaí Máistreachta Múinte | 3.9 | 3.8 | 3.3 | 3.4 | 3.4 |
| Scór Meánach Cúrsaí Máistreachta Taighde | 1.6 | 1.3 | 1.6 | 1.8 | 2.1 |

***Tábla 3:*** *Anailís ar staidéar iarchéime, rud a rinneadh trí úsáid a bhaint as Scóir Innéacs Díothachta mheánacha ón mbliain 2019/20 go dtí an bhliain 2023/24 (Foinse: An Córas Taifead Mac Léinn/Scóir Innéacs Díothachta de chuid an ÚAO).*

| | **2019/20** (Bonnlíne an Phlean Rochtana Náisiúnta) | **2020/21** | **2021/22** | **2022/23** | **2023/24** |
|---|---|---|---|---|---|
| An céatadán de mhic léinn lánfhásta atá faoi mhíbhuntáiste | 6.5% | 6.7% | 6.6% | 6.6% | 6.4% |
| An céatadán de mhic léinn neamh-lánfhásta atá faoi mhíbhuntáiste | 7.6% | 7.5% | 7.6% | 7.5% | 8.4% |

***Tábla 4:*** *An cion de mhic léinn iarchéime lánfhásta atá faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid leis an gcion de mhic léinn iarchéime neamh-lánfhásta atá faoi mhíbhuntáiste, rud ar thángthas air trí úsáid a bhaint as sonraí DIS ón mbliain 2019/20 go dtí an bhliain 2023/24 (Foinse: An Córas Taifead Mac Léinn/Scóir Innéacs Díothachta de chuid an ÚAO)*

| | **2020/21** (Bonnlíne an Phlean Rochtana Náisiúnta) | **2021/22** | **2022/23** | **2023/24** | **2024/25** |
|---|---|---|---|---|---|
| An céatadán de mhic léinn den Lucht Siúil atá ag gabháil do staidéar iarchéime (mar chéatadán de na mic léinn uile den Lucht Siúil) | 6% | 7% | 3% | 7% | 5% |
| An céatadán de mhic léinn den Lucht Siúil atá ag gabháil do staidéar fochéime (mar chéatadán de na mic léinn uile den Lucht Siúil) | 94% | 93% | 97% | 93% | 95% |

***Tábla 5:*** *An cion de mhic léinn ón Lucht Siúil atá ag tabhairt faoi staidéar iarchéime i gcomparáid leis an gcion de mhic léinn den Lucht Siúil atá ag tabhairt faoi staidéar fochéime ón mbliain 2020/21 go dtí an bhliain 2024/25 (Foinse: An Córas Taifead Mac Léinn/an Suirbhé ar Rochtain Chothrom de chuid an ÚAO)*

| | **2020/21** (Bonnlíne an Phlean Rochtana Náisiúnta) | **2021/22** | **2022/23** | **2023/24** | **2024/25** |
|---|---|---|---|---|---|
| An céatadán de mhic léinn den Lucht Siúil atá ag gabháil do staidéar iarchéime (mar chéatadán de na mic léinn uile den Lucht Siúil) | 6% | 7% | 3% | 7% | 5% |

***Tábla 6:*** *An cion de mhic léinn a bhfuil míchumas orthu atá ag tabhairt faoi staidéar iarchéime ón mbliain 2020/21 go dtí an bhliain 2024/25 (Foinse: An Córas Taifead Mac Léinn/an Suirbhé ar Rochtain Chothrom de chuid an ÚAO)*

## PTF 4: Éagsúlacht na mac léinn ar fud réimsí staidéir

| | **2020/21** (Bonnlíne an Phlean Rochtana Náisiúnta) | **2021/22** | **2022/23** | **2023/24** | **2024/25** |
|---|---|---|---|---|---|
| An céatadán d'iontrálaithe nua i gcúrsaí oideachais múinteoirí meánscoile a bhí faoi mhíbhuntáiste | 8.7% | 12.0% | 8.5% | 8.7% | 8.4% |
| An céatadán d'iontrálaithe nua i gcúrsaí oideachais múinteoirí bunscoile a bhí faoi mhíbhuntáiste | 6.1% | 8.6% | 7.0% | 6.1% | 5.1% |
| An céatadán de na hiontrálaithe nua go léir atá faoi mhíbhuntáiste | 10.8% | 11.0% | 10.1% | 9.7% | 9.5% |

***Tábla 7****: An céatadán d'iontrálaithe nua faoi mhíbhuntáiste i gcúrsaí oideachais múinteoirí, rud ar thángthas air trí úsáid a bhaint as sonraí ó Scóir Innéacs Díothachta ón mbliain 2019/20 go dtí an bhliain 2023/24 (Foinse: An Córas Taifead Mac Léinn/Scóir Innéacs Díothachta de chuid an ÚAO)*

| **Iarchéim** | **2019/20** | **2020/21** | **2021/22** | **2022/23** | **2023/24** |
|---|---|---|---|---|---|
| Eacnamaíocht | 2.3% | 4.2% | 3.9% | 3.7% | 3.6% |
| Leigheas | 5.2% | 5.5% | 7.0% | 5.2% | 8.2% |
| Airgeadas, Baincéireacht agus Árachas | 9.6% | 5.9% | 6.1% | 7.7% | 4.3% |
| Dlí | 10.9% | 12.7% | 11.6% | 11.7% | 9.8% |
| Altranas agus Cnáimhseachas | 13.0% | 11.8% | 11.5% | 11.8% | 11.1% |
| Obair Shóisialta agus Comhairleoireacht | 19.4% | 21.5% | 19.4% | 19.8% | 21.7% |
| Cúram Leanaí agus Seirbhísí don Ógra | 21.9% | 20.4% | 17.3% | 17.2% | 18.1% |

***Tábla 8:*** *An céatadán d'iontrálaithe nua faoi mhíbhuntáiste i réimsí roghnaithe staidéir, rud ar thángthas air trí úsáid a bhaint as sonraí ó Scóir Innéacs Díothachta ón mbliain 2019/20 go dtí an bhliain 2023/24 (Foinse: An Córas Taifead Mac Léinn/Scóir Innéacs Díothachta de chuid an ÚAO)*


**PTF 5: Mic léinn a bhfuil míchumas orthu agus a fhaigheann tacaíocht ón gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas.**

| Catagóir Míchumais | 2020/21 (ATHBHREITHNITHE)[11] | | 2021/22 | | 2022/23 | | 2023/24 | | 2024/25 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | N | % | N | % | N | % | N | % | N | % |
| NEA/NHEA | 906 | 6% | 1,255 | 8% | 1,670 | 10% | 2,241 | 11% | 2,944 | 14% |
| Uathachas | 1,403 | 9% | 1,634 | 10% | 1,931 | 11% | 2,439 | 13% | 2,935 | 14% |
| Dall/Lagú Amhairc | 233 | 1% | 223 | 1% | 237 | 1% | 252 | 1% | 261 | 1% |
| Bodhar/Lagú Éisteachta | 403 | 3% | 457 | 3% | 431 | 2% | 466 | 2% | 487 | 2% |
| Neamhord Comhordaithe Forbartha (Diospraicse/Diosgraife) | 1,137 | 7% | 1,191 | 7% | 1,162 | 7% | 1,312 | 7% | 1,324 | 6% |
| Meabhairshláinte | 2,301 | 15% | 2,441 | 15% | 2,437 | 14% | 2,555 | 13% | 2,562 | 12% |
| Míchumas Fisiciúil/ Lagú Soghluaisteachta | 860 | 5% | 879 | 5% | 871 | 5% | 908 | 5% | 958 | 4% |
| Tinneas Suntasach Leanúnach | 1,716 | 11% | 1,727 | 10% | 1,788 | 10% | 1,874 | 10% | 1,985 | 9% |
| Saindeacrachtaí Foghlama | 5,882 | 38% | 6,052 | 36% | 6,043 | 34% | 6,488 | 33% | 6,851 | 32% |
| Neamhord Urlabhra, Teanga agus Cumarsáide | 128 | 1% | 185 | 1% | 228 | 1% | 229 | 1% | 267 | 1% |
| Riocht Néareolaíoch | 701 | 4% | 655 | 4% | 728 | 4% | 724 | 4% | 754 | 4% |
| Iomlán | 15,670 | 100% | 16,699 | 100% | 17,526 | 100% | 19,488 | 100% | 21,328 | 100% |

***Tábla 9:** An líon mac léinn, agus an cion de mhic léinn, a fuair tacaíocht ón gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas i ngach catagóir míchumais ón mbliain 2020/21 go dtí an bhliain 2024/25 (Foinse: An Ciste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas de chuid an ÚAO).*

11 B'ionann an líon mac léinn a raibh tacaíocht á fáil acu ón gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas sa bhliain 2020/21 agus 15,670 mac léinn. Is nuashonrú é sin ar an bhfigiúr a tugadh sa Phlean Rochtana Náisiúnta, chun teacht leis na tuairisceáin institiúideacha a fuarthas tar éis a fhoilsithe.

## PTF 6: Ligean isteach san ardoideachas do mhic léinn a d'fhreastail ar scoileanna DEIS




*Fíor 2: An líon iontrálaithe nua, agus an cion d'iontrálaithe nua, ó scoileanna DEIS a chuaigh isteach san ardoideachas ón mbliain 2020/21 go dtí an bhliain 2024/25 (Foinse: An Córas Taifead Mac Léinn de chuid an ÚAO)*

## PTF 7: Tuismitheoirí aonair san ardoideachas

| | 2019/20 (Bonnlíne an Phlean Rochtana Náisiúnta) | 2020/21 | 2021/22 | 2022/23 | 2023/24 | 2024/25 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| An líon iontrálaithe nua a thuairiscigh gur tuismitheoirí iad | 782 | 893 | 760 | 601 | 677 | 743 |
| An céatadán d'iontrálaithe nua a thuairiscigh gur | 2.0% | 2.0% | 2.0% | 1.3% | 1.4% | 2% |
| An céatadán d'iontrálaithe nua a thuairiscigh gur tuismitheoirí iad | 26.0% | 23.0% | 21.0% | 22.6% | 22.8% | 22% |

***Tábla 10:** Anailís ar an Réimse Stádais Tuismitheora ón mbliain 2019/20 go dtí an bhliain 2024/25 (Foinse: An Córas Taifead Mac Léinn/an Suirbhé ar Rochtain Chothrom de chuid an ÚAO).*

### PTF 8: Dul chun cinn agus críochnú i measc grúpaí tosaíochta roghnaithe (mar shampla, mic léinn ó limistéir faoi mhíbhuntáiste, agus mic léinn lánfhásta ó limistéir faoi mhíbhuntáiste)

| | 2019/20 | 2020/21 | 2021/22 | 2022/23 |
|---|---|---|---|---|
| Rátaí foriomlána neamhdhul chun cinn | 9% | 12% | 15% | 13% |
| Rátaí neamhdhul chun cinn dóibh siúd ó imistéir faoi mhíbhuntáiste | 12% | 17% | 22% | 18% |
| Rátaí neamhdhul chun cinn do mhic léinn lánfhásta ó limistéir faoi mhíbhuntáiste | 15% | 21% | 19% | 16% |

***Tábla 11*** *Rátaí neamhdhul chun cinn[12] do ghrúpaí tosaíochta roghnaithe ón mbliain 2019/20 go dtí an bhliain 2022/23 (Foinse: Sonraí ón gCóras Taifead Mac Léinn de chuid an ÚAO)*

| | 2010/11 Iontrálaithe Nua (Bonnlíne an Phlean Rochtana Náisiúnta) | 2017/18 Iontrálaithe Nua | 2018/19 Iontrálaithe Nua |
|---|---|---|---|
| Rátaí críochnaithe do mhic léinn atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch | 75% | 70% | 69% |
| Rátaí críochnaithe foriomlána | 78% | 78% | 78% |

***Tábla 12*** *Rátaí críochnaithe d'iontrálaithe nua atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch i gcomparáid leis na hiontrálaithe nua go léir (Foinse: Sonraí ón Suirbhé ar Rochtain Chothrom de chuid an ÚAO)*

### PTF 9: Torthaí céimithe i measc grúpaí tosaíochta roghnaithe (mar shampla, mic léinn ó limistéir faoi mhíbhuntáiste agus iad siúd a d'fhreastail ar scoileanna DEIS)

| | Tuilleamh Céimithe Rachmasacha (Bonnlíne an Phlean Rochtana Náisiúnta) | Tuilleamh Céimithe faoi Mhíbhuntáiste | Difríocht |
|---|---|---|---|
| Rang na bliana 2020 | €38,000 | €36,600 | €1,400 |
| Rang na bliana 2021 | €38,562 | €37,640 | €922 |

***Tábla 13:*** *Tuilleamh céimithe do rang na bliana 2020 agus do rang na bliana 2021 (Foinse: Sonraí ón Suirbhé ar Thorthaí Céimithe de chuid an ÚAO).*

Ní raibh aon sonraí maidir le tuilleamh céimithe de réir an chineáil scoile ar fáil tráth a rinneadh an anailís seo.

12 Maidir le mic léinn a d'aistrigh chuig institiúid ardoideachais eile chun dul chun cinn a dhéanamh ar a gcuid staidéir, measadh nach ndearna siad chun cinn sa mhodheolaíocht a úsáidtear chun rátaí neamhdhul chun cinn a ríomh sa Phlean Rochtana Náisiúnta.

## 4.3 Dul chun cinn i ndáil le Spriocanna Náisiúnta

*Tábla 14: Achoimre ar Spriocanna Náisiúnta ina gcuirtear an bhonnlíne sa Phlean Rochtana Náisiúnta i gcomparáid le sonraí na mblianta 2023/24 agus 2024/25*

| Sprioc | Bonnlíne sa Phlean Rochtana Náisiúnta | Sprioc an Phlean Rochtana Náisiúnta faoin mbliain 2028 | An tEolas is Deireanaí ón Athbhreithniú Dul Chun Cinn Meántéarmach |
|---|---|---|---|
| An ráta aistrithe idir an scoil agus an t-ardoideachas d'iontrálaithe nua ó limistéir atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch | 42%(2019/20) | 54% | 43%(2023/24) |
| An céatadán d'iontrálaithe nua lánfhásta ó limistéir atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch (mar chéatadán de na hiontrálaithe nua go léir ó limistéir atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch) | 11%(2019/20) | 20% | 9%(2023/24) |
| An céatadán d'iontrálaithe nua a bhfuil míchumas orthu (mar chéatadán de na hiontrálaithe nua go léir) | 12.4%(2020/21) | 16% | 16.3%(2024/25) |
| An líon iontrálaithe nua ón Lucht Siúil | 33(2020/21) | 150 | 57(2024/25) |
| An céatadán d'iontrálaithe nua ón Lucht Siúil (mar chéatadán de na hiontrálaithe nua go léir) | 0.07%(2020/21) | 0.32% | 0.12%(2024/25) |

***Table 14*** *Achoimre ar Spriocanna Náisiúnta ina gcuirtear an bhonnlíne sa Phlean Rochtana Náisiúnta i gcomparáid le sonraí na mblianta 2023/24 agus 2024/25*

## 4.3 Tráchtaireacht ar shonraí

### Mic léinn faoi mhíchumas

Is maidir leis an gcion d'iontrálaithe nua a bhfuil míchumas orthu a rinneadh an dul chun cinn is suntasaí. Is cion é sin ar tháinig méadú suntasach air go 16.3% sa bhliain 2024/25. Tá an sprioc 16% a socraíodh ar feadh thréimhse feidhme an Phlean Rochtana Náisiúnta seo bainte amach anois ag lárphointe na tréimhse cur chun feidhme. I gcomhthráth leis sin, tháinig méaduithe suntasacha ar an líon mac léinn atá ag lorg tacaíocht ón gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas, ó 15,670 mac léinn sa bhliain 2020/21 go 21,328 mac léinn sa bhliain 2024/25. Bhí saindeacrachtaí foghlama (32%) ag an gcion is mó de na mic léinn a fuair tacaíocht ón gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas sa bhliain 2024/25, agus bhí NEA/NHEA agus Uathachas ar an gcion is mó díobh ina dhiaidh sin (14% i gcás an dá cheann díobh). Tháinig méadú suntasach freisin ar an gcion d'iontrálaithe nua faoi mhíchumas a tháinig tríd an mBealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas (DARE), ó 4.3% sa bhliain 2020/21 go 8.1% sa bhliain 2024/25.

Mar sin féin, níl an dul chun cinn sin ar an leibhéal fochéime le feiceáil sna rátaí rannpháirtíochta ar an leibhéal iarchéime. Mar a thugtar le fios sna sonraí ó PTF 3, tháinig laghdú dhá phointe céatadáin ar rannpháirtíocht na mac léinn faoi mhíchumas a bhí ag tabhairt faoi staidéar iarchéime, ó 6% sa bhliain 2020/21 go 4% sa bhliain 2024/25.

## Mic léinn ón Lucht Siúil agus ón bpobal Romach

Léirítear sna sonraí maidir le rannpháirtíocht an Lucht Siúil go bhfuil dul chun cinn déanta i dtreo na sprice atá leagtha amach sa Phlean Rochtana Náisiúnta seo. Tháinig méadú ar an líon iontrálaithe nua ón Lucht Siúil, ó 33 iontrálaí sa bhliain 2020/21 go 57 n-iontrálaí sa bhliain 2024/25. Beidh sé dúshlánach an sprioc de chuid an Phlean Rochtana Náisiúnta, mar atá 150 iontrálaí nua ón Lucht Siúil, a bhaint amach, agus tá gá le hiarrachtaí leanúnacha ó gheallsealbhóirí ar fud gach leibhéil den leanúntas oideachais chun dlús a chur leis an dul chun cinn i dtreo na sprice sin.

I gcás na mac léinn ón Lucht Siúil atá rollaithe san ardoideachas, tá céatadán i bhfad níos ísle ag tabhairt faoi oideachas iarchéime, rud atá ag teacht leis an mbearna i rátaí rannpháirtíochta ar an leibhéal fochéime agus ar an leibhéal iarchéime do ghrúpaí tosaíochta eile.

Ba cheart a thabhairt faoi deara gur le rannpháirtíocht mac léinn ón Lucht Siúil san ardoideachas a bhaineann na sonraí a chuirtear i láthair sa Phlean Rochtana Náisiúnta agus san athbhreithniú seo. Tá sonraí maidir le rannpháirtíocht na mac léinn Romach san ardoideachas á mbailiú tríd an Suirbhé ar Rochtain Chothrom ón mbliain 2021/22 i leith, agus tá faireachán á dhéanamh ag an ÚAO orthu mar chuid dá chur chuige dearbhú cáilíochta i leith pointí sonraí nua a thabhairt isteach. I bhfianaise na moltaí sa dara Plean Sonraí Rochtana, áfach, maidir leis an aistriú chuig foinsí sonraí riaracháin chun críocha rannpháirtíocht san ardoideachas a thomhas de réir eitneachta, déanfar dul chun cinn ar shonraí bonnlíne agus ar spriocanna gaolmhara maidir le rannpháirtíocht na Romach san ardoideachas mar chuid den phróiseas forbartha don chéad Phlean Rochtana Náisiúnta eile.

## Mic léinn atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch

Tá luas an dul chun cinn i dtreo an spriocráta aistrithe[11] ón scoil chuig an ardoideachas d'iontrálaithe nua ó limistéir faoi mhíbhuntáiste níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis ag an bpointe seo i gcur chun feidhme an Phlean Rochtana Náisiúnta. Léiríodh i sonraí bonnlíne na bliana 2019/20 a soláthraíodh sa Phlean Rochtana Náisiúnta gurbh ionann an ráta aistrithe agus 42%. Bhain an ráta aistrithe buaic ab ionann agus 44% amach sa bhliain 2020/21. Léirítear sna sonraí is déanaí atá ar fáil ón mbliain 2023/24, áfach, gurb é 43% an ráta aistrithe, i gcomparáid le 66% don phobal foriomlán scoláirí Ardteistiméireachta. Tá an ráta aistrithe d'iontrálaithe nua ó limistéir faoi mhíbhuntáiste ag teacht le treochtaí ar an leibhéal náisiúnta maidir leis na rátaí aistrithe ón scoil

13 Sa chomhthéacs sin, tagraítear leis an ráta aistrithe don chion de mhic léinn a théann isteach san ardoideachas go díreach ón oideachas dara leibhéal. Ríomhtar na rátaí measta aistrithe dóibh siúd a d'aistrigh go díreach ón oideachas dara leibhéal chuig an ardoideachas tríd an líon iontrálaithe nua lánaimseartha (idir 18 mbliana d'aois agus 20 bliain d'aois) i ngach ceann de na catagóirí díothachta iomchuí sna Scóir Innéacs Díothachta a roinnt ar an líon scoláirí Ardteistiméireachta sa chatagóir chéanna.

14 An Roinn Oideachais agus Óige, 2025. Táscairí Oideachais d'Éirinn. .

chuig an ardoideachas sa tréimhse sin, ar lena linn a tháinig méadú suntasach ar an ráta aistrithe foriomlán sa bhliain 2020, rud a tharla de dheasca phaindéim COVID-19, is dócha. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go raibh ráta aistrithe na bliana 2023 ar fud na tíre ar an leibhéal is airde sa tréimhse tomhais ón mbliain 2019 go dtí an bhliain 2023, seachas an bhliain 2020, rud a thugann le fios go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh againn i dtreo na sprice náisiúnta sin[12].

Tháinig laghdú dhá phointe céatadáin ar an gcion d'iontrálaithe nua lánfhásta ó limistéir faoi mhíbhuntáiste, ó 11% sa bhliain 2019/20 go 9% sa bhliain 2023/24. Is díol suntais gur tharla sé sin i gcomhthráth le laghdú leanúnach ar an gcion d'iontrálaithe nua lánfhásta le himeacht ama (ó 13% sa bhliain 2013/14 go 7% sa bhliain 2019/20 agus go 5% sa bhliain 2023/24). Tarraingítear aird sna sonraí ar scála an dúshláin a bhaineann le rannpháirtíocht iontrálaithe nua lánfhásta ó limistéir faoi mhíbhuntáiste san ardoideachas a mhéadú, agus tugtar le fios iontu go mbeidh sé an-dúshlánach an sprioc de chuid an Phlean Rochtana Náisiúnta a bhaint amach, is é sin, go mbeadh 20% d'iontrálaithe nua lánfhásta ó limistéir faoi mhíbhuntáiste faoin mbliain 2028.

Toisc rannpháirteach dhóchúil sa laghdú ar rannpháirtíocht is ea an geilleagar lánfhostaíochta. Is mó an seans freisin go mbeidh freagrachtaí cúraim breise ar iontrálaithe nua lánfhásta agus, dá bhrí sin, baineann ríthábhacht le bearta chun solúbthacht an tsoláthair agus na tacaíochta a fheabhsú, lena n-áirítear roghanna páirtaimseartha. Tugtar le fios sna sonraí atá curtha i láthair sa tuarascáil seo maidir leis an gcion de mhic léinn pháirtaimseartha agus de mhic léinn sholúbtha go bhfuil deis ann feabhas a chur ar thairiscintí clár solúbtha. Tá sé tábhachtach go mbeadh tacaíochtaí solúbtha do mhic léinn ag gabháil le samhlacha solúbtha soláthair chun a chinntiú gur roghanna indéanta iad sin do mhic léinn ó ghrúpaí tosaíochta.

# Rannán 5: Moltaí an Athbhreithnithe Dul Chun Cinn

Ag an bpointe leath bealaigh seo, is léir go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta i dtreo córas ardoideachais níos ionchuimsithí, níos éagsúla agus níos freagrúla a fhorbairt. D'ainneoin na ndúshlán ollmhór a tháinig as paindéim COVID-19 don earnáil agus d'ainneoin na ndúshlán an-phráinneach atá roimh mhic léinn i bhfianaise an chostais maireachtála, tá dul chun cinn déanta ar fhormhór na gcuspóirí agus na bpríomhghníomhartha atá sa Phlean Rochtana Náisiúnta seo agus ar a spriocanna a bhaint amach. Tá réimsí ann ar gá tuilleadh tosaíochta a thabhairt dóibh sa chéad chéim eile de chur chun feidhme an Phlean Rochtana Náisiúnta, agus déantar aon phríomh-mholadh déag ina leith sin san Athbhreithniú Dul Chun Cinn seo.

## 1 Spriocanna náisiúnta

Tar éis anailís a dhéanamh ar na sonraí atá ar fáil agus ag féachaint do chomhthéacs na sonraí bonnlíne, moltar go gcoinneofaí na spriocanna náisiúnta ar feadh thréimhse feidhme an Phlean Rochtana Náisiúnta.

- Is é 43% an ráta aistrithe idir an scoil agus an t-ardoideachas sa bhliain 2023/24, rud atá cothrom le méadú pointe céatadáin amháin ar bhonnlíne an Phlean Rochtana Náisiúnta, mar a bhí 42% (2019/20). Cé go mbeidh sé dúshlánach an sprioc 54% de chuid an Phlean Rochtana Náisiúnta a bhaint amach faoin mbliain 2028, tá dul chun cinn á dhéanamh i dtreo na sprice sin.
- Tháinig moill ar an dul chun cinn ar iontrálaithe nua lánfhásta a mhealladh ó limistéir atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch, agus rannpháirtíocht an chohóirt sin ag laghdú ó 11% sa bhliain 2019/20 go 9% sa bhliain 2023/24. Beidh sé dúshlánach an sprioc 20% de chuid an Phlean Rochtana Náisiúnta a bhaint amach, ach moltar go gcoinneofaí an sprioc reatha agus go ndéanfaí tuilleadh oibre chun rannpháirtíocht na mac léinn lánfhásta ó ghrúpaí tosaíochta san ardoideachas a chur chun cinn.
- An rannpháirtíocht ag iontrálaithe nua a bhfuil míchumas orthu, tá sí níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis ag an bpointe leath bealaigh seo de chur chun feidhme an Phlean Rochtana Náisiúnta, agus é ag ardú ó bhonnlíne ab ionann agus 12.4% sa bhliain 2020/21 go 16.3% sa bhliain 2024/25. Moltar go gcuirfí feabhas ar thacaíochtaí do mhic léinn a bhfuil míchumas orthu chun fás comhsheasmhach a chinntiú maidir leis an líon daoine ón gcohórt sin atá san ardoideachas.
- Tháinig méadú comhsheasmhach ar an líon iontrálaithe nua ón Lucht Siúil idir an bhliain 2020/21 agus an bhliain 2024/25. Aithnítear go bhfuil obair shuntasach spriocdhírithe leanúnach á déanamh ar fud an chórais chun rannpháirtíocht an chohóirt sin a fheabhsú, lena n-áirítear trí na cúig shnáithe go léir den Chlár um Rochtain ar Ardoideachas.
- Maidir leis na naoi bpríomhtháscaire feidhmíochta atá comhtháite ar fud ghnéithe an Phlean Rochtana Náisiúnta – eadhon, solúbthacht, éagsúlacht, rochtain agus rannpháirtíocht do ghrúpaí tosaíochta, agus rath agus rannpháirtíocht na mac léinn – is é an príomh-mholadh ná leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar shonraí ar a bhfad trí anailísí treochta a dhéanamh ar na pointí sonraí atá ann cheana thar thréimhsí sainithe ama. Ba cheart na hanailísí sin a bheith mar bhonn eolais faoin gcéad Phlean Rochtana Náisiúnta eile.

## 2 Rannpháirtíocht an Lucht Siúil agus na Romach san ardoideachas

Tá rannpháirtíocht na mac léinn ón Lucht Siúil san ardoideachas ró-íseal fós. Ón mbliain 2021 i leith, tá cistiú imfhálaithe á chur ar fáil ag an Rialtas chun rochtain agus rannpháirtíocht na mac léinn ón Lucht Siúil agus ón bpobal Romach san ardoideachas a mhéadú trí chistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin ar dtús agus, rud ba dhéanaí fós, trí PATH 5. Leis an infheistíocht sin, comhlánaítear an tacaíocht spriocdhírithe a sholáthraítear cheana féin ar fud na gceithre shnáithe eile de PATH agus na hacmhainní a gealladh ar leibhéal na hinstitiúide ardoideachais. Léirítear san fhianaise atá ag teacht chun cinn ó chur chun feidhme PATH 5 go dtí seo na héifeachtaí dearfacha atá aige agus na tionchair fhadtéarmacha a d'fhéadfadh a bheith ag idirghabhálacha agus ag tionscnaimh múscailte uaillmhéine lena spriocdhírítear ar fhoghlaimeoirí ag na luathchéimeanna den leanúntas oideachais. Tá sé cruthaithe gur beart a raibh éifeacht ar leith leis a bhí in Oifigigh For-rochtana thiomnaithe don Lucht Siúil agus do na Romaigh a cheapadh as measc daoine ón Lucht Siúil agus ón bpobal Romach mar chuid de PATH 5.

Chun aitheantas a thabhairt do thionchair charnacha leanúnacha PATH 5 agus do na tionchair charnacha a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, agus chun tacú le cuspóirí comhlántacha sa dara Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach, sa Straitéis Oideachais don Lucht Siúil agus na Romaigh, agus sa Phlean Rochtana Náisiúnta, moltar go n-aistreofaí cistiú tiomnaithe chun tacú le rannpháirtíocht an Lucht Siúil agus an phobail Romaigh san ardoideachas trí PATH 5 chuig bonn inbhuanaithe.

## 3 Mic Léinn a bhfuil míchumas intleachta orthu

Is forbairt shuntasach í Céim 2 de PATH 4. Is í an chéad uair riamh í a soláthraíodh cistiú Stáit chun tacú le cláir do mhic léinn a bhfuil míchumas orthu san ardoideachas ar an leibhéal náisiúnta. De bhreis ar na nithe a foghlaimíodh agus ar na sonraí a bhailigh an ÚAO mar chuid de phróiseas faireacháin agus tuairiscithe Chéim 2 de PATH 4, tá taighde nuálach á dhéanamh ag an 11 institiúid ardoideachais rannpháirteach ar an leibhéal áitiúil agus i gcomhoibriú le hinstitiúidí ardoideachais eile, agus tá meastóireachtaí cláir á ndéanamh acu. Tá athbhreithniú córasach á thionscnamh ag an ÚAO chun na fionnachtana agus na nithe a foghlaimíodh ó na próisis taighde agus mheastóireachta sin a chomhtháthú. Moltar go gcuirfí an t-athbhreithniú sin i gcrích laistigh de thréimhse feidhme an chláir chun bonn eolais a chur faoin mbeartas ar an leibhéal náisiúnta agus chun cinntí tráthúla a chumasú maidir le tacaíocht cistiúcháin níos fadtéarmaí do sholáthar ardoideachais don chohórt sin.

## 4 Rannpháirtíocht mac léinn lánfhásta ó ghrúpaí tosaíochta

Leagtar béim sna sonraí a scrúdaíodh mar chuid den athbhreithniú seo ar dhúshlán atá ag dul i méid maidir le rátaí rannpháirtíochta mac léinn lánfhásta san ardoideachas ar fud na tíre, agus tá an dúshlán sin níos suntasaí i gcás mic léinn lánfhásta ó ghrúpaí tosaíochta, go háirithe i gcomhthéacs na lánfhostaíochta sa tír. Agus na fionnachtana agus na moltaí a cuireadh chun feidhme sa Staidéar ar Rannpháirtíocht Mac Léinn Lánfhásta in Ardoideachas (2021) á gcur san áireamh, moltar go ndéanfaí tuilleadh oibre chun tuiscint a fháil ar na bacainní atá ar rannpháirtíocht mac léinn lánfhásta ó ghrúpaí tosaíochta agus chun cumasóirí féideartha a shainaithint.

## 5 Tacaíochtaí do mhic léinn a bhfuil míchumas orthu

Cuirtear fáilte roimh na méaduithe i ndiaidh a chéile ar an gcion d'iontrálaithe nua a bhfuil míchumas orthu agus, mar a léirítear sna sonraí a ndearnadh anailís orthu mar chuid den athbhreithniú seo, is mó an líon ná na hionchais ag an bpointe lár bealaigh seo i gcur chun feidhme an Phlean Rochtana Náisiúnta. Cuireadh in iúl go soiléir i gcomhairliúcháin le geallsealbhóirí go bhfuil méadú tagtha ag an am céanna ar chastacht riachtanais na mac léinn a bhíonn ag plé le seirbhísí tacaíochta Rochtana agus Míchumais, agus go bhfuil éilimh bhreise á gcur ar sheirbhísí do mhic léinn dá bharr sin. Ina theannta sin, bíonn an t-éileamh ar thacaíocht tríd an gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas ag méadú bliain i ndiaidh bliana. Cé go n-aithnítear na méaduithe a rinneadh le déanaí ar chistiú ón gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas, níl siad ag coinneáil suas leis an éileamh méadaitheach ar thacaíocht ón gCiste sin. Thionscain RBATNE Tionscadal Míchumais chun tacaíochtaí a mhapáil ar fud na hearnála treasaí, agus moltar go mbeadh fionnachtana an chleachtaidh sin mar bhonn eolais faoi scópáil aon athbhreithnithe ar thacaíochtaí míchumais san ardoideachas.

## 6 Struchtúir Cur Chun Feidhme an Phlean Rochtana Náisiúnta

Cuirtear chun tosaigh sa Phlean Rochtana Náisiúnta reatha an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht trasearnála laistigh de chur chuige níos leithne uile-rialtais agus uile-oideachais. Luaigh geallsealbhóirí a ndeachthas i gcomhairle leo mar chuid den athbhreithniú seo roinnt dúshlán maidir le Grúpa Stiúrtha an Phlean Rochtana Náisiúnta, atá ina struchtúr tábhachtach cur chun feidhme atá mar bhonn agus thaca ag an bPlean Rochtana Náisiúnta reatha. Moltar go ndéanfaí athbhreithniú ar struchtúr agus oibriú an Ghrúpa Stiúrtha i gcomhairle leis na baill chun bealaí oibre a fheabhsú agus chun leas níos fearr a bhaint as saineolas éagsúil an ghrúpa.

## 7 Cineálacha cur chuige institiúide uile i leith Dearadh Uilíoch a chur chun feidhme

Trí Chéim 1 de PATH 4, rinne institiúidí ardoideachais dul chun cinn suntasach laistigh de thréimhse ama measartha gairid maidir le cleachtais Deartha Uilíoch a chur i bhfeidhm ar fud an chórais ardoideachais. Chun tógáil ar an móiminteam sin, moltar go ndéanfadh institiúidí ardoideachais iniúchadh ar bhealaí chun cineálacha cur chuige Deartha Uilíoch institiúide uile a leabú tuilleadh, agus aird á tabhairt ar na ceithre cholún atá luaite sa Chairt ALTITUDE (Foghlaim, Teagasc agus Measúnú; Tacaíochtaí, Seirbhísí agus Rannpháirtíocht Shóisialta; An Timpeallacht Fhisiciúil; agus An Timpeallacht Dhigiteach).

## 8 Rannpháirtíocht mac léinn

Tarraingítear aird sa Phlean Rochtana Náisiúnta ar an tábhacht a bhaineann le muintearas na mac léinn agus le glór na mac léinn sa chinnteoireacht maidir le beartais, cláir agus tionscnaimh a bhaineann le rochtain, rannpháirtíocht agus rath na mac léinn. Moltar go ndéanfaí tuilleadh oibre chun feabhas a chur ar an ionadaíocht fhiúntach a dhéantar ar chomhpháirtithe is mic léinn, agus aird á tabhairt ar struchtúir ar an leibhéal náisiúnta chun tacú le rannpháirtíocht mac léinn sa chinnteoireacht ar fud ardoideachas na hÉireann, amhail Clár Rannpháirtíochta Náisiúnta na Mac Léinn (NStEP). Ar leibhéal na hinstitiúide ardoideachais, moltar go ndéanfaí breithniú ar dheiseanna méadaithe a sholáthar le haghaidh glór na mac léinn ó ghrúpaí tosaíochta a chomhtháthú isteach sna gnéithe oibríochtúla de chláir a dhearadh agus d'fhaireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu.

## 9 Soiléire na faisnéise do mhic léinn ó ghrúpaí tosaíochta

Ceann amháin de phríomhspriocanna an Phlean Rochtana Náisiúnta is ea faisnéis shoiléir intuigthe a sholáthar do mhic léinn ionchasacha faoi conas rochtain a fháil ar an ardoideachas. Ba cheart an fhaisnéis sin a bheith áisiúil don úsáideoir agus inrochtana do mhic léinn agus do bhaill teaghlaigh ó chúlraí éagsúla agus ó phobail éagsúla. Tá fianaise ann go ndearnadh dul chun cinn suntasach ar leibhéal an chórais chun faisnéis chaighdeánaithe a sholáthar maidir le tacaíochtaí airgeadais agus le bealaí rochtana agus go bhfuiltear ag glacadh cur chuige comhordaithe i leith for-rochtana agus meantóireacht réamhligin isteach atá dírithe ar ghrúpaí tosaíochta an Phlean Rochtana Náisiúnta. Sna seisiúin le geallsealbhóirí, labhair mic léinn go dearfach faoi chláir mheantóireachta réamhligin isteach ar fud na hearnála, faoin spriocdhíriú méadaithe ar fhoghlaimeoirí neamhthraidisiúnta, agus faoin tacaíocht mhéadaithe a thugann Oifigigh Rochtana maidir le haistriú chuig an ardoideachas. Moltar go ndéanfaí tuilleadh oibre ar an leibhéal náisiúnta chun iarrachtaí na n-institiúidí ardoideachais a chomhlánú agus chun a chinntiú go mbeidh faisnéis shoiléir ardchaighdeáin ar fáil trí ardáin láraithe.

## 10 Solúbthacht i samhlacha soláthair agus i dtacaíochtaí do mhic léinn

- Moltar go dtabharfadh institiúidí ardoideachais tús áite do shamhlacha solúbtha soláthair a leathnú chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na mac léinn ó ghrúpaí tosaíochta agus chun tacú lena rannpháirtíocht san ardoideachas.
- Moltar freisin go ndéanfaí iniúchadh ar leibhéal na hinstitiúide ar bhealaí chun níos mó solúbthachta a leabú isteach sa soláthar seirbhísí tacaíochta do mhic léinn. Mar shampla, ba cheart d'institiúidí ardoideachais breithniú a dhéanamh ar sheirbhísí tacaíochta a chur ar fáil lasmuigh de na croí-uaireanta chun cabhrú le mic léinn atá ag obair agus iad i mbun a gcuid staidéir nó atá ag taisteal faid fhada le haghaidh a gcuid staidéir. Ar an leibhéal náisiúnta, ba cheart iniúchadh a dhéanamh ar roghanna chun solúbthacht níos mó a leabú isteach i dtacaíochtaí do mhic léinn chun an t-ailíniú agus an comhleanúnachas is fearr a chinntiú idir rúin bheartais agus sásraí cistiúcháin tacaíochta.

## 11 Mic léinn atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch agus ag a bhfuil eispéiris éagsúla saoil agus cur chun feidhme an dara Plean Sonraí Rochtana

- Chuir geallsealbhóirí a ndeachthas i gcomhairle leo mar chuid den Athbhreithniú seo ábhair imní in iúl maidir le bailiú sonraí, agus le faireachán ar shonraí, ar an leibhéal náisiúnta faoi mhic léinn atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch agus ag a bhfuil eispéiris saoil ar leith atá leagtha amach sa Phlean Rochtana Náisiúnta. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur tháinig an próiseas comhairliúcháin don athbhreithniú seo chun deiridh roimh fhoilsiú an dara Plean Sonraí Rochtana. Soláthraítear dea-shoiléire sa dara Plean Sonraí Rochtana maidir le bailiú sonraí ar an leibhéal náisiúnta, agus moltar go leanfadh institiúidí ardoideachais ar aghaidh ag obair i gcomhpháirt le geallsealbhóirí pobail agus réigiúnacha chun na tacaíochtaí cuí a sholáthar do mhic léinn a bhfuil taithí acu ar an easpa dídine, do mhic léinn a bhfuil taithí acu ar an gcóras ceartais choiriúil, agus do mhic léinn a tháinig slán as foréigean baile.
- Moltar freisin go gcuirfí moltaí an dara Plean Sonraí Rochtana chun feidhme ar bhealach tráthúil, agus aird á tabhairt ar an athbhreithniú leanúnach ar an gCóras Taifead Mac Léinn ag an ÚAO agus ar na deiseanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn sa chomhthéacs sin, agus ar an Straitéis Náisiúnta maidir le Sonraí Comhionannais 2026-2031.

# Rannán 6: Plean Cur Chun Feidhme a eascraíonn as an Athbhreithniú Dul Chun Cinn Meántéarmach

| Moladh | Gníomhartha | Freagracht |
|---|---|---|
| | | |
| 1. Spriocanna Náisiúnta agus Príomhtháscairí Feidhmíochta | | |
| Moltar go gcoinneofaí spriocanna agus príomhtháscairí feidhmíochta an Phlean Rochtana Náisiúnta ar bun don dara céim den chur chun feidhme. | Leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn náisiúnta i gcomparáid le spriocanna an Phlean Rochtana Náisiúnta agus le príomhtháscairí feidhmíochta ar bhonn bliantúil. | An ÚAO/RBATNE |
| 2. Rannpháirtíocht an Lucht Siúil agus na Romach san ardoideachas | | |
| Moltar go n-aistreofaí cistiú tiomnaithe chun tacú le rannpháirtíocht an Lucht Siúil agus an phobail Romaigh san ardoideachas trí PATH 5 chuig bonn inbhuanaithe. | Foinse cistiúcháin inbhuanaithe a shainaithint chun tacú le leanúint de PATH 5 ar bhonn buan roimh dheireadh an fhadaithe bliana leis an gclár. | RBATNE/an ÚAO |
| 3. Mic Léinn a bhfuil míchumas intleachta orthu | | |
| Moltar go dtacódh an t-athbhreithniú córasach ar fhianaise a bhailítear mar chuid de threoirthionscadal Chéim 2 de PATH 4 le forbairt beartais ar an leibhéal náisiúnta agus le cinntí tráthúla agus cumarsáid thráthúil maidir le cistiú níos fadtéarmaí. | Grúpa Comhairleach a bhunú chun comhroinnt eolais a éascú agus chun treoir a sholáthar maidir le sásraí féideartha chun cur le rannpháirtíocht mac léinn lánfhásta ó na grúpaí tosaíochta san ardoideachas. | An ÚAO/RBATNE |
| 4. Rannpháirtíocht mac léinn lánfhásta | | |
| Moltar go ndéanfaí tuilleadh oibre chun tuiscint a fháil ar na bacainní atá ar rannpháirtíocht mac léinn lánfhásta ó ghrúpaí tosaíochta agus chun cumasóirí féideartha a shainaithint. | Grúpa Comhairleach a bhunú chun comhroinnt eolais a éascú agus chun treoir a sholáthar maidir le sásraí féideartha chun cur le rannpháirtíocht mac léinn lánfhásta ó na grúpaí tosaíochta san ardoideachas. | An ÚAO/ RBATNE/ institiúidí ardoideachais |
| 5. Tacaíochtaí do mhic léinn a bhfuil míchumas orthu | | |
| Moltar go mbainfí úsáid as fionnachtana na mapála ar thacaíochtaí agus seirbhísí do mhic léinn sa Bhreisoideachas agus san Ardoideachas a bhfuil míchumas orthu faoi Thionscadal Míchumais na Roinne chun bonn eolais a chur faoin treo a rachaidh an soláthar tacaíochta míchumais san Ardoideachas amach anseo. | Tá RBATNE le leanúint le tacaíocht agus seirbhísí a mhapáil ar fud an oideachais threasaigh agus le húsáid a bhaint as na fionnachtana chun bonn eolais a chur faoi na chéad chéimeanna eile maidir le soláthar seirbhísí míchumais san Ardoideachas | RBATNE |

| Moladh | Gníomhartha | Freagracht |
|---|---|---|
| | | |
| 6. Struchtúir Cur Chun Feidhme an Phlean Rochtana Náisiúnta | | |
| Moltar go ndéanfaí athbhreithniú ar struchtúr agus oibriú Ghrúpa Stiúrtha an Phlean Rochtana Náisiúnta. | I gcomhairle le baill an Ghrúpa Stiúrtha, athbhreithniú a dhéanamh ar na téarmaí tagartha agus ar an mballraíocht chun tacú le bealaí feabhsaithe oibre agus chun leas níos fearr a bhaint as saineolas na mball. | RBATNE/NAP SG |
| 7. Cineálacha cur chuige institiúide uile i leith Dearadh Uilíoch a chur chun feidhme | | |
| Moltar go ndéanfadh institiúidí ardoideachais iniúchadh ar bhealaí chun cineálacha cur chuige Deartha Uilíoch institiúide uile a leabú tuilleadh, agus aird á tabhairt ar na ceithre cholún atá luaite sa Chairt ALTITUDE: (1) Foghlaim, Teagasc agus Measúnú; (2) Tacaíochtaí, Seirbhísí agus Rannpháirtíocht Shóisialta; (3) An Timpeallacht Fhisiciúil; agus (4) An Timpeallacht Dhigiteach. | Agus leas á bhaint as an bhfianaise ar thionchar an Chiste um Dhearadh Uilíoch faoi Chéim 1 de PATH 4 agus as an bhfoghlaim atá ag teacht chun cinn ó chur chun feidhme an Chiste um Thimpeallacht Ionchuimsitheach, tá institiúidí ardoideachais le dul chun cinn a dhéanamh ar leabú breise na gcineálacha cur chuige institiúide uile i leith Dearadh Uilíoch. | RBATNE/an ÚAO<br><br>Institiúidí ardoideachais |
| 8. Rannpháirtíocht Mac Léinn | | |
| Moltar go ndéanfaí tuilleadh oibre chun feabhas a chur ar an ionadaíocht fhiúntach a dhéantar ar chomhpháirtithe is mic léinn, agus aird á tabhairt ar struchtúir ar an leibhéal náisiúnta amhail an NStEP.<br><br>Moltar go soláthródh institiúidí ardoideachais deiseanna méadaithe le haghaidh glór na mac léinn ó ghrúpaí tosaíochta a chomhtháthú. | Dul chun cinn a dhéanamh ar an athbhreithniú ar an suíomh Gréasáin studentfinance.ie.<br><br>Leanúint de na hardáin Qualifax.ie agus NurturingSkills.ie a chothabháil agus a nuashonrú ar bhonn bliantúil chun tacú le faisnéis ardchaighdeáin a sholáthar d'fhoghlaimeoirí. | An ÚAO/RBATNE<br><br>QQI/RLMC |
| 9. Soiléire na faisnéise do mhic léinn ó ghrúpaí tosaíochta | | |
| Moltar go ndéanfaí tuilleadh oibre ar an leibhéal náisiúnta chun a chinntiú go mbeidh faisnéis shoiléir ardchaighdeáin ar fáil trí chainéil láraithe agus trí chainéil institiúideacha araon. | Dul chun cinn a dhéanamh ar an athbhreithniú ar an suíomh Gréasáin studentfinance.ie.<br><br>Leanúint de na hardáin Qualifax.ie agus NurturingSkills.ie a chothabháil agus a nuashonrú ar bhonn bliantúil chun tacú le faisnéis ardchaighdeáin a sholáthar d'fhoghlaimeoirí.<br><br>An Plean um Sheirbhísí Poiblí Digiteacha a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar inrochtaineacht agus ar cháilíocht na faisnéise d'fhoghlaimeoirí maidir le conairí éagsúla oideachais agus le tacaíochtaí gaolmhara do mhic léinn. | An ÚAO/RBATNE<br><br>QQI/RLMC<br><br>DFHERIS |

| Moladh | Gníomhartha | Freagracht |
|---|---|---|
| | | |
| 10. Solúbthacht i samhlacha soláthair agus i dtacaíochtaí do mhic léinn | | |
| Moltar go dtabharfadh institiúidí ardoideachais tús áite do shamhlacha solúbtha soláthair a leathnú chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na mac léinn ó ghrúpaí tosaíochta agus chun tacú lena rannpháirtíocht san ardoideachas. | Tá institiúidí ardoideachais le leanúint de shamhlacha hibrideacha agus samhlacha ar líne a fhorbairt chun rochtain agus rannpháirtíocht a fheabhsú. | Institiúidí ardoideachais |
| Moltar go ndéanfaí iniúchadh ar leibhéal na hinstitiúide ar bhealaí chun níos mó solúbthachta a leabú isteach sa soláthar seirbhísí tacaíochta do mhic léinn. | Tá institiúidí ardoideachais le hathbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí tacaíochta do mhic léinn chun tacú le rannpháirtíocht mac léinn lasmuigh de na croí-uaireanta. | Institiúidí ardoideachais |
| Moltar go ndéanfaí iniúchadh ar an leibhéal náisiúnta ar roghanna chun níos mó solúbthachta a leabú isteach i dtacaíochtaí do mhic léinn. | Tá RBATNE agus an ÚAO le hiniúchadh a dhéanamh ar bhealaí chun feabhas a chur ar sholúbthacht i dtacaíochtaí do mhic léinn ar an leibhéal náisiúnta. | RBATNE/an ÚAO/SUSI |
| 11. Mic léinn atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch agus ag a bhfuil eispéiris éagsúla saoil agus cur chun feidhme an dara Plean Sonraí Rochtana | | |
| Moltar go leanfadh institiúidí ardoideachais ar aghaidh ag obair i gcomhpháirt le geallsealbhóirí pobail agus réigiúnacha chun na tacaíochtaí cuí a sholáthar do mhic léinn a bhfuil taithí acu ar an easpa dídine, do mhic léinn a bhfuil taithí acu ar an gcóras ceartais choiriúil, agus do mhic léinn a tháinig slán as foréigean baile. | Tá institiúidí ardoideachais le comhpháirtíochtaí le geallsealbhóirí iomchuí pobail agus réigiúnacha a neartú chun treoir a thabhairt maidir le tacaíochtaí réamhligin isteach, tacaíochtaí iarligin isteach, agus tacaíochtaí aistrithe atá saincheaptha go cuí a shainaithint agus a sholáthar do mhic léinn a bhfuil eispéiris éagsúla saoil acu. | Institiúidí ardoideachais |
| Moltar go gcuirfí moltaí an dara Plean Sonraí Rochtana chun feidhme ar bhealach tráthúil. | Tá an ÚAO agus RBATNE le plean cur chun feidhme a fhorbairt agus a chomhaontú chun dul chun cinn a dhéanamh ar na moltaí laistigh den dara Plean Sonraí Rochtana, agus aird á tabhairt ar an athbhreithniú leanúnach ar an gCóras Taifead Mac Léinn ag an Údarás um Ard-Oideachas agus ar an Straitéis Náisiúnta maidir le Sonraí Comhionannais 2026-2031. | An ÚAO/RBATNE |

# Aguisín

## Aguisín 1: Léarscáil na Teoirice Athraithe (ToC)

### Réamhrá

Tá an cur chuige a úsáideadh don Athbhreithniú Dul Chun Cinn Meántéarmach seo bunaithe ar phríomhphrionsabail an chleachtais chomhaimseartha meastóireachta. Mar chuid den phróiseas sin, forbraíodh Teoiric Athraithe fhorásach agus cuireadh isteach í lena breithniú ag an bhFóram Rochtana Náisiúnta bliantúil agus ag Grúpa Stiúrtha an Phlean Rochtana Náisiúnta araon, rud a léiríonn tiomantas do phróiseas éifeachtach athbhreithnithe a chomhdhearadh le hionchur ó phríomh-gheallsealbhóirí.

Bhí na comhpháirteanna uileghabhálacha seo a leanas Teoiric Athraithe bhunaidh:

- Cás Sainithe: Choimisiúnaigh an ÚAO an tAthbhreithniú Dul Chun Cinn Meántéarmach neamhspleách seo ar an bPlean Rochtana Náisiúnta 2022-28, lena n-áirítear measúnú ar an dul chun cinn i gcomparáid le spriocanna náisiúnta, le príomhtháscairí feidhmíochta, agus le príomhghníomhartha a shonraítear faoi gach ceann de shé sprioc chomhaontaithe an Phlean Rochtana Náisiúnta.
- Aidhmeanna an Athbhreithnithe: Mionsonraítear iad sin i bhfoirm chomhiomlánaithe i Rannán 1.4 den doiciméad seo.
- Réasúnaíocht: Tá sé mar aidhm leis an Athbhreithniú a) bearnaí cur chun feidhme agus réimsí le haghaidh feabhais a shainaithint, b) moltaí inghníomhaithe a sholáthar chun tacú leis an treo agus le beartú tosaíochta laistigh de shaolré an bheartais, agus c) cinnteoireacht eolach a éascú atá dírithe ar rochtain chothromasach ar an oideachas a chur chun cinn do ghrúpaí tosaíochta a luaitear sa Phlean Rochtana Náisiúnta.
- Toimhdí: I measc na bpríomhthoimhdí tá uainiú, spriocanna, díriú, infhaighteacht fianaise, agus rochtain ar fhoinsí sonraí criticiúla.
- Forbhreathnú ar an Meastóireacht: Tugtar breac-chuntas ansin ar ionchuir, ar ghníomhaíochtaí, agus ar phróisis atá mar bhonn agus thaca ag an gcur chuige roghnaithe.
- Aschuir agus Torthaí a bhfuiltear ag súil leo: Cuimsítear leis sin na spriocanna inghnóthaithe gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha a bhfuiltear ag súil leo ón athbhreithniú.
- Príomhchumasóirí agus Príomhbhacainní: Tháinig tosca chun cinn sa chaidreamh le geallsealbhóirí, amhail ábhair spreagtha, ionchais, iontaoibh, tacaíocht, acmhainniú fadtéarmach, agus tionchar na cobhsaíochta eacnamaíche agus polaitiúla ar ghrúpaí imeallaithe a spriocdhírítear orthu sa Phlean Rochtana Náisiúnta le linn na tréimhse athbhreithnithe.

Cuirtear achoimre i láthair sa léaráid seo a leanas ar an dul chun cinn go dtí seo ar spriocanna an Phlean Rochtana Náisiúnta, in éineacht leis na príomhdhúshláin a sainaithníodh. Tabhair faoi deara go bhfuil na dúshláin sin uimhrithe de réir na dtosaíochtaí a shainaithin na geallsealbhóirí

## Treoirphlean na Teoirice Athraithe (ToC) lena dtugtar aghaidh ar Fhionnachtana an Athbhreithnithe Dul Chun Cinn Mheántéarmaigh ar an bPlean Rochtana Náisiúnta

| Aidhmeanna a Cuireadh i gCrích |
|---|
| - Rinneadh athbhreithniú agus meastóireacht ar mhéid an dul chun cinn i gcomparáid leis na gníomhartha atá mar bhonn agus thaca ag gach cuspóir de chuid an Phlean Rochtana Náisiúnta.<br>- Rinneadh athbhreithniú ar an dul chun cinn ar na Spriocanna agus na Príomhtháscairí Feidhmíochta atá leagtha amach sa Phlean Rochtana Náisiúnta.<br>- Rinneadh comhairliúchán le sampla ionadaíoch de na geallsealbhóirí.<br>- Soláthraíodh tacar soiléir moltaí fianaisebhunaithe.<br>- Cuireadh tuarascáil deiridh le chéile agus scaipeadh fionnachtana chun cur chun feidhme éifeachtach an bheartais a chothú. |

| Anailís Forbhreathnaithe Achoimre ar an Dul Chun Cinn de réir na Sprice | | |
|---|---|---|
| 1. Ionchuimsitheacht | 2. Solúbthacht | 3. Soiléire |
| - Léirítear le bearta comhchoiteanna agus le torthaí comhchoiteanna go ndearnadh dul chun cinn suntasach maidir le timpeallacht oideachais atá níos ionchuimsithí, níos solúbtha agus níos tacúla a chothú, cé go mbeidh sé riachtanach faireachán leanúnach a dhéanamh ar na tionscnaimh sin agus iad a leathnú chun an móiminteam a choinneáil ar bun agus chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní atá fágtha. | - Léirítear i bhforbairtí earnáil atá freagrúil, nuálach, agus tiomanta do rochtain chothromasach agus do dheiseanna foghlama ar feadh an tsaoil le linn na tréimhse seo. Ar an iomlán, is suntasach atá an dul chun cinn a rinneadh maidir le solúbthacht a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin rochtain agus ionchuimsiú a mhéadú laistigh den earnáil ardoideachais. | - Rinneadh roinnt dul chun cinn inbhuanaithe maidir le soiléire a mhéadú ar thacaíocht do mhic léinn agus ar rochtain na mac léinn san ardoideachas trí sheirbhísí comhtháite agus trí chumarsáid níos soiléire. Cé go bhfuil feabhas leanúnach le feiceáil maidir le hacmhainní inrochtana agus le tionscnaimh spriocdhírithe, tá scóip ann chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh. |

| 4. Comhleanúnachas | 5. Inbhuanaitheacht | 6. Fianaisebhunaithe |
|---|---|---|
| - Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le spriocanna comhleanúnachais agus bonneagar an Phlean Rochtana Náisiúnta a éascú, rud as ar tháinig comhpháirtíochtaí láidre agus conairí nuálacha. Is gá fós faireachán leanúnach a dhéanamh ar rochtain, ar rannpháirtíocht, agus ar rath do ghrúpaí tosaíochta mac léinn. | - Rinneadh roinnt dul chun cinn i dtreo spriocanna agus torthaí inbhuanaitheachta, agus meastar go bhfuil an dul chun cinn a bhfuiltear ag súil leis iomchuí don chéim seo i saolré an Phlean Rochtana Náisiúnta. Mar sin féin, tá go leor tionscnamh fós sna luathchéimeanna dá bhforbairt agus níl siad aibithe go hiomlán agus níl tionchar bainte amach acu go fóill. | - Rinneadh dul chun cinn suntasach, ach tá dúshláin ann fós maidir le hanailís fhadaimseartha a neartú. Tá gealladh faoi chonair na hearnála i dtreo comhlíonadh a dhéanamh ar spriocanna atá mar bhonn agus thaca ag an sprioc fhianaisebhunaithe arb éard í tacú le rochtain níos cothromasaí agus le dul chun cinn rathúil san ardoideachas. |

| Cumasóirí agus bacainní |
|---|
| - Ábhair spreagtha agus ionchais.<br>- Caidreamh, muinín, agus tacaíocht.<br>- Acmhainniú níos fadtéarmaí le haghaidh ratha. |

**Toimhdí**

Go ndéanfaí an méid seo a leanas san Athbhreithniú Dul Chun Cinn Meántéarmach:

a) Bearnaí agus réimsí le haghaidh feabhais a shainaithint maidir le cur chun feidhme an Phlean Rochtana Náisiúnta.

b) Tacar moltaí inghníomhaithe a sholáthar chun feabhas a chur ar an treo agus ar na réimsí a bhfuil tús áite le tabhairt dóibh ar feadh an chuid atá fágtha de thréimhse feidhme an Phlean Rochtana Náisiúnta.

c) Tacaíocht a thabhairt do chinnteoireacht eolach, agus rochtain chothromasach a chur chun cinn do ghrúpaí tosaíochta a luaitear sa Phlean Rochtana Náisiúnta 2022-2028.

**Dúshláin Shainaitheanta a Dhéanann Difear don Dul Chun Cinn ar Spriocanna a Bhaint Amach**

| 1. Cistiú Gearrthéarmach (Spriocanna 1, 4, 5) | 2. Teorainneacha le córais sonraí institiúideacha (Spriocanna 1, 4, 6) | 3. Teorainneacha le struchtúir cur chun feidhme an Phlean Rochtana Náisiúnta (Spriocanna 1, 3, 4, 5) |
|---|---|---|
| **Dúshlán:** Tá an spleáchas ar chistiú tionscadalbhunaithe agus/nó ar chistiú gearrthéarmach ina chúis le héiginnteacht maidir le leanúint de sholáthar clár agus maidir le leanúnachas foirne. | **Dúshlán:** Dúshlán: Is féidir leis an mbonneagar sonraí laistigh d'institiúidí ardoideachais a bheith ilroinnte, rud a chuireann teorainn leis an gcumas chun grúpaí tosaíochta a rianú le himeacht ama. | **Dúshlán:** Dúshlán: Cuireann teorainneacha le struchtúir cur chun feidhme an Phlean Rochtana Náisiúnta bac ar chomhoibriú éifeachtach trasearnála agus ar leas a bhaint as saineolas. |

| 4. Rannpháirtíocht agus Dul Chun Cinn na Mac Léinn ó Ghrúpaí Tosaíochta an Phlean Rochtana Náisiúnta (Spriocanna 1, 2, 3, & 5) | 5. Acmhainneacht Deartha Uilíoch a fhorbairt ag an gcéim mheántéarmach (Spriocanna 1, 2, 4 agus 5) |
|---|---|
| **Dúshlán:** Is ró-íseal go fóill atá rannpháirtíocht agus dul chun cinn roinnt cohórt de ghrúpaí tosaíochta an Phlean Rochtana Náisiúnta. | **Dúshlán:** Is incriminteach atá leabú an Deartha Uilíoch ar leibhéal na hinstitiúide, agus teastaíonn comhsheasmhacht sa tacaíocht ina leith. |

**Idirghabhálaithe**

- Rochtain ar shaineolas Ghrúpa Stiúrtha an Phlean Rochtana Náisiúnta agus ar shaineolas geallsealbhóirí.
- Acmhainní chun gníomhartha inbhuanaithe a chur chun feidhme.
- Rochtain ar léargais nuashonraithe ón dara Plean Sonraí Rochtana

**An líon príomhdhúshlán a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don dul chun cinn, de réir na Sprice**

S1 = 5. S2 = 2. S3 = 2.

S4 = 4. S5 = 4. S6 = 1

## Aguisín 2: Dul chun cinn ar fud Spriocanna, Chuspóirí agus Phríomhghníomhartha an Phlean Rochtana

San aguisín seo, tugtar forbhreathnú ar an dul chun cinn atá déanta ag geallsealbhóirí ar na spriocanna, na cuspóirí agus na gníomhartha atá sa Phlean Rochtana Náisiúnta.

### Eochair

**Tá dea-dhul chun cinn á dhéanamh**
Tá an obair ar na gníomhartha a thacaíonn leis an gcuspóir seo ar an mbóthar ceart agus tá dea-dhul chun cinn á dhéanamh uirthi.

**Tá dul chun cinn á dhéanamh go pointe éigin**
Tá moill ar an obair ar na gníomhartha a thacaíonn leis an gcuspóir seo, ach rinneadh dul chun cinn go pointe éigin.

**Níl aon dul chun cinn á dhéanamh**
Ní dhearnadh aon dul chun cinn ar an obair ar na gníomhartha a thacaíonn leis an gcuspóir seo.

**Tá an obair ar an ngníomh seo curtha i gcrích**
Níor cuireadh an obair ar na gníomhartha a thacaíonn leis an gcuspóir seo i gcrích, agus ní gá aon ghníomh eile a dhéanamh.

## Sprioc 1: Ionchuimsitheacht

| Cuspóir | Gníomh | Freagracht | Príomhtháscaire Feidhmíochta | Gníomhartha a Rinneadh |
|---|---|---|---|---|
| **1.1** Tacaíocht a thabhairt do mhic léinn ó ghrúpaí tosaíochta rochtain a fháil ar ardoideachas agus eispéireas ionchuimsitheach a bheith acu, mar aon le toradh rathúil. | Tá institiúidí ardoideachais le straitéisí rochtana, rannpháirtíochta agus ratha a chur chun feidhme a thacaíonn le huaillmhianta an Phlean seo a bhaint amach. Sna straitéisí sin, ba cheart d'institiúidí ardoideachais breithniú a dhéanamh ar chonairí chuig ardoideachas agus áiteanna in áirithe do mhic léinn ó ghrúpaí tosaíochta. | Institiúidí ardoideachais, an ÚAO, RBATNE | Tuairiscíonn institiúidí ardoideachais don ÚAO gach bliain ar chur chun feidhme an Phlean Rochtana Náisiúnta mar chuid den Phróiseas Idirphlé Straitéisigh agus tuairisciú bliantúil ar shonraí tríd an gCóras Taifead Mac Léinn agus tríd an Suirbhé ar Rochtain Chothrom.<br><br>Tugann an Fóram Náisiúnta um Theagasc agus Foghlaim san Ardoideachas a Fheabhsú (NFETL) an t-eolas is deireanaí don ÚAO maidir le cur chun feidhme an Chreata Ratha Mac Léinn. | Is é atá i Rochtain agus Rannpháirtíocht ná colún sa Chreat Feidhmíochta Córais nach mór d'institiúidí ardoideachais tuairisciú faoi mar chuid den phróiseas bliantúil um Idirphlé Straitéise agus Feidhmíochta. Tuairiscíonn institiúidí ardoideachais gach bliain ar an tslí a bhfuil an Plean Rochtana Náisiúnta á chur chun feidhme acu tríd an bpróiseas tuairiscithe faoi Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022.<br><br>Oibríonn NFETL faoi choimirce an ÚAO, agus rinne an ÚAO athbhreithniú ar phríomhdhoiciméid bheartais NFETL, lenar áiríodh an Creat Ratha Mac Léinn sa bhliain 2025. |
| **1.2** Tacaíocht a thabhairt do mhic léinn atá faoi ghannionadaíocht , do mhic léinn atá faoi mhíbhuntáiste nó do mhic léinn leochaileacha trí phaindéim COVID-19 le cistí spriocdhírithe. | Athbhreithniú a dhéanamh ar an tionchar a bhí ag Ciste Teagmhais COVID-19 agus ag an gcistiú aonuaire bhreise faoin gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn mar chuid den fhís níos leithne maidir le rochtain mhéadaithe, le rannpháirtíocht mhéadaithe, agus le rath méadaithe. | Institiúidí ardoideachais, an ÚAO, RBATNE | An líon mac léinn a fhaigheann tacaíocht ó chistí spriocdhírithe, agus na torthaí cáilíochtúla gaolmhara. | Chríochnaigh institiúidí ardoideachais athbhreithnithe ar leibhéal na hinstitiúide ar chistiú ó Chiste Teagmhais COVID-19 agus ar chistiú breise ón gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn. De réir an tuairiscithe sin, bhí cistiú ón gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn á fháil ag 20,669 mac léinn sa bhliain 2020/21, rud a bhí cothrom le méadú 44% ar an bhfigiúr don bhliain roimhe. Sa bhliain 2021/22, thuairiscigh institiúidí ardoideachais go raibh cistiú ón gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn á fháil ag 19,255 mhac léinn.<br><br>De réir meastacháin a sholáthair institiúidí ardoideachais, bhíothas in ann leanúint le caidreamh a dhéanamh le breis agus 21,000 mac léinn san iomlán ó ghrúpaí tosaíochta an Phlean Rochtana Náisiúnta mar gheall ar chistiú ó Chiste Teagmhais COVID-19. |
| **1.3** Cur chuige institiúide uile a bhunú i leith rath na mac léinn agus i leith dearadh uilíoch. | Breithniú a dhéanamh ar conas is féidir cistiú PATH a úsáid chun cleachtais ionchuimsitheacha a leabú agus chun cabhrú le hinstitiúidí ardoideachais iad féin a eagrú chun grúpaí tosaíochta, lena n-áirítear mic léinn a bhfuil míchumas orthu, a ionchuimsiú go pointe níos mó. | RBATNE, an ÚAO, institiúidí ardoideachais | Fianaise ar chleachtais ionchuimsitheacha, mar shampla, ardáin foghlama inrochtana, oiliúint foirne, ceapadh curaidh deartha uilíoch, inrochtaineacht fheabhsaithe ar an gcampas, agus athbhreithniú cáilíochtúil ar dhearadh uilíoch in institiúidí ardoideachais. | Sa bhliain 2022, leithdháil an ÚAO €3 mhilliún ar institiúidí ardoideachais faoi Chéim 1 de PATH 4 chun tacú le leabú an Deartha Uilíoch agus chun fothú acmhainneachta in institiúidí ardoideachais a chumasú le haghaidh rannpháirtíocht níos mó ag mic léinn a bhfuil míchumas intleachta orthu.<br><br>Mar gheall ar an tionchar dearfach a bhí ag an infheistíocht sin, soláthraíodh €2.8 milliún eile d'institiúidí ardoideachais i mí na Nollag 2024 faoi bhabhta cistiúcháin ina dhiaidh sin de Chéim 1 de PATH 4. Tá an Ciste um Thimpeallacht Ionchuimsitheach ag tacú le hinstitiúidí ardoideachais cur leis an dul chun cinn a rinneadh maidir le cur chun feidhme an Deartha Uilíoch a chur ar aghaidh. |

| Cuspóir | Gníomh | Freagracht | Príomhtháscaire Feidhmíochta | Gníomhartha a Rinneadh |
|---|---|---|---|---|
| **1.3** Cur chuige institiúide uile a bhunú i leith rath na mac léinn agus i leith dearadh uilíoch. | Tacú le cleachtas ionchuimsitheach agus prionsabail deartha agus iad a chur chun feidhme, mar shampla, Tionscnaimh Straitéiseacha atá dírithe ar dhearadh uilíoch agus a chistítear faoin gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas. | RBATNE, an ÚAO, institiúidí ardoideachais, RLMC | Fianaise ar chleachtais ionchuimsitheacha, mar shampla, ardáin foghlama inrochtana, oiliúint foirne, ceapadh curaidh deartha uilíoch, inrochtaineacht fheabhsaithe ar an gcampas, agus athbhreithniú cáilíochtúil ar dhearadh uilíoch in institiúidí ardoideachais. | Cuimsíodh i dTionscnaimh Straitéiseacha an Chiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas breis agus 100 tionscadal, ar cuireadh an chuid is mó díobh i gcrích faoi dheireadh na bliana 2022.<br><br>Díríodh sna tionscadail ar fhorbairt straitéiseach seirbhísí tacaíochta míchumais in institiúidí ardoideachais, ar chur leis na tacaíochtaí do mhic léinn a bhfuil míchumas orthu, ar thimpeallachtaí campais coláiste a fheabhsú, agus ar chabhrú le baill foirne na n-institiúidí ardoideachais ó thaobh oiliúna agus forbartha de.<br><br>Áirítear iad seo a leanas le roinnt de na príomhthorthaí tuairiscithe a baineadh amach le cistiú do thionscnaimh straitéiseacha:<br><br>Prionsabail an Deartha Uilíoch a chur chun feidhme agus a phríomhshruthú ar roinnt campais institiúide ardoideachais.<br><br>Spásanna lena dtacaítear le daoine a bhfuil uathachas orthu, amhail faighneoga céadfacha, a fhorbairt agus a shuiteáil.<br><br>Forbairt a dhéanamh ar ábhair foghlama solúbtha agus formáidí malartacha foghlama lena dtacaítear le neamhspleáchas na mac léinn.<br><br>Ghlac breis agus 1,000 ball foirne páirt i seisiúin oiliúna agus in ionduchtúcháin, lena n-áirítear deimhniúchán an tSuaitheantais don Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim. |
| **1.4** Glór na mac léinn atá i ngrúpaí tosaíochta a chur san áireamh sa chinnteoireacht maidir le beartais, cláir agus tionscnaimh a bhaineann le rochtain, rannpháirtíocht agus rath mac léinn | Úsáid a bhaint as tionscnaimh atá ann cheana, amhail an NStEP (Clár Rannpháirtíochta Náisiúnta na Mac Léinn) agus StudentSurvey.ie chun glór agus eispéiris na mac léinn i ngrúpaí tosaíochta a chur ar áireamh. | RBATNE, an ÚAO, institiúidí ardoideachais, QQI, AMLÉ, IUA, TUA, an NStEP | Creat an NStEP agus a phrionsabail rannpháirtíochta mac léinn a chur isteach in institiúidí ardoideachais. Tuarascáil Bhliantúil ó StudentSurvey.ie ina leagtar amach tuilleadh fionnachtana ó mhic léinn ó ghrúpaí tosaíochta. | Tá sé beartaithe athbhreithniú a dhéanamh ar an NStEP chun tacú lena éifeachtacht leanúnach.<br><br>Tugadh faoi athbhreithniú cuimsitheach ar StudentSurvey.ie agus tá an suirbhé athdheartha le seoladh sa bhliain 2026. I measc na n-athruithe ar an suirbhé tá laghdú suntasach ar an bhfad agus ar an am comhlánaithe chun tacú le rátaí freagartha méadaithe, athdhíriú ar an mac léinn laistigh den cheistneoir, agus úsáid teanga níos inrochtana. Cuireadh ceisteanna leis freisin chun soiléiriú a dhéanamh ar bhacainní ar rannpháirtíocht mac léinn. |
| **1.4** Glór na mac léinn atá i ngrúpaí tosaíochta a chur san áireamh sa chinnteoireacht maidir le beartais, cláir agus tionscnaimh a bhaineann le rochtain, rannpháirtíocht agus rath na mac léinn | Feabhas a chur ar shásraí do mhic léinn chun rannchuidiú go fiúntach leis an mbeartas rochtana. | RBATNE, an ÚAO, institiúidí ardoideachais | I measc na bhforbairtí beartais amach anseo a eascraíonn as an bPlean tá glór na mac léinn san fhorbairt agus sa chur chun feidhme. | Earcaíodh mic léinn ó ghrúpaí tosaíochta an Phlean Rochtana Náisiúnta tríd an NStEP mar chomhairleoirí chun obair ar an Athbhreithniú Meántéarmach ar an bPlean Rochtana Náisiúnta.<br><br>Cuireadh glór na mac léinn a bhfuil míchumas intleachta orthu san áireamh le linn Céim 2 de PATH 4 a fhorbairt agus a chur chun feidhme.Tá mic léinn ó ghrúpaí tosaíochta ar áireamh freisin in imeachtaí earnála amhail an Fóram Rochtana Náisiúnta bliantúil. |

| Cuspóir | Gníomh | Freagracht | Príomhtháscaire Feidhmíochta | Gníomhartha a Rinneadh |
|---|---|---|---|---|
| **1.5** Deiseanna a fheabhsú do mhic léinn a bhfuil míchumas intleachta orthu chun dul i mbun ardoideachais. | Beartais agus pleananna cur chun feidhme a fhorbairt chun rannpháirtíocht fhiúntach na mac léinn a bhfuil míchumas intleachta orthu a chur chun cinn. | RBATNE, an ÚAO, institiúidí ardoideachais, RLMC | Tá tús curtha le beartais a fhorbairt agus a chur chun feidhme. | Ag teacht sna sála ar phróiseas fairsing comhairliúcháin, tionscnaíodh tionscnamh trí bliana Chéim 2 de PATH 4 sa bhliain 2023, agus tá tacaíocht is fiú níos mó ná €11 mhilliún faighte aige go dtí seo. Tá cláir do mhic léinn a bhfuil míchumas intleachta orthu á soláthar ag 11 institiúid ardoideachais. Deimhníodh síneadh dhá bhliain le Céim 2 de PATH 4 i ráithe 1 den bhliain 2026. |
| **1.6** Breithniú a dhéanamh ar conas pobal níos éagsúla mac léinn a bhaint amach ar fud gach cláir agus gach leibhéil staidéir, idir chláir agus leibhéil fochéime agus chláir agus leibhéil iarchéime. | Dul i gcomhairle le geallsealbhóirí maidir le bealaí chun éagsúlacht agus ionchuimsiú a chur chun cinn sna gairmeacha agus i gcúrsaí ardphointe nó ardéilimh agus ag an leibhéal iarchéime (múinte agus taighde). | RBATNE, an ÚAO, institiúidí ardoideachais, gníomhaireach taí cistiúcháin taighde | Méadú ar éagsúlacht i gcláir d'fhonn an daonra iomlán a léiriú. | Bunaíodh an chomhpháirtíocht LaunchPAD sa bhliain 2023 chun tacú le hionchuimsiú mac léinn iarchéime faoi mhíchumas san ardoideachas.<br><br>Ag eascairt as an gcomhpháirtíocht LaunchPAD, sheol Taighde Éireann treoirbheartas míchumais agus deontas forlíontach sa bhliain 2025 chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do mhic léinn a bhfuil míchumas orthu agus iad ag cur a gcuid taighde i gcrích. |
| **1.6** Breithniú a dhéanamh ar conas pobal níos éagsúla mac léinn a bhaint amach ar fud gach cláir agus gach leibhéil staidéir, idir chláir agus leibhéil fochéime agus chláir agus leibhéil iarchéime. | Roghanna soghluaisteachta Erasmus+ a chur chun cinn i measc na mac léinn go léir, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil níos lú deiseanna acu (ar aon dul leis na tosaíochtaí agus na spriocghrúpaí atá leagtha amach sa Chlár Erasmus+ 2021). | RBATNE, an ÚAO, institiúidí ardoideachais | An líon mac léinn atá ag glacadh páirt i gcláir shoghluaisteachta Erasmus+, lena n-áirítear iad siúd atá ag fáil tacaíochtaí breise. | Tá níos mó mac léinn ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste ag tabhairt faoi eispéireas soghluaisteachta idirnáisiúnta anois. Bunaithe ar shonraí na bliana 2023, bhí mic léinn nach raibh an oiread céanna deiseanna acu freagrach as 31% de na soghluaisteachtaí uile. Ba mhéadú é sin ó 23% sa bhliain 2021/22. |
| **1.7** Obair i dtreo fórsa saothair múinteoirí níos éagsúla trí thacú le cothromas rochtana, le rannpháirtíocht, agus le rath san oideachas tosaigh múinteoirí do ghrúpaí tosaíochta. | Breithniú a dhéanamh ar an tionchar atá ag tionscadail PATH 1 ar mhic léinn ó ghrúpaí tosaíochta agus ar a gcumas chun rochtain a fháil ar oideachas tosaigh múinteoirí, lena n-áirítear ceanglais ligin isteach a chomhlíonadh agus bacainní rochtana a shárú.<br><br>Tógáil ar na nithe a foghlaimíodh ó PATH 1, agus béim mhéadaithe á leagan ar luath-idirghabháil. | RBATNE, ROÓ, an ÚAO, an Chomhairle Mhúinteoireac hta | Tugtar léargas ar an gcaoi ar tacaíodh le grúpaí tosaíochta rochtain a fháil ar oideachas tosaigh múinteoirí i bhfionnachtana an mheasúnaithe ar thionchar shnáitheanna PATH.<br><br>Méadú ar an líon mac léinn ó ghrúpaí tosaíochta atá ar chláir Oideachais Tosaigh Múinteoirí thar thréimhse feidhme an Phlean. | Cuireadh measúnú neamhspleách ar thionchar shnáitheanna 1-3 den Chlár um Rochtain ar Ardoideachas (PATH) i gcrích sa bhliain 2024. Ag tógáil ar mholtaí an mheasúnaithe, aistríodh PATH 1 ó thionscnamh a bhí faoi theorainn ama ina thionscnamh a chistítear ar bhonn inbhuanaithe sa bhliain 2025, rud a chuireann ar chumas na n-institiúidí ardoideachais na nithe a foghlaimíodh ó na céimeanna cur chun feidhme roimhe a leabú. |

| Cuspóir | Gníomh | Freagracht | Príomhtháscaire Feidhmíochta | Gníomhartha a Rinneadh |
|---|---|---|---|---|
| **1.7** Obair i dtreo fórsa saothair múinteoirí níos éagsúla trí thacú le cothromas rochtana, le rannpháirtíocht, agus le rath san oideachas tosaigh múinteoirí do ghrúpaí tosaíochta. | Breithniú a dhéanamh ar fhionnachtana an staidéir fhadaimseartha ar chláir athchumraithe um oideachas tosaigh múinteoirí chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt beart chun tacú le soláthar, éagsúlacht agus coinneáil múinteoirí nuacháilithe. | ROÓ, an Chomhairle Mhúinteoireachta | Breithnítear na fionnachtana ó thaighde a choimisiúnaigh an Chomhairle Mhúinteoireachta agus an Roinn Oideachais. | An cúigiú cuspóir taighde de chuid an staidéir a choimisiúnaigh agus a chistigh an Chomhairle Mhúinteoireachta agus ROÓ i gcomhpháirt mar atá, Turais Ghairmiúla na Múinteoirí: An Céad Deich mBliana (2024-2030) is ea breithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le soláthar, éagsúlacht agus coinneáil múinteoirí le linn luathghairm na múinteoirí agus iad ag críochnú OTM agus ag bunú iad féin sa ghairm. |
| **1.8** Éagsúlacht a chur chun cinn san fhórsa saothair um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus um Chúram Leanaí ar Aois Scoile chun eiseamláirí a sholáthar do leanaí agus chun naisc le teaghlaigh agus pobail a chinntiú. | Sásra a fhorbairt agus a thabhairt isteach chun Oideoirí Luathbhlianta a chistiú chun tabhairt faoi chláir ag Leibhéal 7/8 i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige. | RLMC | Sásra nua cistiúcháin a bheith i bhfeidhm. Fórsa saothair atá faoi stiúir céimithe i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige faoin mbliain 2028. | **Tá an** Ciste um Chothú Scileanna Foghlaimeoirí i bhfeidhm anois sa treoirchéim. Tháinig méadú ar an gcion de bhaill foirne Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige a bhfuil cáilíochtaí acu ar Leibhéal 7 agus os a chionn, ó 25% sa bhliain 2019 go 39% sa bhliain 2024. |
| **1.8** Éagsúlacht a chur chun cinn san fhórsa saothair um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus um Chúram Leanaí ar Aois Scoile chun eiseamláirí a sholáthar do leanaí agus chun naisc le teaghlaigh agus pobail a chinntiú. | Meastóireacht a dhéanamh ar bhealaí éagsúla ligin isteach i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige i gcomhairle leis na Ranna iomchuí.<br><br>Feabhas a chur ar bhailiú sonraí agus ar thaighde ar éagsúlacht san fhórsa saothair um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus um Chúram Leanaí ar Aois Scoile chun feabhas a chur ar spriocshuíomhanna. | RLMC | Meastóireacht ar bhealaí féideartha ligin isteach agus ar chláir rochtana a bheith curtha i gcrích, agus gníomhartha a bheith déanta maidir le meastóireachtaí.<br><br>Sonraí bonnlíne a bheith bailithe agus spriocanna féideartha a bheith scrúdaithe. | Coimisiúnaíodh taighde ar Bhealaí Malartacha Ligin Isteach sa bhliain 2025.<br><br>Tá cur chun cinn ghairm Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus ghairm an Chúraim Leanaí ar Aois Scoile á fhorbairt faoi láthair.<br><br>Foilsíodh an Tuarascáil 'TALIS Starting Strong' i ráithe 4 den bhliain 2025. |
| **1.9** Tacú le mic léinn trí chláir chistiúcháin uilíocha agus spriocdhírithe. | Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar bhearta rochtana spriocdhírithe agus ar chláir rochtana spriocdhírithe chun aghaidh a thabhairt ar réimsí beartais tosaíochta. | RBATNE | An líon mac léinn a fhaigheann tacaíocht ó chistí spriocdhírithe, agus na torthaí cáilíochtúla gaolmhara. | Ó bhí an bhliain 2023/24 ann, tá Sparánachtaí 1916 faoi Chiseal 1 agus faoi Chiseal 2 atá comhchistithe ag CSE+ faighte ag 600 mac léinn. Tá 193 mhac léinn cláraithe i gcláir Chéim 2 de PATH 4 go dtí seo.<br><br>Sa bhliain 2024, thacaigh an Ciste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas le 21,328 mac léinn a bhfuil míchumas orthu.<br><br>Thacaigh an Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn le breis agus 22,400 mac léinn sa bhliain 2024/25. |

## Sprioc 2: Solúbthacht

| Cuspóir | Gníomh | Freagracht | Príomhtháscaire Feidhmíochta | Gníomhartha a Rinneadh |
|---|---|---|---|---|
| **2.1** Tacú le mic léinn ó ghrúpaí tosaíochta a dhéanann staidéar ar bhonn solúbtha, agus cleachtais sholúbtha teagaisc agus foghlama a chur chun cinn atá bunaithe ar chleachtais ionchuimsitheacha agus ar phrionsabail ionchuimsitheacha. | Breithniú a dhéanamh ar bhearta chun cabhrú le mic léinn ó ghrúpaí tosaíochta ar mian leo staidéar a dhéanamh ar bhonn páirtaimseartha nó solúbtha, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais dhíreach, seirbhísí do mhic léinn in institiúidí ardoideachais, agus na nithe a foghlaimíodh ó phaindéim COVID-19 a oiriúnú chun eispéireas cumaisc agus ionchuimsitheach mac léinn a chumasú bunaithe ar phrionsabail foghlama ionchuimsithí. | RBATNE, an ÚAO, IUA, TUA, institiúidí ardoideachais, QQI | Moladh a chur chun feidhme maidir le foghlaim pháirtaimseartha/sholúbtha a eascraíonn as Athbhreithniú ar an Scéim Deontas Mac Léinn.<br><br>Institiúidí ardoideachais a bheith ag tuairisciú go bliantúil don ÚAO ar chur chun feidhme an Phlean Rochtana Náisiúnta mar chuid den Phróiseas Idirphlé Straitéisigh.<br><br>An t-eolas is deireanaí a bheith á thabhairt ag NFETL don ÚAO maidir le cur chun feidhme an tionscadail earnála: Na Chéad Chéimeanna Eile don Teagasc agus don Fhoghlaim: Ag Dul ar Aghaidh le Chéile. | Tugadh scéim táillí do mhic léinn pháirtaimseartha isteach le haghaidh 62 chúrsa fochéime shonraithe sa bhliain 2024/25, agus méadaíodh í go 100 clár sa bhliain 2025/26. I mí na Nollag 2025, d'fhoilsigh an ÚAO Straitéis nua don Teagasc agus don Fhoghlaim, ina leagtar amach fís náisiúnta chun sármhaitheas sa teagasc agus san fhoghlaim a chur chun cinn ar fud an ardoideachais in Éirinn.Sa bhliain 2023, d'eisigh QQI Treoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta do Sholáthraithe Clár Cumaisc agus Clár atá go hIomlán ar Líne |
| **2.2** Tionscnaimh nascachta a shainaithint lena gcabhraítear le gach mac léinn páirt iomlán a ghlacadh sa chianfhoghlaim. | Tacaíochtaí nascachta a chur ar aghaidh tuilleadh trí bhearta a bhreithniú lena gcumasaítear rochtain níos mó agus níos forleithne ar idirlíon ardluais. | RBATNE, HEAnet | Méadú ar an líon láithreacha eduroam. | Tá eduroam ar fáil anois i mbreis agus 500 láthair ar fud na hÉireann, rud a léiríonn céim mhór chun cinn i dtreo nascacht dhigiteach a mhéadú do mhic léinn, do thaighdeoirí agus d'oideoirí. |
| **2.3** Iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí nua do ghrúpaí tosaíochta chun rochtain a fháil ar chláir agus chun feabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as aitheantas réamhfhoghlama. | Cur chuige náisiúnta a fhorbairt i leith aitheantas réamhfhoghlama agus i leith torthaí réamhfhoghlama eile. | RBATNE | Tionscadal aitheantais réamhfhoghlama arna chistiú ag an Tionscnamh Caipitil Dhaonna a bheith cur chun feidhme, lena n-áirítear an Creat Náisiúnta um Aitheantas Réamhfhoghlama a bheith curtha i bhfeidhm. Iniúchadh a bheith déanta ag QQI ar an gcur chuige náisiúnta i leith aitheantas réamhfhoghlama san oideachas treasach, agus an cur chuige sin a bheith foilsithe aige. | Tá beartais um aitheantas réamhfhoghlama ag gach institiúid ardoideachais chun feabhas a chur ar chonairí chuig an ardoideachas do chách. Ó bhí an bhliain 2020 ann, tá 14 institiúid ardoideachais ag obair i gcomhpháirt leis an Tionscadal Náisiúnta um Aitheantas Réamhfhoghlama san Ardoideachas arna chistiú ag an Tionscnamh Caipitil Dhaonna, agus é mar sprioc acu cur chuige comhsheasmhach i leith aitheantas réamhfhoghlama a chruthú agus a leabú ar fud an chórais ardoideachais. Cé go bhfuil an Tionscnamh Caipitil Dhaonna curtha i gcrích anois, leanadh den obair ón tionscadal um aitheantas réamhfhoghlama sa bhliain 2026, agus bhí tionchar aici ar bhreis agus 12,000 foghlaimeoir go dtí seo, a bhfuair an-chuid díobh rochtain ar an oideachas tríú leibhéal ar bhonn a bhfoghlama neamhfhoirmiúla agus a dtaithí oibre. Cuireadh oiliúint foirne in aitheantas réamhfhoghlama ar bhonn foirmiúil ar fud na n-institiúidí ardoideachais trí Shuaitheantas Digiteach don Aitheantas Réamhfhoghlama agus Foireann Uirlisí don Aitheantas Réamhfhoghlama a fhorbairt. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ar an suíomh Gréasáin priorlearning.ie. |

## Sprioc 3: Soiléire

| Cuspóir | Gníomh | Freagracht | Príomhtháscaire Feidhmíochta | Gníomhartha a Rinneadh |
|---|---|---|---|---|
| **3.1** Faisnéis agus gairmthreoir atá soiléir agus comh-sheasmhach, agus treoir maidir le tacaíochtaí airgeadais agus eile, a thabhairt do mhic léinn, do theaghlaigh agus do chomh-pháirtithe pobail. | Athbhreithniú a dhéanamh ar studentfinance.ie le comhairliúchán cuí le geallsealbhóirí chun a chinntiú go bhfreastalaítear leis ar riachtanais na ngrúpaí tosaíochta. | An ÚAO, RBATNE | An t-athbhreithniú a bheith curtha i gcrích agus an suíomh Gréasáin a bheith nuashonraithe. | Go dtí seo, ní dhearnadh aon dul chun cinn ar athbhreithniú ar studentfinance.ie toisc gur tugadh tús áite do ghníomhaíochtaí eile, lenar áiríodh Céim 2 de PATH 4. Déanfar dul chun cinn air sin sa dara céim de chur chun feidhme an Phlean Rochtana Náisiúnta, agus forbairtí gaolmhara á gcur san áireamh. |
| **3.1** Faisnéis agus gairmthreoir atá soiléir agus comh-sheasmhach, agus treoir maidir le tacaíochtaí airgeadais agus eile, a thabhairt do mhic léinn, do theaghlaigh agus do chomh-pháirtithe pobail. | Suíomh Gréasáin nua Qualifax a fhorbairt ar a dtabharfar faisnéis faoi dheiseanna foghlama, lena n-áirítear tacaíochtaí rochtana. | RBATNE, QQI | An t-athbhreithniú a bheith curtha i gcrích agus an suíomh Gréasáin a bheith nuashonraithe. | Leanann QQI le Qualifax a chur chun cinn ag raon leathan imeachtaí. |
| **3.1** Faisnéis agus gairmthreoir atá soiléir agus comh-sheasmhach, agus treoir maidir le tacaíochtaí airgeadais agus eile, a thabhairt do mhic léinn, do theaghlaigh agus do chomh-pháirtithe pobail. | Feabhas a chur ar fhaisnéis gairme agus ar uirlisí gairmthreorach do mhic léinn ó ghrúpaí tosaíochta ag gach céim de shaolré an oideachais. | ROÓ, RBATNE, RLMC, Tusla | Torthaí ar dhul chun cinn a dhéanamh ar chur chun feidhme an Athbhreithnithe ar Ghairmthreoir, 2019.Feabhas a bheith curtha ar an uirlis Right Course. Acmhainní treorach do threoirthionscadail lena dtacaítear le haistrithe do mhic léinn ó ghrúpaí tosaíochta. | Seoladh an suíomh Gréasáin NurturingSkills.ie i mí na Bealtaine 2025, agus is mol lárnach é le haghaidh faisnéis gairme agus acmhainní oiliúna i réimse Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus i réimse an Chúraim Leanaí ar Aois Scoile.<br><br>Foilsíodh an Creat Straitéiseach Náisiúnta um Threoir ar feadh an tSaoil (2024 – 2030) agus plean gníomhaíochta tionlacain i mí na Nollag 2023. Bhí sé mar aidhm leis sin tacú agus treisiú le treoir ar feadh an tsaoil in Éirinn, agus chuir sé leis an Tuarascáil ar Ghairmthreoir, 2019, ó Indecon. Foilsíodh dhá thuarascáil ar dhul chun cinn – ceann amháin sa bhliain 2025, agus ceann amháin sa bhliain 2026.<br><br>Tá sé mar aidhm leis an bPlean um Sheirbhísí Poiblí Digiteacha 100% de na príomhsheirbhísí poiblí a chur ar fáil ar líne. Baineann ceann de na seirbhísí a leagtar amach sa phlean le faisnéis agus treoir a sholáthar maidir le hoideachas treasach, agus is é an aidhm go mbeidh sí sin ar fáil go hiomlán ar líne faoin mbliain 2030. |
| **3.2** Tuilleadh comhordaithe agus comh-sheasmhachta a chinntiú maidir le hobair réamhligin isteach agus meantóireachta ar fud institiúidí ardoideachais | Grúpa oibre a bhunú ar fud an chórais ardoideachais lena mbaineann comhairliúchán le geallsealbhóirí agus le comhpháirtithe pobail chun cur chuige comhleanúnach i leith réamhligean isteach agus i leith meantóireachta a bhreithniú. | ROÓ, RBATNE, an ÚAO, institiúidí ardoideachais, SOLAS, RLMC, CNOS | Tacar comhaontaithe prionsabal dea-chleachtais. | Go dtí seo, níor tuairiscíodh aon dul chun cinn ar an ngníomh seo. |

| Cuspóir | Gníomh | Freagracht | Príomhtháscaire Feidhmíochta | Gníomhartha a Rinneadh |
|---|---|---|---|---|
| **3.3** Próisis atá oiriúnach do mhic léinn a fhorbairt, agus struchtúir rochtana atá ann cheana a ailíniú. | Saoráid láraithe iarratais agus measúnaithe a chur chun feidhme do PATH 2 – Ciste Sparánachtaí 1916, lena n-áirítear comhordaitheoir PATH a cheapadh agus feachtas cur chun cinn a chur i bhfeidhm. | RBATNE, IUA | Saoráid láraithe iarratais agus measúnaithe do PATH 2 a bheith i mbun oibre. | Forbraíodh Saoráid Láraithe Iarratais agus Measúnaithe (CAAF) do Chiste Sparánachtaí 1916 faoi PATH 2 sa bhliain 2023, agus tá sí á hóstáil ag SUSI.<br><br>Tá Comhordaitheoir nua PATH 2 lonnaithe in SUSI ó bhí an bhliain 2025 ann. |

## Sprioc 4: Comhleanúnachas

| Cuspóir | Gníomh | Freagracht | Príomhtháscaire Feidhmíochta | Gníomhartha a Rinneadh |
|---|---|---|---|---|
| **4.1** Comhpháirtíochtaí straitéiseacha agus cineálacha straitéiseacha cur chuige a fhorbairt i leith tacú le rochtain, le rannpháirtíocht agus le rath ag mic léinn ó ghrúpaí tosaíochta. | Tógáil ar chomhpháirtíochtaí agus conairí comhoibríocha idir an earnáil breisoideachais agus oiliúna, an earnáil ardoideachais, soláthraithe oideachais pobail, comhpháirtithe pobail, agus fostóirí agus iad a fheabhsú mar chuid d'fhorbairt PATH amach anseo. | RBATNE, an ÚAO, SOLAS, institiúidí ardoideachais, RFTPG, geallsealbhóirí eile de réir mar is cuí | Rannpháirtíocht mhéadaithe ag mic léinn ó ghrúpaí tosaíochta.Fianaise ar chomhpháirtíochtaí a bheith i bhfeidhm, agus torthaí ann do mhic léinn ó ghrúpaí tosaíochta. | Tá comhoibriú i gcroílár gach ceann de na cúig shnáithe ar leith de PATH. Le deimhniú an chistiúcháin inbhuanaithe do PATH 1 agus do PATH 3, agus leis an bhfadú bliana le PATH 5, tacófar le hinstitiúidí ardoideachais comhpháirtíochtaí a fheabhsú agus a neartú ar leibhéal an phobail agus ar an leibhéal réigiúnach. |
| **4.2** Cur chuige uile-oideachais a fhorbairt i leith ionchuimsiú san oideachas, agus an gá atá ann spriocdhíriú ar mhic léinn tráth níos luaithe sa timthriall oideachais. | Na múinteoirí uile a ullmhú chun pobal scoile éagsúil a theagasc agus chun tacú le mic léinn aistriú chuig an mbreisoideachas agus chuig an ardoideachas. | ROÓ, an Chomhairle Mhúinteoireachta, RBATNE, CNOS | Faisnéis a bheith bailithe faoin tslí a bhfuil an chroíghné den oideachas ionchuimsitheach, mar atá mínithe in 'Céim: Caighdeáin d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí', á cur chun feidhme ar fud na gclár OTM uile ar an dara timthriall creidiúnúcháin clár a chur i gcrích. | Cuireadh an dara timthriall creidiúnúcháin de chuid na Comhairle Múinteoireachta i gcrích i mí Eanáir 2024 agus, mar thoradh air sin, chuir an Chomhairle Mhúinteoireachta tuarascáil i gcrích a comhroinneadh le ROÓ, a raibh díriú ar leith inti ar Oideachas Ionchuimsitheach agus ar Oideachas Saoránachta Domhanda, agus ar an obair atá á déanamh faoi láthair leis na soláthraithe OTM sa réimse sin. Léiríodh samplaí de dhea-chleachtas sa tuarascáil agus úsáidfear í chun bonn eolais a chur faoi threo an Athbhreithnithe ar Céim, rud ar cuireadh tús leis i ráithe 4 den bhliain 2025. |
| **4.2** Cur chuige uile-oideachais a fhorbairt i leith ionchuimsiú san oideachas, agus an gá atá ann spriocdhíriú ar mhic léinn tráth níos luaithe sa timthriall oideachais. | Struchtúr a chur i bhfeidhm le haghaidh teagmháil fhoirmiúil maidir le haistrithe ón iar-bhunscoil chuig an mbreisoideachas agus chuig an ardoideachas, agus scrúdú a dhéanamh ar aistrithe chuig an mbreisoideachas | RBATNE, ROÓ, QQI, CNOS | Struchtúr a bheith i bhfeidhm.Prionsabail chomhchoiteanna agus cur chuige comhordaithe i leith an ionchuimsithe a bheith forbartha, rud a thacaíonn le mic léinn ó ghrúpa tosaíochta ag gach céim den timthriall oideachais. | I ráithe 1 den bhliain 2025, bunaíodh, ar leibhéal oifigiúil, grúpa oibre idir-rannach maidir le hAistrithe agus le Conairí idir ROÓ agus RBATNE. Tá an grúpa ina fhóram le haghaidh comhroinnt faisnéise agus le haghaidh cur chuige comhchoiteann a fhorbairt i leith raon leathan saincheisteanna a bhaineann le haistrithe ón oideachas meánscoile chuig an oideachas treasach. Leanann an grúpa de theacht le chéile ar bhonn tráthrialta. |

| Cuspóir | Gníomh | Freagracht | Príomhtháscaire Feidhmíochta | Gníomhartha a Rinneadh |
|---|---|---|---|---|
| | agus chuig an ardoideachas agus laistigh den bhreisoideachas agus den ardoideachas – agus díriú ar leith á leagan sa dá chás ar mhic léinn ó ghrúpaí tosaíochta. | | Comhroinnt sonraí maidir le dul chun cinn ó chéimeanna éagsúla sa timthriall oideachais a bheith i bhfeidhm. | Faoin bPlean um Sheirbhísí Poiblí Digiteacha 2030, tá RBATNE i gceannas ar sheirbhís "teagmhas saoil" a fhorbairt atá dírithe ar an aistriú ón dara leibhéal chuig an tríú leibhéal. Is é an cuspóir go mbeadh sé níos iomasaí d'úsáideoirí rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi sheirbhísí poiblí iomchuí agus iarratas a dhéanamh orthu ag an bpointe riachtanais. Samhlaítear go gcuimseofar sa teagmhas saoil maidir le haistrithe faisnéis faoi chonairí éagsúla oideachais, in éineacht le tacaíochtaí do mhic léinn. Bunaíodh grúpa rialachais don tseirbhís teagmhas saoil i ráithe 1 den bhliain 2026, ar a raibh comhlachtaí poiblí a sholáthraíonn seirbhísí iomchuí agus geallsealbhóirí tábhachtacha eile. |
| **4.2** Cur chuige uile-oideachais a fhorbairt i leith ionchuimsiú san oideachas, agus an gá atá ann spriocdhíriú ar mhic léinn tráth níos luaithe sa timthriall oideachais. | Straitéis Oideachais don Lucht Siúil a fhorbairt agus a chur chun feidhme faoin Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach (NTRIS), ag tógáil ar an bPlean Gníomhaíochta le haghaidh Rannpháirtíocht an Lucht Siúil in Ardoideachas a Mhéadú 2019-2021 agus ar chur i bhfeidhm an chistiúcháin ó Chiste na gCuntas Díomhaoin chun tacú le rannpháirtíocht daoine den Lucht Siúil agus ón bpobal Romach san ardoideachas. | RLMC, ROÓ, RBATNE | An Straitéis Oideachais don Lucht Siúil a bheith foilsithe.<br><br>Torthaí ar chistiú PATH agus ar chistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin. | Tá an t-oideachas ina phríomhthéama faoin dara Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach 2024-2028, a dtacaíonn an Straitéis Oideachais don Lucht Siúil agus na Romaigh 2024-2030 (TRES) léi.<br><br>Bhí tionchar dearfach an Chistithe ó Chiste na gCuntas Díomhaoin a soláthraíodh chun tacú le rannpháirtíocht an Lucht Siúil agus an phobail Romaigh san ardoideachas mar bhonn eolais faoi thabhairt isteach chlár trí bliana PATH 5 sa bhliain 2023. Deimhníodh fadú bliana le PATH 5 ag deireadh na bliana 2025. |
| **4.2** Cur chuige uile-oideachais a fhorbairt i leith ionchuimsiú san oideachas, agus an gá atá ann spriocdhíriú ar mhic léinn tráth níos luaithe sa timthriall oideachais. | Tacú le cothromas rochtana ar Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige tríd an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú, agus acmhainní a spriocdhíriú chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna míbhuntáiste shocheacnamaíoch. | RLMC | Moltaí na Meastóireachta ar an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú a bheith curtha chun feidhme nuair a bheidh sí tugtha chun críche.<br><br>Beartas agus plean cur chun feidhme a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna míbhuntáiste i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige, lena n-áireofar díriú ar aistrithe. | Foilsíodh meastóireacht neamhspleách ar an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú i mí Eanáir 2024. Bunaithe ar fhionnachtana na meastóireachta, tá an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú á leathnú anois ar bhonn céimnithe de réir mar a chuirtear cistiú ar fáil. Ó mhí Mheán Fómhair 2024 i leith, tá tacaíochtaí spriocdhírithe na Samhla um Rochtain agus Cuimsiú ar fáil do leanaí atá incháilithe le haghaidh Chúram agus Oideachas na Luath-Óige lasmuigh d'uaireanta Chúram agus Oideachas na Luath-Óige – le linn an téarma agus le linn tréimhsí saoire araon.<br><br>Is é is Tús Cothrom ann ná samhail cistiúcháin agus tacar beart uilíoch agus spriocdhírithe gaolmhar chun tacú le rochtain ar fhoghlaim agus cúram na luathóige agus ar chúram leanaí ar aois scoile, agus le rannpháirtíocht fhiúntach iontu sin, do leanaí agus dá dteaghlach atá thíos le míbhuntáiste. Seoladh Tús Cothrom i mí na |

| Cuspóir | Gníomh | Freagracht | Príomhtháscaire Feidhmíochta | Gníomhartha a Rinneadh |
|---|---|---|---|---|
| | | | | Bealtaine 2024 agus cuireadh tús leis an gcur i bhfeidhm tosaigh i mí Mheán Fómhair 2024.<br><br>Foilseoidh an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais, agus an Roinn Oideachais agus Óige ráiteas Beartais Náisiúnta um Aistrithe go luath. Ina dhiaidh sin, coimisiúnóidh RLMC achoimre taighde neamhspleách chun achoimre a dhéanamh ar an taighde is déanaí agus is ábhartha ar aistrithe agus chun samhlacha dea-chleachtais a shainaithint.<br><br>Tabharfar breac-chuntas i bplean cur chun feidhme ina dhiaidh sin ar na héilimh atá á gcur ar sheirbhísí Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige agus ar scoileanna chun ligean isteach faoi thacaíocht a chinntiú do gach leanbh i ngach céim d'oideachas na luath-óige agus trí gach céim d'oideachas na luath-óige agus ina dhiaidh sin. |
| **4.3** Comhoibriú a fhorbairt idir ranna rialtais agus gníomhaireachtaí rialtais chun cur chuige uile-rialtais a chinntiú i leith deireadh a chur le bacainní ar rochtain, ar rannpháirtíocht, agus ar rath. | Sineirgí a neartú idir an Plean agus cineálacha cur chuige uile-oideachais threasaigh agus straitéisí náisiúnta iomchuí.<br><br>Áirítear leo sin an Treochlár um Chuimsiú Sóisialta, an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais, an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach, an Straitéis maidir le Lánpháirtiú Imirceach dar teideal 'Working to Change', agus an Straitéis maidir leis an Easpa Dídine i measc an Aosa Óig, nuair a bheidh sí forbartha. | RBATNE, i gcomhpháirt le ranna eile rialtais agus le gníomhaireachtaí rialtais | Ionadaíocht a bheith ag RBATNE ar ghrúpaí, agus ionchur a bheith ag RBATNE i straitéisí.Naisc struchtúrtha le comhlachtaí réigiúnacha, le heagraíochtaí pobail, agus le hinstitiúidí ardoideachais. | Tá ionadaíocht ag RBATNE ar gach grúpa atá liostaithe agus freastalaíonn sé go tráthrialta ar chruinnithe na ngrúpaí sin i gcás go bhfuil siad fós ag feidhmiú, agus rannchuidíonn sé leis an mbeartas rialtais. |

## Sprioc 5: Inbhuanaitheacht

| Cuspóir | Gníomh | Freagracht | Príomhtháscaire Feidhmíochta | Gníomhartha a Rinneadh |
|---|---|---|---|---|
| **5.1** Córas ardoideachais a fhorbairt a chisteofar go hinbhuanaithe agus lena dtacófar le cuspóirí agus gníomhartha an Phlean seo. | Acmhainneacht a fhothú laistigh d'institiúidí ardoideachais chun tacú le cothromas rochtana agus le rath mac léinn do ghrúpaí tosaíochta. | RBATNE | Fianaise ar thacaíochtaí méadaithe do mhic léinn agus ar sholúbthacht a eascraíonn as acmhainní méadaithe d'institiúidí ardoideachais. | Tháinig feabhas suntasach ar an gcistiú don earnáil ardoideachais le blianta beaga anuas. Fuarthas €9.6 milliún breise i mBuiséad 2026 mar chroíchistiú ón Státchiste faoi 'An Todhchaí a Chistiú' agus, in éineacht leis an méid €164.4 milliún a fuarthas i mBuiséid 2023, 2024 agus 2025, fágann sé sin go bhfuil an croíchistiú breise iomlán a soláthraíodh go dtí seo cothrom le €174 mhilliún.<br><br>Soláthrófar croíchistiú breise ab fhiú €100 milliún faoi dheireadh na deacáide ón gCiste Náisiúnta Oiliúna.<br><br>Líonfar an bhearna cistiúcháin atá fágtha, atá cothrom le thart ar €33 mhilliún, trí chistiú ón Státchiste i mbuiséid amach anseo. Táthar ag súil go bhfaighfear an cistiú breise sin ón Státchiste chun gealltanais a chistiú chun tosaíochtaí amhail áiteanna leighis agus cláir threasacha a chomhlíonadh.<br><br>Tá leibhéal an mhéadaithe, go háirithe i bhfianaise éilimh eile ar chistiú ón Státchiste, ina léiriú ar an ngealltanas ón Rialtas a chur ar chumas na hearnála a hacmhainneacht a bhaint amach go hiomlán. |
| **5.2** Cistiú a chothú agus tionscnaimh agus gníomh-aíochtaí a fhorbairt lena mbaineann comh-pháirtíochtaí ardoideachais agus pobail, a chistítear trí chláir atá faoi theorainn ama. | Meastóireacht a dhéanamh ar an tionchar atá ag treoirthionscadail a chistítear trí chláir atá faoi theorainn ama chun cabhrú le tionscadail éifeachtacha a shainaithint ionas go leanfar de na tionscadail sin trí chroíchistiú. | RBATNE, institiúidí ardoideachais, an ÚAO | Tionscadail a bhfuil tionchar acu a bheith á gcothú trí chroíchistiú.<br><br>Cuireadh measúnú ar thionchar PATH i gcrích. | De bharr na moltaí laistigh den mheasúnú neamhspleách ar thionchar shnáitheanna 1-3 den Chlár um Rochtain ar Ardoideachas (PATH), d'aistrigh PATH 1 agus PATH 3 chuig samhlacha cistiúcháin inbhuanaithe sa bhliain 2025. |
| **5.2** Cistiú a chothú agus tionscnaimh agus gníomh-aíochtaí a fhorbairt lena mbaineann comh-pháirtíochtaí ardoideachais agus pobail, a chistítear trí chláir atá faoi theorainn ama. | Iniúchadh a dhéanamh ar conas is féidir leis an earnáil ardoideachais caidreamh níos fearr a dhéanamh le comhpháirtithe amhail scoileanna DEIS, soláthraithe breisoideachais, grúpaí pobail agus deonacha, tionscnaimh áitiúla atá ann cheana chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil, agus Coistí Forbartha Pobail Áitiúil (LCDCanna). | RBATNE, ROÓ, SOLAS, RFTPG, RLMC | Comhpháirtíocht mhéadaithe idir institiúidí ardoideachais agus comhpháirtithe chun tacú le haistrithe chuig an ardoideachas agus le haistrithe laistigh den ardoideachas.<br><br>An clár PATH a bheith curtha i bhfeidhm. Ionadaíocht a bheith ag institiúidí ardoideachais ar Choistí Forbartha Pobail Áitiúil. | Is é atá i gcláir threasacha, a seoladh den chéad uair i mí Iúil 2023, ná cineál nua soláthair oideachais lena dtugtar deis do mhac léinn tús a chur le cúrsa céime sa bhreisoideachas agus aistriú ansin chun a c(h)éim a chríochnú i suíomh ardoideachais. Amhail ó Bhuiséad 2026, leithdháiltear €4 mhilliún in aghaidh na bliana chun cláir threasacha a fhorbairt.<br><br>Tá ligean isteach i gcláir threasacha lasmuigh de chóras na Lár-Oifige Iontrála, rud a sholáthraíonn conair mhalartach chuig céim do dhaoine aonair ar féidir nach bhfuair siad na pointí riachtanacha lena ligean isteach i gcúrsa a bhfuil dúspéis acu ann. Aidhm eile atá leis an gconair threasach is ea rochtain ar an ardoideachas a mhéadú dóibh siúd atá eisiata ón gconair thraidisiúnta.<br><br>Tá 48 gcúrsa san iomlán ar siúl don bhliain acadúil 2025/26, lena n-áirítear cúrsaí nua i dteiripe shaothair, in altranas, i gcúram sóisialta agus sna healaíona cruthaitheacha. |

| Cuspóir | Gníomh | Freagracht | Príomhtháscaire Feidhmíochta | Gníomhartha a Rinneadh |
|---|---|---|---|---|
| **5.3** Cistiú a leathnú chun aghaidh a thabhairt ar an gcostas a bhaineann le freastal ar an gcoláiste agus chun staidéar páirt-aimseartha a éascú do mhic léinn atá faoi mhí-bhuntáiste soch-eacnamaíoch ó ghrúpaí tosaíochta. | Na moltaí ón Athbhreithniú ar an Scéim Deontas Mac Léinn a chur chun feidhme maidir le haghaidh a thabhairt ar an gcostas a bhaineann le freastal ar an gcoláiste agus maidir le breithniú a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais dhíreach bhreise a thabhairt do mhic léinn ó ghrúpaí tosaíochta faoin gclár PATH.<br><br>Breithniú a dhéanamh ar bhearta chun cabhrú le mic léinn ó ghrúpaí tosaíochta ar mian leo staidéar a dhéanamh ar bhonn páirtaimseartha nó solúbtha, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais dhíreach. | RBATNE | Méadú ar Dheontais Neamhchóngaracha, ar Dheontais Ráta Speisialta agus ar Dheontais Chothabhála Bhanda A, agus deiseanna méadaithe d'fhochéimithe ó ghrúpaí tosaíochta leanúint ar aghaidh le staidéar iarchéime. Méadú ar Sparánachtaí PATH.<br><br>Moladh a chur chun feidhme maidir le foghlaim pháirtaimseartha/sholúbtha a eascraíonn as Athbhreithniú ar an Scéim Deontas Mac Léinn. | Leathnaíodh an Scéim Deontas Mac Léinn go mór le méaduithe ar na deontais neamhchóngaracha, ar na deontais ráta speisialta, agus ar na deontais chothabhála.<br><br>Tugadh scéim táillí páirtaimseartha isteach do chúrsaí fochéime sonraithe sa bhliain 2024/25.<br><br>Athbhunaíodh deontais chothabhála do mhic léinn iarchéime.<br><br>Le tacaíocht ó chomhchistiú CSE+, tháinig méadú ar an líon Sparánachtaí faoi PATH 2 a bhronntar gach bliain go 600 sparánacht sa bhliain 2023/24 |

## Sprioc 6: Cur chuige fianaisebhunaithe

| Cuspóir | Gníomh | Freagracht | Príomhtháscaire Feidhmíochta | Gníomhartha a Rinneadh |
|---|---|---|---|---|
| **6.1** An bonn fianaise a fhorbairt le haghaidh rochtain ionchuimsitheach, rannpháirtíocht ionchuimsitheach agus rath ionchuimsitheach chun bonn eolais a chur faoi bheartas agus pleanáil amach anseo. | Cruinnithe tráthrialta a eagrú idir RBATNE, an ÚAO, institiúidí ardoideachais, agus comhpháirtithe eile chun faisnéis agus an dea-chleachtas a chomhroinnt. | RBATNE, an ÚAO, institiúidí ardoideachais | An Fóram Rochtana Náisiúnta bliantúil, imeachtaí bliantúla pobail cleachtais, an Grúpa Stiúrtha um Chur Chun Feidhme, Grúpa Stiúrtha Rochtana IUA, agus Grúpa Comhairleach SUSI. | Eagraítear cruinnithe tráthrialta idir geallsealbhóirí. Áirítear leo sin Grúpa Stiúrtha Náisiúnta an Phlean Rochtana Náisiúnta, an Fóram Rochtana Náisiúnta bliantúil, agus imeachtaí Pobail Cleachtais de chuid Chéim 2 de PATH 4. Ina theannta sin, tagann geallsealbhóirí le chéile trí Ghrúpa Ceannairí Rochtana IUA agus trí imeachtaí eile a eagraíonn an earnáil. |
| **6.1** An bonn fianaise a fhorbairt le haghaidh rochtain ionchuimsitheach, rannpháirtíocht ionchuimsitheach agus rath ionchuimsitheach chun bonn eolais a chur faoi bheartas agus pleanáil amach anseo. | Plean Sonraí Rochtana nua a ullmhú lena bhfreastalófar ar riachtanais an Phlean seo, agus comhaontuithe comhroinnte sonraí a bhreithniú chun tacú lena chur chun feidhme. | RBATNE, an ÚAO | Plean Sonraí Rochtana nua agus bonn fianaise feabhsaithe le haghaidh déanamh beartas a bheith forbartha agus curtha chun feidhme. | Foilsíodh an dara Plean Sonraí Rochtana i mí na Samhna 2025. Tá plean cur chun feidhme á fhorbairt ag an ÚAO agus ag RBATNE mar fhreagairt do mholtaí na tuarascála. |
| **6.2** Meastóireacht agus faireachán a dhéanamh ar an tionchar atá ag tionscnaimh rochtana agus ionchuimsithe. | Measúnú a dhéanamh ar thionchar shnáitheanna 1, 2 agus 3 de PATH. | RBATNE, an ÚAO | Moltaí maidir le measúnú tionchair a bheith curtha chun feidhme. | Cuireadh measúnú neamhspleách ar thionchar shnáitheanna 1-3 den Chlár um Rochtain ar Ardoideachas (PATH) i gcrích i mí Iúil 2024. Ina dhiaidh sin, d'fhorbair an ÚAO agus RBATNE Plean Cur Chun Feidhme mar fhreagairt do na moltaí ón measúnú. |
| **6.2** Meastóireacht agus faireachán a dhéanamh ar an tionchar atá ag tionscnaimh rochtana agus ionchuimsithe. | A chinntiú go léireofar sna nuashonruithe ar an gCreat Feidhmíochta Córais Ardoideachais na nithe a foghlaimíodh ó chur chun feidhme an Phlean seo. | RBATNE, an ÚAO | Fís an phlean a bheith léirithe sa Chreat Feidhmíochta Córais nua. | Cuimsítear sa Chreat Feidhmíochta Córais 2023-28 ceithre cholún agus sraith trasnaithe lena léirítear tosaíochtaí agus torthaí náisiúnta ar leibhéal an chórais don chóras ardoideachais agus taighde. Tá Rochtain agus Rannpháirtíocht ar cheann de na ceithre cholún sa chreat sin, agus ní mór d'institiúidí ardoideachais tuairisciú gach bliain ar dhul chun cinn ar an gcolún sin. |

## Nótaí



HEA | An tÚdarás um Ard-Oideachas
The Higher Education Authority

Higher Education Authority
3 Shelbourne Buildings
Crampton Avenue
Shelbourne Road
Ballsbridge
D04 C2Y6

Contact
Phone: +353 1 231 7100
Email: info@hea.ie
www.hea.ie